



Uimhir 30 de 2014

AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 2014

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1. Lua agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. Rialacháin agus orduithe
4. Caiteachais
5. Aisghairm

CUID 2

COMHLACHTAÍ SAORÁLA FAISNÉISE

6. Comhlachtaí poiblí
7. Comhlachtaí forordaithe

CUID 3

CEARTA I NDÁIL LE TAIFID

CAIBIDIL 1

Cearta ginearálta i ndáil le taifid agus breitheanna

8. Faisnéis i dtaobh comhlachtaí saorála faisnéise a fhoilsiú
9. Leasú ar thaifid a bhaineann le faisnéis phearsanta
10. Ceart duine chun faisnéise maidir le gníomhartha comhlachtaí saorála faisnéise a dhéanann difear don duine

CAIBIDIL 2

Iarrataí Saorála Faisnéise

11. Rochtain ar thaifid
12. Iarrataí ar rochtain ar thaifid
13. Breitheanna maidir le hiarrataí saorála faisnéise agus fógra a thabhairt maidir le breitheanna
14. An tréimhse ama a fhadú chun iarrataí saorála faisnéise a bhreithniú
15. Diúltú ar fhorais riaracháin géilleadh d'iarrataí saorála faisnéise
16. Rochtain ar thaifid a iarchur
17. Modh rochtana ar thaifid
18. Rochtain ar chodanna de thaifid
19. Breitheanna a mheasfar a bheith tugtha i gcásanna áirithe
20. Feidhmeanna áirithe de chuid ceann a tharmligean

CAIBIDIL 3

Athbheithniú Inmheánach

21. Cinn d'athbheithniú breitheanna faoi Chaibidlí 1 agus 2

CAIBIDIL 4

Athbheithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise

22. An Coimisinéir d'athbheithniú breitheanna
23. An Coimisinéir do dhéanamh iarrataí ar fhaisnéis bhreise

CAIBIDIL 5

Achomharc chun na hArd-Chúirte

24. Achomharc chun na hArd-Chúirte, etc.

CAIBIDIL 6

Ilghnéitheach

25. Réamhchúraimí ag an Ard-Chúirt agus ag an gCoimisinéir in aghaidh faisnéis áirithe a nochtadh
26. Bac ar bhreitheanna áirithe
27. Táillí agus muirir

CUID 4

TAIFID DHÍOLMHAITHE

28. Cruinnithe den Rialtas
29. Pléití comhlachtaí saorála faisnéise
30. Feidhmeanna agus caibidlí comhlachtaí saorála faisnéise
31. Cúrsaí parlaiminte agus cúirte agus nithe áirithe eile
32. Forfheidhmiú an dlí agus sábháilteacht an phobail
33. Slándáil, cosaint agus caidreamh idirnáisiúnta
34. Breitheanna áirithe de bhun ailt 32 agus 33 a bheith dochloíte
35. Faisnéis a fhaightear i modh rúin
36. Faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de
37. Faisnéis phearsanta
38. Nós imeachta i ndáil le hiarrataí saorála faisnéise áirithe a bhfuil feidhm ag alt 35, 36 nó 37 maidir leo
39. Taighde agus acmhainní nádúrtha
40. Leasanna airgeadais agus eacnamaíochta an Stáit
41. Achtacháin a bhaineann le neamhnochtadh taifead

CUID 5

SRIAN LEIS AN ACHT

42. Srian leis an Acht

CUID 6

AN COIMISINÉIR FAISNÉISE

43. Oifig an Choimisinéara Faisnéise do leanúint i bhfeidhm
44. Athbhreithniú ar oibriú an Achta agus imscrúduithe ag an gCoimisinéir
45. Cumhachtaí an Choimisinéara
46. An Coimisinéir d'fhoilsiú tráchttaireachtaí maidir le feidhm phraiticiúil, etc., an Achta
47. Tuarascálacha ón gCoimisinéir

CUID 7

ILGHNÉITHEACH

48. Cód cleachtais agus treoirlínte
49. Díolúine ó imeachtaí dlíthiúla
50. Leasú ar Acht an Bhainc Cheannais, 1942
51. Leasú ar an Acht um Rúin Oifigiúla, 1963
52. Cion agus pionós
53. Imeachtaí i leith cionta
54. Cosaint
55. Forálacha idirthréimhseacha

SCEIDEAL 1

Cuid 1

GNÍOMHAIREACHTAÍ A CHUIMSÍTEAR GO PÁIRTEACH

Cuid 2

GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍOLMHAITHE

SCEIDEAL 2

AN COIMISINÉIR FAISNÉISE

SCEIDEAL 3

ACHTACHÁIN A EISIATAR Ó FHEIDHM ALT 41

Cuid 1

REACTANNA

Cuid 2

IONSTRAIMÍ REACTÚLA

SCEIDEAL 4

AISGHAIRM

Cuid 1

REACTANNA

Cuid 2

IONSTRAIMÍ REACTÚLA

[2014.]

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

[Uimh. 30.]

SCEIDEAL 5

IONSTRAIMÍ REACTÚLA A LEANANN I BHFEIDHM

NA hACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

An tAcht Uchtála, 2010 (Uimh. 21)
 An tAcht Talmhaíochta (Taighde, Oilíúint agus Comhairle), 1988 (Uimh. 18)
 An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Leasú), 1998 (Uimh. 24)
 An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987 (Uimh. 6)
 An tAcht um an mBord Bia, 1994 (Uimh. 22)
 An tAcht Ealaíon, 2003 (Uimh. 24)
 An tAcht um Rialáil Eitlíochta, 2001 (Uimh. 1)
 Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (Uimh. 22)
 Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach), 2011 (Uimh. 27)
 Acht na Leanaí, 2001 (Uimh. 24)
 An tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ighnéitheacha), 2011 (Uimh. 23)
 An tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004 (Uimh. 3)
 Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 (Uimh. 46)
 Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005
 An tAcht um Chomhairle, 2000 (Uimh. 1)
 An tAcht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, 2000 (Uimh. 7)
 An tAcht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004 (Uimh. 23)
 An tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011 (Uimh. 3)
 An tAcht um Rialáil Cumarsáide, 2002 (Uimh. 20)
 Achtanna na gCuideachtaí
 Na hAchtanna um an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, 1923 go 1993
 An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 (Uimh. 19)
 An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (Uimh. 28)
 An tAcht Cróinéirí, 1962 (Uimh. 9)
 An tAcht um Thuairiscíú Creidmheasa, 2013 (Uimh. 45)
 An tAcht um Cheartas Coiriúil (Súomh Taisí Íospartach), 1999 (Uimh. 9)
 An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009 (Uimh. 19)
 An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 (Uimh. 2)
 An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006 (Uimh. 11)
 An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 (Uimh. 25)
 Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003
 An tAcht Cosanta, 1954 (Uimh. 18)
 Acht na bhFiaclóirí, 1985 (Uimh. 9)
 An tAcht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003 (Uimh. 23)
 An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 (Uimh. 15)
 An tAcht Oideachais, 1998 (Uimh. 51)
 An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 (Uimh. 23)
 Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2011
 An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 (Uimh. 7)
 Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2012
 An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 (Uimh. 2)
Exchequer and Audit Department Acts, 1866 agus 1921
 An tAcht fán nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001 (Uimh. 54)
 An tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 (Uimh. 29)
 An tAcht Foraoiseachta, 1988 (Uimh. 26)
 An tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003 (Uimh. 9)
 An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Uimh. 13)

[2014.]

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

[Uimh. 30.]

Acht an Gharda Síochána, 2005 (Uimh. 20)
An tAcht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002 (Uimh. 10)
An tAcht Gáis, 1976 (Uimh. 30)
An tAcht Cuanta, 1996 (Uimh. 11)
An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006 (Uimh. 17)
An tAcht Sláinte, 1947 (Uimh. 28)
An tAcht Sláinte, 2004 (Uimh. 42)
An tAcht Sláinte, 2007 (Uimh. 23)
An tAcht Árachais Sláinte, 1994 (Uimh. 16)
An tAcht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013 (Uimh. 33)
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002 (Uimh. 9)
An tAcht um an gCoimisiún Neamhspleách Faireacháin, 2003 (Uimh. 40)
An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1986 (Uimh. 9)
An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1993 (Uimh. 19)
An tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Uimh. 26)
An tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Uimh. 14)
An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Uimh. 19)
Na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2012
An tAcht um Iascach Intíre, 2010 (Uimh. 10)
An tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993 (Uimh. 10)
An tAcht Léiriúcháin, 2005 (Uimh. 23)
An tAcht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993 (Uimh. 29)
An tAcht um Bord Scannán na hÉireann, 1980 (Uimh. 36)
An tAcht um Thionscal Rásaíochta Capall na hÉireann, 1994 (Uimh. 18)
An tAcht um Bord Leigheasra na hÉireann, 1995 (Uimh. 29)
An tAcht um Áiseanna Saothair, 1987 (Uimh. 15)
An tAcht fán Ombudsman um Sheirbhísí Dlí, 2009 (Uimh. 8)
Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926 (Uimh. 39)
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)
An tAcht um Fhoras na Mara, 1991 (Uimh. 2)
Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 (Uimh. 25)
Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994 (Uimh. 25)
An tAcht Airí agus Rúnaithe, 1924 (Uimh. 16)
An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Uimh. 11)
An tAcht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006 (Uimh. 21)
An tAcht um Chrannchur Náisiúnta, 1986 (Uimh. 28)
An tAcht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, 2007 (Uimh. 7)
An tAcht um Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt, 2006 (Uimh. 19)
An tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003 (Uimh. 10)
An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000 (Uimh. 39)
An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (Uimh. 18)
Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011 (Uimh. 41)
An tAcht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939 (Uimh. 13)
Na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998
An tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963 (Uimh. 1)
An Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004 (Uimh. 36)
An tAcht Ombudsman, 1980 (Uimh. 26)
Na hAchtanna Ombudsman, 1980 go 2012

An tAcht um Ombudsman do Leanaí, 2002 (Uimh. 22)
 An tAcht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2001 (Uimh. 43)
 An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Uimh. 20)
 Acht na bPinsean (Leasú), 2002 (Uimh. 18)
 Acht na bPinsean, 1990 (Uimh. 25)
 Achtanna na bPinsean, 1990 go 2012
 An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (Uimh. 44)
Petty Sessions (Ireland) Act, 1851 (14 & 15 Vict., c.93)
 An tAcht Seirbhíse Poist agus Teileachumarsáide, 1983 (Uimh. 24)
 Achtanna na bPríosún, 1826 go 2007
 An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 (Uimh. 33)
 An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oilíúint), 2012 (Uimh. 28)
 An tAcht um Chosaint Raideolaíoch, 1991 (Uimh. 9)
 An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid, 2005 (Uimh. 31)
 An tAcht um Shásamh i leith Foras Cónaithe, 2002 (Uimh. 13)
 An tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 (Uimh. 14)
 Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2014
 Acht na mBóithre, 1993 (Uimh. 14)
 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Uimh. 10)
 An tAcht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006 (Uimh. 8)
 Na hAchtanna Leasa Shóisialaigh
 An tAcht um Údarás Stáit (Socrúithe le haghaidh Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha), 2002 (Uimh. 1)
 An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)
 An tAcht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001 (Uimh. 55)
 An tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986 (Uimh. 31)
Tribunals of Inquiry (Evidence) Act, 1921 (11 & 12 Geo. 5, c. 7)
 An tAcht um Údarás na Gaeltachta, 1979 (Uimh. 5)
 An tAcht um Chleachtadh Tréidliachta, 2005 (Uimh. 22)
 An tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú), 1996 (Uimh. 4)
 An tAcht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998 (Uimh. 42)



Uimhir 30 de 2014

AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 2014

[An tiontú oifigiúil]

Acht dá chumasú do dhaoine den phobal rochtain a fháil, a mhéid is mó is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta, ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí, comhlachtaí eile a fhaigheann maoiniú ón Stát agus comhlachtaí áirithe eile agus dá chumasú do dhaoine a chur faoi deara go gceartófar faisnéis phearsanta a bhaineann leo agus atá i seilbh na gcomhlachtaí sin agus, dá réir sin, do dhéanamh socrú maidir le ceart rochtana ar thaifid atá i seilbh na gcomhlachtaí sin, maidir le heisceachtaí riachtanacha ón gceart sin agus maidir le cúnamh do dhaoine lena chumasú dóibh é a fheidhmiú, do dhéanamh socrú maidir le hathbheithniú neamhspleách ar chinntí na gcomhlachtaí sin i ndáil leis an gceart sin agus ar oibriú an Achta seo i gcoitinne (lena n-áirítear imeachtaí na gcomhlachtaí sin de bhun an Achta seo) agus, chun na gríoch sin, do dhéanamh socrú chun go leanfaidh Oifig an Choimisinéara Faisnéise i bhfeidhm agus do mhíniú a feidhmeanna, do dhéanamh socrú maidir leis na comhlachtaí sin d'fhoilsiú faisnéis áirithe ina dtaobh is iomchuí maidir le críocha an Achta seo, d'aisghairm an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus an Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003, do leasú Acht an Bhainc Cheannais, 1942, do leasú an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, d'aisghairm achtacháin áirithe eile, agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[14 *Deireadh Fómhair*, 2014]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Lua agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 a ghairm den Acht seo.
- (2) Faoi réir *fho-ailt* (3) agus (4), tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh ar é a achtú.
- (3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh—
 - (a) i leith aon chomhlacht nó duine eile a bhí, díreach roimh an achtú, ina chomhlacht poiblí nó ina chomhlacht poiblí de réir bhrí Acht 1997, ar an achtú,

(b) i leith aon chomhlacht nó duine eile nach raibh, díreach roimh an achtú, ina chomhlacht poiblí nó ina comhlacht poiblí de réir bhrí Acht 1997, ach atá ina chomhlacht poiblí nó ina comhlacht poiblí de réir bhrí an Achta seo, 6 mhí ón achtú nó cibé lá is déanaí ná sin, nach déanaí ná 12 mhí ón achtú, a cheapfaidh an tAire le hordú.

(4) Tiofadh *alt 8* i ngníomh 12 mhí ón achtú nó cibé lá nó laethanta is luaithe ná sin a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe den alt sin agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(5) San alt seo, ciallaíonn “achtú” dáta achtaithe an Achta seo.

Léiriú

2. (1) San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1997” an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997;

ciallaíonn “tosach feidhme an Achta seo” an tráth a thagann an tAcht seo i ngníomh i ndáil leis an gcomhlacht saorála faisnéise lena mbaineann;

ciallaíonn “Coimisinéir” oifig an Choimisinéara Faisnéise a choimeádtar ar marthain le *halt 43* nó sealbhóir na hoifige sin, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn an briathar “cinneadh” cinneadh ag an Aire agus, i ndáil le foirm, ciallaíonn sé cinneadh tar éis féachaint go cúí do riachtanais iarrthóirí;

ciallaíonn “stiúrthóir” stiúrthóir (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí), ach folaíonn sé—

(a) i gcás údarás áitiúil,

(b) i gcás Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,

(c) i gcás comhlacht poiblí nach cuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí) é, nó

(d) i gcás comhlacht forordaithe,

duine ar comhalta é nó í d’aon bhord nó comhlacht eile a rialaíonn, a bhainistíonn nó a riarann eintiteas a luaitear i *míreanna (a)* go *(d)*;

ciallaíonn “dáta éifeachtach”:

(a) i gcás eintiteas a bhí, díreach roimh achtú an Achta seo, ina chomhlacht poiblí de réir bhrí Acht 1997 (seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó údarás áitiúil), an 21 Aibreán 1998;

(b) i gcás Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó údarás áitiúil, an 21 Deireadh Fómhair 1998;

(c) i gcás eintiteas nach raibh, díreach roimh achtú an Achta seo, ina chomhlacht poiblí de réir bhrí Acht 1997, ach atá ina chomhlacht poiblí de réir bhrí an Achta seo, an 21 Aibreán 2008, mura ndéanfar foráil dá mhalairt le hordú faoi *alt 6*;

- (d) i gcás comhlacht forordaithe, an dáta a dhéanfar an t-ordú lena bhforordófar an comhlacht faoi *alt 7(1)*, seachas i gcás go sonrófar dáta is déanaí ná sin san ordú sin;

folaíonn “feiste leictreonach” aon fheiste a úsáideann aon mheán leictreach, digiteach, maighnéadach, optúil, leictreamaighnéadach, bithmhéadrach nó fótónach, nó cineálacha eile teicneolaíochta gaolmhaire, nó aon teaghlaim den chéanna, chun sonraí a stóráil nó a tharchur, nó chun sonraí a stóráil agus a tharchur araon;

ciallaíonn “achtachán” reacht nó ionstraim arna déanamh faoi chumhacht a thugtar le reacht;

ciallaíonn “eintiteas” duine, comhlacht daoine, eagraíocht nó grúpa;

ciallaíonn “taifead díolmhaithe”—

- (a) taifead a ndiúltófaí, de bhun *Chuid 4* nó de bhua *Chuid 5*, géilleadh d’iarraidh saorála faisnéise i ndáil leis, nó
- (b) taifead a chruthaítear le haghaidh sealbhóir oifige nó atá i seilbh sealbhóir oifige agus a bhaineann—
- (i) le feidhmeanna nó le gníomhaíochtaí an tsealbhóra oifige mar chomhalta den Oireachtas nó de pháirtí polaitíochta, nó
- (ii) le feidhmeanna nó le gníomhaíochtaí páirtí polaitíochta;

folaíonn “faisnéis fhíorasach” faisnéis de chineál staidrimh, airgeadais, eacnaiméadrach nó turgnamhach, mar aon le haon anailís uirthi;

ciallaíonn “comhlacht saorála faisnéise” comhlacht poiblí nó comhlacht forordaithe;

ciallaíonn “iarraidh saorála faisnéise” iarraidh chun rochtain a fháil ar thaifead de bhun *alt 12*;

folaíonn “a thabhairt” a chur, cibé acu leis an bpost nó trí mheán leictreonach nó eile;

ciallaíonn “ceann” ceann comhlachta saorála faisnéise;

ciallaíonn “ceann comhlachta saorála faisnéise”—

- (a) i ndáil le Roinn Stáit, an tAire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne sin,
- (b) i ndáil le hOifig an Ard-Aighne, an tArd-Aighne,
- (c) i ndáil le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí,
- (d) i ndáil le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste,
- (e) i ndáil le hOifig an Ombudsman, an tOmbudsman,
- (f) i ndáil le hOifig an Choimisinéara Faisnéise, an Coimisinéir,

- (g) i ndáil le Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais, an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais,
- (h) i ndáil le hOifig na gCoimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla, na Coimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla,
- (i) i ndáil le Seirbhís Thithe an Oireachtais, Cathaoirleach Dháil Éireann,
- (j) i ndáil le Coimisiún Thithe an Oireachtais, a chathaoirleach,
- (k) i ndáil le hOifig an Ombudsman do Leanaí, an tOmbudsman do Leanaí,
- (l) i ndáil le hOifig an Ombudsman Pinsean, an tOmbudsman Pinsean,
- (m) i ndáil le hOifig an Ombudsman um Sheirbhísí Dlí, an tOmbudsman um Sheirbhísí Dlí,
- (n) i ndáil leis an nGarda Síochána, Coimisinéir an Gharda Síochána,
- (o) i ndáil le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, a chathaoirleach, agus
- (p) i ndáil le haon chomhlacht saorála faisnéise eile, an duine atá i seilbh, nó a chomhlíonann feidhmeanna, oifig phríomhoifigeach feidhmiúcháin (cibé ainm a thugtar uirthi) an chomhlachta;

ciallaíonn “údarás áitiúil” údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001;

ciallaíonn “Aire” an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;

ciallaíonn “slándáil líonra agus faisnéise” cumas córais líonra agus faisnéise aon ghníomh tionóisceach nó mailíseach a sheasamh a chuireann isteach ar infhaighteacht, fíre, sláine agus rúndacht sonraí stóráilte nó tarchurtha nó na seirbhísí gaolmhara a thairgeann an córas líonra agus faisnéise sin nó is inrochtana tríd an gcéanna;

ciallaíonn “oifig”, i ndáil le duine, na hoifigí ina seoltar an riarachán agus an gnó a bhaineann le feidhmeanna an duine;

ciallaíonn “sealbhóir oifige”—

- (a) duine ar Aire den Rialtas nó ar Aire Stáit é nó í, nó
- (b) comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas atá i seilbh oifig an Ard-Aighne;

ciallaíonn “faisnéis phearsanta” faisnéis faoi phearsa aonair inaitheanta—

- (a) nach mbeadh ar eolas, go hiondúil, ach amháin ag an bphearsa aonair nó ag daoine de theaghlach na pearsan aonair nó ag cairde na pearsan aonair, nó
- (b) atá i seilbh comhlacht saorála faisnéise ar an mbonn tuisceana go ndéileálfadh an comhlacht sin léi i modh rúin,

agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, foláíonn sé—

- (i) faisnéis maidir le stair oideachais, liachta, shíciatrach nó shíceolaíoch na pearsan aonair,

- (ii) faisnéis maidir le gnóthaí airgeadais na pearsan aonair,
- (iii) faisnéis maidir le fostaíocht nó stair fostaíochta na pearsan aonair,
- (iv) faisnéis maidir leis an bpearsa aonair a bheith ina chomhalta nó ina comhalta nó ina iarchomhalta nó ina hiarchomhalta de cheardchumann,
- (v) faisnéis maidir leis an bpearsa aonair i dtaifead a thagann faoi réim *alt 11(6)(a)*,
- (vi) faisnéis maidir le haon stair choiriúil de chuid na pearsan aonair nó maidir le déanamh nó déanamh líomhnaithe aon chiona ag an bpearsa aonair,
- (vii) faisnéis maidir le haon imeachtaí i leith cion a rinne an phearsa aonair nó a líomhnaítear a rinne an phearsa aonair, maidir le réiteach imeachtaí den sórt sin nó maidir leis an bpianbhreith a d'fhorchuir aon chúirt in imeachtaí den sórt sin,
- (viii) faisnéis maidir le creideamh, aois, bunadh cine nó eitneach, gnéaschlaonadh nó stádas sibhialta (de réir bhrí alt 2(1) den Acht um Chlárú Sibhialta, 2004) na pearsan aonair, nó maidir le haon mhíchumas atá ar an bpearsa aonair, nó maidir le tuairimí polaitíochta nó barúlacha creidimh nó fealsúnachta na pearsan aonair,
- (ix) uimhir, litir, siombail, focal, marc nó rud eile a bheidh sannta ag comhlacht saorála faisnéise don phearsa aonair lena aithint nó lena haithint nó aon mharc nó rud eile a úsáidtear chun na críche sin,
- (x) faisnéis maidir le teidil na pearsan aonair faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh mar thairbhí (de réir bhrí na nAchtanna Leasa Shóisialaigh) nó a theastóidh chun a shuíomh an tairbhí den sórt sin an phearsa aonair, ós éilitheoir é nó í (de réir bhrí na nAchtanna sin),
- (xi) faisnéis a theastóidh chun dliteanas na pearsan aonair i leith cáin nó dleacht nó fócaíocht eile atá dlite don Stát nó d'údarás áitiúil, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó do chomhlacht saorála faisnéise eile, nó is iníoctha leis an gcéanna, a mheasúnú nó chun méid atá dlite den phearsa aonair i leith cáin nó dleacht nó fócaíocht eile den sórt sin a bhailiú,
- (xii) ainm na pearsan aonair i gcás go bhfuil sé ann i dteannta faisnéis phearsanta eile a bhaineann leis an bpearsa aonair nó i gcás go suífeadh, nó gur dóigh go suífeadh, nochtadh an ainm gur leis an bpearsa aonair a bhaineann aon fhaisnéis phearsanta atá i seilbh an chomhlachta saorála faisnéise lena mbaineann,
- (xiii) faisnéis maidir le maoin de chuid na pearsan aonair (lena n-áirítear an cineál teidil atá ag an bpearsa aonair chun aon mhaoine), agus
- (xiv) dearcadh nó tuairimí duine eile faoin bpearsa aonair,
 - ach ní fholáonn sé—
 - (I) i gcás go sealbhaíonn nó gur shealbhaigh an phearsa aonair—
 - (A) oifig mar stiúrthóir ar chomhlacht saorála faisnéise,
 - (B) post mar chomhalta d'fhoireann comhlachta saorála faisnéise, nó

(C) aon oifig eile, nó aon phost eile, a n-íoctar luach saothair ina leith as cistí poiblí i gcomhlacht saorála faisnéise,

ainm na pearsan aonair nó faisnéis maidir leis an oifig nó leis an bpost nó le feidhmeanna na hoifige nó an phoist nó leis na téarmaí ar orthu agus faoina réir atá nó a bhí an oifig sin i seilbh na pearsan aonair nó atá nó a bhí an post sin aige nó aici nó aon ní a scríobh nó a thaifead an phearsa aonair in aon fhoirm i gcúrsa chomhlíonadh na bhfeidhmeanna réamhráite agus chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh,

(II) i gcás go bhfuil nó go raibh an phearsa aonair ina sholáthraí seirbhíse nó ina soláthraí seirbhíse, ainm na pearsan aonair nó faisnéis maidir leis an tseirbhís nó le téarmaí an chonartha nó aon ní a scríobh nó a thaifead an phearsa aonair in aon fhoirm i gcúrsa sholáthar na seirbhíse agus chun an tseirbhís a sholáthar, nó

(III) dearcadh nó tuairimí na pearsan aonair i ndáil le comhlacht saorála faisnéise, i ndáil le foireann comhlachta saorála faisnéise nó i ndáil le gnó nó comhlíonadh feidhmeanna comhlachta saorála faisnéise;

ciallaíonn “páirtí polaitíochta” páirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe ag an Aire le rialacháin faoin Acht seo;

ciallaíonn “comhlacht forordaithe” comhlacht nó eintiteas a ndearbhaíonn an tAire le hordú de bhun *alt 7* gur comhlacht forordaithe é;

ciallaíonn “comhlacht poiblí” comhlacht nó eintiteas dá dtagraítear in *alt 6(1)*;

folaíonn “taifead”—

- (a) leabhar nó ábhar scríofa nó clóite eile i bhfoirm ar bith (lena n-áirítear in aon fheiste leictreonach nó i bhfoirm mheaisín-inléite),
- (b) léarscáil, plean nó líníocht,
- (c) diosca, téip nó feiste mheicniúil nó leictreonach eile ina gcorpraítear sonraí seachas amharcíomhánna ionas gur féidir, le cúnamh nó gan cúnamh trealaimh mheicniúil nó leictreonaigh éigin eile, iad a atáirgeadh ón diosca, ón téip nó ón bhfeiste eile,
- (d) scannán, diosca, téip nó feiste mheicniúil nó leictreonach eile ina gcorpraítear amharcíomhánna ionas gur féidir, le cúnamh nó gan cúnamh trealaimh mheicniúil nó leictreonaigh éigin eile, iad a atáirgeadh ón scannán, ón diosca, ón téip nó ón bhfeiste eile, agus
- (e) cóip nó cuid d’aon ní a thagann faoi réim *mhír (a), (b), (c) nó (d)*,

agus measfar, chun críocha an Achta seo, gur cruthaíodh cóip, i bhfoirm ar bith, de thaifead an tráth céanna a cruthaíodh an taifead;

ciallaíonn “iarraidh a bhfuil feidhm ag *alt 38* maidir léi” iarraidh saorála faisnéise a bhfuil feidhm ag *alt 35(3), 36(3) nó 37(5)(a)* maidir léi agus a ngéillfí di, ar leith ó *alt 38*;

ciallaíonn “iarrthóir” duine a dhéanann iarraidh saorála faisnéise;

déanfar “ceart rochtana” a fhorléiriú de réir *alt 11*;

ciallaíonn “soláthraí seirbhíse” duine nach raibh, an tráth a rinneadh an iarraidh, ina chomhlacht saorála faisnéise nó ina comhlacht saorála faisnéise ach ag a raibh seirbhís á soláthar le haghaidh comhlacht saorála faisnéise faoi chonradh le haghaidh seirbhísí agus folaíonn conradh le haghaidh seirbhísí, sa mhíniú seo, socrú riaracháin idir comhlacht saorála faisnéise agus duine eile;

ciallaíonn “seachtain” tréimhse 5 dháil as a chéile agus, le linn tréimhse den sórt sin a chinneadh, tabharfar neamhaird ar Shatharn nó ar lá saoire poiblí (de réir bhrí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997).

- (2) Aon chumhacht a thugtar leis an Acht seo chun cinntí a dhéanamh, forléireofar í mar chumhacht a fholáíonn cumhacht is infheidhmithe ar an tslí chéanna chun cinntí a rinneadh faoin gcumhacht a chúlghairm nó a leasú.
- (3) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a thoirisceann nó a chuireann srian ar chomhlacht saorála faisnéise rochtain a bheith aige ar thairfead atá i seilbh comhlacht saorála faisnéise eile.
- (4) Aon tagairt in *alt 9, 10, 12, 13* nó *21* i ndáil le hiarraidh saorála faisnéise nó i ndáil le fáil iarrata den sórt sin nó i ndáil le hiarratas faoi *alt 9(1), 10(1)* nó *21(2)*, do cheann comhlachta saorála faisnéise, forléireofar í mar thagairt a fholáíonn tagairt don chomhlacht agus d’aon stiúrthóir air nó d’aon chomhalta dá fhoireann agus beidh feidhm ag an Acht seo agus beidh éifeacht leis, fara aon mhodhnuithe is gá, dá réir sin.
- (5) San Acht seo, aon tagairt do thairfid atá i seilbh comhlacht saorála faisnéise, foláíonn sí tagairt do thairfid atá faoi rialú an chomhlachta sin.

Rialacháin agus orduithe

3. (1) Féadfaidh an tAire—

- (a) le rialacháin, foráil a dhéanamh, faoi réir an Achta seo, maidir le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú, agus
 - (b) i dteannta aon chumhacht eile a thugtar dó nó di chun rialacháin a dhéanamh, rialacháin a dhéanamh i gcoitinne chun críocha an Achta seo agus chun lánéifeacht a thabhairt don Acht seo.
- (2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith in orduithe nó i rialacháin faoin Acht seo is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha an ordaithe nó na rialachán.
 - (3) Faoi réir *ailt 6* agus *7*, déanfar gach ordú nó rialachán faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán nó an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialachán nó an ordaithe, beidh an rialachán nó an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin gcéanna.

Caiteachais

4. Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas agus déanfar na caiteachais a thabhóidh aon Aire eile den Rialtas ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Aisghairm

5. Déantar na hachtacháin a shonraítear i *Sceideal 4* a aisghairm a mhéid a shonraítear i *gcolún (3)* den *Sceideal* sin.

CUID 2

COMHLACHTAÍ SAORÁLA FAISNÉISE

Comhlachtaí poiblí

6. (1) Faoi réir an ailt seo, is comhlacht poiblí gach ceann díobh seo a leanas chun críocha an Achta seo:
- (a) Roinn Stáit;
 - (b) eintiteas arna bhunú le haon achtachán nó faoi aon achtachán (seachas Achtanna na gCuideachtaí);
 - (c) aon eintiteas eile arna bhunú (seachas faoi Achtanna na gCuideachtaí) nó arna cheapadh ag an Rialtas nó ag Aire den Rialtas, lena n-áirítear eintiteas arna bhunú (seachas faoi Achtanna na gCuideachtaí) ag Aire den Rialtas faoi scéim ar bith;
 - (d) cuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí) a bhfuil tromlach de na scaireanna inti á shealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas;
 - (e) fochuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí) de chuid cuideachta lena mbaineann *mír (d)*;
 - (f) eintiteas (seachas fochuideachta lena mbaineann *mír (e)*) atá á rialú go díreach nó go neamhdhíreach ag eintiteas lena mbaineann *mír (b), (c), (d)* nó *(e)*;
 - (g) foras ardoideachais a fhaigheann maoiniú poiblí;
 - (h) d'ainneoin aisghairm Acht 1997 le *halt 5*, agus faoi réir an Achta seo, aon eintiteas a bhí ina chomhlacht poiblí (lena n-áirítear comhlachtaí nó eilimintí de chomhlachtaí atá forordaithe mar chomhlachtaí poiblí) de réir bhrí Acht 1997 ar an Acht seo a achtú.
- (2) (a) Is comhlacht poiblí chun críocha an Achta seo eintiteas a shonraítear i *gCuid 1* de *Sceideal 1* (“an máthair-eintiteas”), faoi réir fhorálacha na Coda sin.
- (b) Is comhlacht poiblí chun críocha an Achta seo fochuideachta de chuid máthair-eintiteas, nó comhlacht atá á rialú go díreach nó go neamhdhíreach ag máthair-eintiteas, ach sin a mhéid amháin atá feidhmeanna na fochuideachta nó an

chomhlachta eile ar aon dul leis na feidhmeanna sin de chuid an mháthair-eintitis atá faoi réir an Achta seo.

- (3) Ní comhlacht poiblí chun críocha an Achta seo eintiteas a shonraítear i *gCuid 2 de Sceideal 1*, fochuideachta de chuid eintiteas den sórt sin nó comhlacht atá á rialú go díreach nó go neamhdhíreach ag eintiteas den sórt sin.
- (4) Aon tagairt i *bhfo-alt (1)(a)* do Roinn Stáit, forléireofar í mar thagairt a fholaíonn tagairt do chomhlacht, d'eagraíocht nó do ghrúpa a shonraítear i ndáil leis an Roinn Stáit sin sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Airí agus Rúnaithe, 1924.
- (5) (a) Féadfaidh an tAire, le toiliú cibé Aire eile (más ann) den Rialtas a mheasfaidh an tAire is cuí ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin den Rialtas, agus tar éis dul i gcomhairle le cibé coiste de Thithe an Oireachtais a mheasfaidh sé nó sí is cuí, tar éis féachaint do na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (6)*, a dhearbhu le hordú, maidir le haon chomhlacht poiblí ar leith, nach mbeidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis a mhéid a shonrófar san ordú.
- (b) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le cibé Aire eile (más ann) den Rialtas is dealraitheach dó nó di a bheith cuí ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin den Rialtas, tar éis dul i gcomhairle le cibé coiste de Thithe an Oireachtais a mheasfaidh sé nó sí is cuí agus ag féachaint do na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (6)*, ordú faoin bhfo-alt seo a leasú nó a chúlghairm le hordú.
- (6) Is iad na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)(a)* agus (b)—
- (a) an gá atá ann oscailteacht a chinntiú, ar mhaithe le leas an phobail—
- (i) maidir le gníomhaíochtaí comhlachtaí poiblí agus maidir leis an úsáid a bhaineann siad as cistí poiblí,
- (ii) maidir le faisnéis a bhaineann le comhlíonadh fheidhmeanna na gcomhlachtaí sin, agus
- (iii) maidir le faisnéis faoi sheirbhísí a mhaoiníonn an Stát,
- agus, go háirithe (maidir leis na nithe sin), a chinntiú go mbeidh cuntasacht ann agus go gcuirfear prionsabal na trédhearcachta i ngnóthaí rialtais agus i gcúrsaí poiblí chun cinn,
- (b) an gá atá ann a chinntiú go mbeidh comhlachtaí poiblí faoi réir an Achta seo a mhéid ar fad is féidir, agus
- (c) an gá atá ann leas an phobail a chosaint trí rochtain ar thaifid áirithe a shrianadh.
- (7) I gcás go n-éireoidh díospóid idir an Coimisinéir agus aon eintiteas i dtaobh an bhfuil feidhm ag *fo-alt (1)* nó i dtaobh na gcoinníollacha a éireoidh de bhua an fho-ailt sin, cuirfear an díospóid faoi bhráid an Aire agus beidh cinneadh an Aire ina cheangal ar an gCoimisinéir agus ar an eintiteas.
- (8) Ní dochar an chumhacht chun leasú nó cúlghairm a dhéanamh faoi *fo-alt (5)* d'fheidhm alt 22(3) den Acht Léiriúcháin, 2005 maidir le forálacha eile den Acht seo lena gcumasaítear ordúithe a dhéanamh.

- (9) (a) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir agus le cibé coiste de Thithe an Oireachtais a mheasfaidh sé nó sí is cuí agus le toiliú cibé Aire eile (más ann) is dealraitheach don Aire a bheith freagrach as an eintiteas sin, agus ag féachaint do na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)*, a dhearbhu le hordú, maidir le heintiteas nó fochuideachta de chuid eintiteas den sórt sin, nó maidir le comhlacht atá á rialú go díreach nó go neamhdhíreach ag eintiteas den sórt sin—
- (i) a shonraítear i *gCuid 1* de *Sceideal 1*, gur comhlacht poiblí é nó í ar bhonn eilimintí d'fheidhmeanna an eintitis sin atá éagsúil leis na heilimintí sin a shonraítear sa Chuid sin, nó go bhfuil sé nó sí díolmhaithe ó fhorálacha an Achta seo, nó
- (ii) a shonraítear i *gCuid 2* de *Sceideal 1*, gur comhlacht poiblí é nó í.
- (b) Féadfar, in ordú a dhéanfar faoi *mhír (a)*—
- (i) a shonrú go n-áireofar nó go n-eisiafar eilimintí—
- (I) den eintiteas lena mbaineann, nó
- (II) d'fhochuideachta de chuid an eintitis lena mbaineann, nó de chomhlacht atá á rialú go díreach nó go neamhdhíreach ag an eintiteas lena mbaineann,
- agus
- (ii) dáta a shonrú, nach dáta is déanaí ná 6 mhí ó dháta an ordaithe sin, ar a dtiocfaidh an t-eintiteas, an fhochuideachta nó an comhlacht lena mbaineann nó an eilimint lena mbaineann de chomhlacht chun bheith ina chomhlacht poiblí nó ina chomhlacht poiblí.
- (10) Ní mheasfar gur comhlacht poiblí soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais de réir bhrí alt 2 d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 de bhíthin Banc Ceannais na hÉireann nó an tAire Airgeadais d'fheidhmiú cumhachtaí maoirseachta, rialála nó réitigh ar an soláthraí sin.
- (11) I gcás go mbeartófar ordú a dhéanamh faoin alt seo, déanfar dréacht den ordú a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go ndéanfaidh gach Teach díobh sin rún a rith ag ceadú an dréachta.
- (12) Más rud é, tar éis an tAcht seo a rith, go dtiocfaidh cuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí), nó comhlacht eile, chun bheith ina chomhlacht poiblí nó ina chomhlacht poiblí de réir bhrí *alt 6(1)* (seachas de bhua ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (5)(b)* nó *(9)(a)*), beidh feidhm ag na hoibleagáidí faoin Acht seo maidir leis an gcuideachta sin nó maidir leis an gcomhlacht sin, ar agus ó dháta nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh sí nó sé chun bheith ina chomhlacht poiblí nó ina chomhlacht poiblí faoin Acht seo seachas i gcás go ndéanfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (5)(a)* á dhearbhu nach mbeidh feidhm ag *fo-alt (1)*, go hiomlán nó go páirteach, maidir leis an gcuideachta lena mbaineann nó maidir leis an gcomhlacht lena mbaineann.

Comhlachtaí forordaithe

7. (1) Faoi réir *fho-alt* (2) agus (3), féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir, le cibé Airí eile den Rialtas a mheasfaidh sé nó sí is cuí agus le cibé coiste de Thithe an Oireachtais a mheasfaidh sé nó sí is cuí, agus ag féachaint don ghá atá ann a chinntiú go ndéanfar formhaoirsiú ar eintitis dá dtagraítear i *bhfo-alt* (6) agus don ghá atá ann go gcloífidh na heintitis sin le prionsabail na trédhearcachta agus na cuntasachta i ngnóthaí rialtais agus i gcúrsaí poiblí maidir leis na gníomhaíochtaí sin dá gcuid is iomchuí maidir le *fo-alt* (6), a dhearbhu le hordú gur comhlacht forordaithe eintiteas chun críocha an Achta seo.
- (2) Féadfaidh sé a bheith sainráite go bhfuil sonrú eintitis in ordú faoi *fho-alt* (1) faoi réir eilimintí den eintiteas sin a áireamh nó a eisiamh.
- (3) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le cibé Aire eile den Rialtas (más ann) is dealraitheach dó nó di a bheith cuí, tar éis dul i gcomhairle le cibé coiste de Thithe an Oireachtais a mheasfaidh sé nó sí is cuí agus ag féachaint do na critéir a shonraítear i *bhfo-alt* (1), ordú faoi *fho-alt* (1) a leasú nó a chúlghairm le hordú.
- (4) Aon eintiteas a bheidh arna fhorordú de bhun ordú chun críocha *fho-alt* (1)—
- (a) i gcás go bhfuil eilimintí den eintiteas ar áireamh ann, ní comhlacht saorála faisnéise é ach amháin i leith na n-eilimintí sin dá dtagraítear san ordú sin, nó
- (b) i gcás go ndéantar eilimintí den eintiteas a eisiamh uaidh, ní comhlacht saorála faisnéise é i leith eilimintí dá dtagraítear san ordú sin.
- (5) I gcás go n-éireoidh díospóid idir an Coimisinéir agus aon chomhlacht forordaithe i dtaobh an bhfuil feidhm ag an Acht seo maidir le heilimint den chomhlacht sin, cuirfean an díospóid faoi bhráid an Aire agus beidh cinneadh an Aire ina cheangal ar an gCoimisinéir Faisnéise agus ar an gcomhlacht.
- (6) Féadfaidh an tAire aon cheann díobh seo a leanas a fhorordú chun críocha *fho-alt* (1):
- (a) eintiteas, arb éard é—
- (i) cuideachta arna bunú faoi Achtanna na gCuideachtaí de bhun cumhachtaí a thugtar le hachtachán eile nó faoi achtachán eile, nó
- (ii) aon eintiteas eile, cibé acu a mhaoinítear é go hiomlán nó go páirteach, nó go díreach nó go neamhdhíreach, le hairgead a sholáthraíonn Aire den Rialtas, nó le hiasachtaí a thugann nó a ráthaíonn Aire den Rialtas nó le heisiúint scaireanna a shealbhaíonn Aire den Rialtas nó a shealbhaítear thar ceann Aire den Rialtas;
- (b) aon eintiteas eile dá dtugtar feidhmeanna i ndáil leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne le haon achtachán (ach sin i leith na bhfeidhmeanna sin amháin);
- (c) fochuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí) de chuid eintiteas dá dtagraítear san *fho-alt* seo nó aon eintiteas atá á rialú go díreach nó go neamhdhíreach ag eintiteas dá dtagraítear san *fho-alt* seo;

- (d) eintiteas (is comhlacht corpraithe) a rialaíonn aon eintiteas dá dtagraítear san fho-alt seo go díreach nó go neamhdhíreach.
- (7) Ní dochar an chumhacht chun leasú nó cúlghairm a dhéanamh faoi *fho-alt (3)* d'fheidhm alt 22(3) den Acht Léiriúcháin, 2005 maidir le forálacha eile den Acht seo lena gcumasaítear orduithe a dhéanamh.
- (8) I gcás go mbeartófar ordú a dhéanamh faoin alt seo, leagfar dréacht den ordú faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach díobh sin.
- (9) In ordú a dhéanfar faoi *fho-alt (1)*, féadfar dáta a shonrú, nach dáta is déanaí ná 6 mhí ó dháta an ordaithe sin, ar a dtiocfaidh an t-eintiteas lena mbaineann chun bheith ina chomhlacht forordaithe.
- (10) (a) Más rud é, maidir le heintiteas is comhlacht forordaithe—
- (i) go n-athróidh sé a ainm,
 - (ii) go ndéanfaidh sé cumasc le heintiteas eile, go ndéanfaidh sé táthcheangal ar eintiteas eile nó go ndéanfaidh eintiteas eile táthcheangal air, cibé acu a bheidh nó nach mbeidh de thoradh ar an gcumasc nó ar an táthcheangal go gcruthófar eintiteas nua,
 - (iii) go gcruthóidh sé fo-eintiteas,
 - (iv) go ndéanfaidh sé a fheidhmeanna a roinnt ina n-eintitis nua nó go ndéanfaidh sé feidhmeanna a tharmligean chuig eintiteas eile, nó
 - (v) go n-atheagróidh sé é féin ar mhodh a fhágfaidh go gcomhlíonfaidh eintiteas eile feidhm a chomhlíonadh an comhlacht roimhe sin,
- leanfaidh an t-eintiteas de bheith ina chomhlacht forordaithe agus tiocfaidh aon eintiteas eile dá dtagraítear sa mhír seo chun bheith, agus beidh sé, ina chomhlacht forordaithe i leith na bhfeidhmeanna ar chomhlacht forordaithe an t-eintiteas céadluaite ina leith agus sin faoi réir aon choinníollacha a fhorordaítear nó a shonraítear leis an Acht seo chuige sin.
- (b) Ciallaíonn tagairt san fho-alt seo do chomhlacht nó d'eintiteas comhlacht nó eintiteas den sórt sin cibé acu is comhlacht nó eintiteas corpraithe nó comhlacht nó eintiteas neamhchorpraithe é.

CUID 3

CEARTA I NDÁIL LE TAIFID

CAIBIDIL 1

*Cearta ginearálta i ndáil le taifid agus breitheanna***Faisnéis i dtaobh comhlachtaí saorála faisnéise a fhoilsíú****8. (1) Déanfaidh comhlacht saorála faisnéise—**

- (a) scéim (“scéim foilsitheoireachta”), maidir le foilsíú faisnéise ag an gcomhlacht, a ullmhú agus a fhoilsiú—
- (i) i gcomhréir leis an scéim foilsitheoireachta eiseamláireach (más ann) dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)*, nó
- (ii) de réir aon treoirlínte i dtaobh scéimeanna foilsitheoireachta arna bhfoilsiú ag an Aire faoin gcód dá dtagraítear in *alt 48*,
- (b) faisnéis a fhoilsiú de réir a scéime foilsitheoireachta, agus
- (c) a scéim foilsitheoireachta a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis í a fhoilsiú agus, ina dhiaidh sin, tráth nach déanaí ná gach tríú bliain dá éis sin.
- (2) Beidh ar áireamh i scéim foilsitheoireachta—
- (a) na haicmí faisnéise a bheidh foilsithe ag an gcomhlacht saorála faisnéise nó a bheartóidh sé a fhoilsiú,
- (b) na téarmaí faoina gcuirfidh sé an fhaisnéis sin ar fáil agus, i gcás nach mbeidh an t-ábhar ar fáil gan mhuirear, an muirear,
- (c) tuairisc ghinearálta ar a struchtúr agus a eagraíocht, ar a fheidhmeanna, a chumhachtaí agus a dhualgais, ar aon seirbhísí a sholáthraíonn sé don phobal agus ar na nósanna imeachta trínar féidir leis an bpobal leas a bhaint as aon seirbhísí den sórt sin,
- (d) tuairisc ghinearálta ar na haicmí taifead atá i seilbh an chomhlachta lena mbaineann, agus tabharfar cibé sonraí inti is gá le réasún chun feidhmiú an chirt rochtana a éascú,
- (e) (i) na rialacha, na nósanna imeachta, na cleachtais, na treoirlínte agus na léirithe a úsáideann an comhlacht, agus
- (ii) aon fhasaigh a choimeádann an comhlacht,
- chun críocha breitheanna, cinntí nó moltaí, faoi réim nó chun críocha aon achtachán nó scéim a riarann an comhlacht maidir le cearta, pribhléidí, sochair, oibleagáidí, pionóis nó smachtbhannaí eile a bhfuil nó a bhféadfadh sé go mbeidh daoine den phobal ina dteideal nó faoina réir faoin achtachán nó faoin scéim,
- (f) faisnéis chuí i ndáil leis an modh nó an modh beartaithe ar a riarfar aon achtachán nó scéim den sórt sin, dá dtagraítear i *mír (e)*,
- (g) ainmneacha agus ainmníochtaí na gcomhaltaí d’fhoireann an chomhlachta atá freagrach as na socrúithe dá dtagraítear i *míreanna (c)* agus *(d)* a chomhall (mura greideann ceann an chomhlachta lena mbaineann, le réasún, go bhféadfadh foilsíú na faisnéise sin sábháilteacht nó dea-bhail fhisiceach na ndaoine a chur i mbaol),
- (h) an seoladh nó na seoltaí ag ar cheart iarrataí faoi *alt 12* nó iarratais faoi *alt 9* nó *10* a thabhairt,

- (i) faisnéis chuí—
 - (i) maidir le haon chearta athbhreithnithe nó achomhairc i leith breitheanna a thabharfaidh an comhlacht (lena n-áirítear cearta athbhreithnithe agus achomhairc faoin Acht seo), agus
 - (ii) maidir leis an nós imeachta lena rialaítear feidhmiú na gceart sin agus le haon teorainneacha ama lena rialaítear an feidhmiú sin,agus
 - (j) faisnéis i ndáil le cibé nithe eile (más ann) a fhorordófar.
- (3) Foilseoidh comhlacht saorála faisnéise scéim foilsitheoireachta—
- (a) tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis thosach feidhme *alt 8*, nó
 - (b) más rud é, faoi *fho-alt (7)*, go mbeidh treoirlínte maidir le scéimeanna foilsitheoireachta déanta nó athmheasta ag an Aire, nó go mbeidh scéimeanna foilsitheoireachta eiseamláireacha déanta nó athmheasta aige nó aici, a fhágfaidh nach bhfuil scéim foilsitheoireachta an chomhlachta saorála faisnéise i gcomhréir le treoirlínte nó scéim foilsitheoireachta eiseamláireach an Aire a thuilleadh, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis treoirlínte nó scéimeanna foilsitheoireachta eiseamláireacha a dhéanamh nó a athmheas amhlaidh.
- (4) Déanfaidh comhlacht saorála faisnéise an t-ábhar a bheidh foilsithe faoi scéim foilsitheoireachta faoi *fho-alt (1)* a athbhreithniú agus, más gá, a athmheas—
- (a) ar bhonn bliantúil ar a laghad, nó
 - (b) i gcás go mbeidh scéim foilsitheoireachta eiseamláireach nó treoirlínte athmheasta ag an Aire faoi *fho-alt (7)*, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an fógra faoin athmheas sin a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.
- (5) Le linn dó scéim foilsitheoireachta faoin alt seo a ullmhú, a athbhreithniú nó a athmheas, beidh aird ag comhlacht saorála faisnéise ar leas an phobail—
- (a) le linn rochtain phoiblí ar fhaisnéis atá i seilbh an chomhlachta saorála faisnéise a cheadú,
 - (b) le linn cúiseanna le breitheanna arna dtabhairt ag an gcomhlacht saorála faisnéise a fhoilsiú, agus
 - (c) le linn faisnéis is iomchuí nó is díol suime don phobal i gcoitinne i ndáil lena chuid gníomhaíochtaí agus lena chuid feidhmeanna i gcoitinne a fhoilsiú.
- (6) Déanfaidh comhlacht saorála faisnéise leagan clóite dá scéim foilsitheoireachta a chothabháil agus a choimeád ina cheannoifig lena iniúchadh ag daoine den phobal le linn gnáthuaireanta oifige, ar réamhfhógra nach giorra ná aon lá amháin a thabhairt.
- (7) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir agus le cibé Aire eile den Rialtas a mheasfaidh sé nó sí is cuí—

- (a) scéimeanna foilsitheoireachta eiseamláireacha lena n-úsáid ag comhlachtaí saorála faisnéise mar bhonn lena scéimeanna foilsitheoireachta féin a dhéanamh nó a athmheas, nó
- (b) treoirlínte a dhéanamh nó a athmheas maidir le scéimeanna foilsitheoireachta le haghaidh comhlachtaí saorála faisnéise,

fara cibé athruithe is dóigh leis an Aire is cuí le haghaidh aicmí agus méideanna áirithe comhlachtaí saorála faisnéise.

- (8) Foilseofar fógra i dtaobh scéim foilsitheoireachta eiseamláireach a dhéanamh nó a athmheas faoi *fho-alt (7)* san Iris Oifigiúil a luaithe is caoithiúil tar éis í a dhéanamh nó a athmheas.
- (9) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* nó *(3)* maidir le haon ní ar mar gheall air a dhiúltófaí taifead a scaoileadh mar thaifead díolmhaithe.
- (10) Ina thuarascáil bhliantúil nó ina tuarascáil bhliantúil, féadfaidh an Coimisinéir scrúdú a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt ar a mhéid atá, i dtuairim an Choimisinéara, an t-alt seo á chomhlíonadh ag comhlachtaí saorála faisnéise.
- (11) (a) Cinnteoidh gach Aire den Rialtas, de réir an chóid cleachtais arna dhéanamh faoi *alt 48* (más ann), go ndéanfaidh comhlachtaí poiblí faoina choimirce nó faoina coimirce bearta cuí maidir le hoiliúint foirne, socruithe eagrúcháin agus cibé nithe eile a mheasfaidh an tAire is cuí (lena n-áirítear maidir leis an gcód cleachtais (más ann)), chun gur fusa do na comhlachtaí sin an tAcht seo a chomhlíonadh.
- (b) D'ainneoin ghinearáltacht *alt 3(1)(b)*, féadfaidh an tAire, le rialacháin arna ndéanamh faoin bhfo-alt sin, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir agus le Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta (de réir bhrí an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986), foráil a dhéanamh maidir le taifid atá i seilbh comhlachtaí saorála faisnéise a bhainistiú agus a chothabháil.
- (12) San alt seo, foláonn “foilsithe” foilsithe trí mheán leictreonach.

Leasú ar thaifid a bhaineann le faisnéis phearsanta

9. (1) I gcás faisnéis phearsanta i dtaifead atá i seilbh comhlacht saorála faisnéise a bheith neamhiomlán, mícheart nó míthreorach, déanfaidh ceann an chomhlachta, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuige nó chuici, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, ag an bpearsa aonair lena mbaineann an fhaisnéis, an taifead a leasú—
- (a) trína athrú chun go mbeidh an fhaisnéis iomlán nó ceart nó chun nach mbeidh sí míthreorach, de réir mar is cuí,
 - (b) trí ráiteas a chur leis an taifead ina sonrú na slite inar deimhin leis an gcomhlacht go bhfuil an fhaisnéis neamhiomlán, mícheart nó míthreorach, de réir mar is cuí, nó
 - (c) tríd an bhfaisnéis a scriosadh as.
- (2) Maidir le hiarratas faoi *fho-alt (1)*—
- (a) sonrúfar ann an taifead lena mbaineann agus an leasú atá ag teastáil, agus

(b) beidh faisnéis chuí ann mar thaca leis an iarratas,

a mhéid is indéanta é.

(3) Déanfaidh an ceann lena mbaineann, a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 4 seachtaine, tar éis dó nó di iarratas faoi *fho-alt (1)* a fháil, breith a thabhairt i dtaobh cibé acu a ghéillfear nó a dhiúltófar géilleadh don iarratas agus cuirfidh sé nó sí faoi deara fógra, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, a thabhairt don duine lena mbaineann maidir lena bhreith nó lena breith agus, más breith í géilleadh dó, maidir leis an modh ar a ngéillfear dó.

(4) (a) Má dhiúltaítear géilleadh d'iarratas faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an ceann lena mbaineann—

(i) an t-iarratas nó cóip de nó, murab indéanta sin, nótaíl ina gcuirfear in iúl go ndearnadh an t-iarratas, a chur i gceangal leis an taifead lena mbaineann, agus

(ii) sonraí faoi na nithe seo a leanas a chur san fhógra faoi *fho-alt (3)*—

(I) cearta athbhreithnithe agus achomhairc faoin Acht seo i ndáil leis an mbreith diúltú géilleadh don iarratas, agus

(II) an nós imeachta lena rialaítear feidhmiú na gceart sin agus aon teorainneacha ama lena rialaítear an feidhmiú sin.

(b) Níl feidhm ag *mír (a)(i)* i ndáil le cás inarb é tuairim an chinn lena mbaineann go bhfuil inneachair an iarratais lena mbaineann clúmhillteach nó go mbeadh toirt nach gá i gceist sna hathruithe ar an taifead áirithe lena mbaineann an t-iarratas nó sna breisithe leis an taifead sin.

(5) I gcás go leasófar taifead de bhun an ailt seo, déanfaidh an comhlacht saorála faisnéise lena mbaineann gach beart réasúnach chun fógra a thabhairt maidir leis an leasú a dhéanamh—

(a) d'aon duine dár tugadh rochtain ar an taifead faoin Acht seo, agus

(b) d'aon chomhlacht saorála faisnéise eile dár tugadh cóip den taifead,

le linn na tréimhse bliana dar críoch an dáta a rinneadh an leasú.

(6) D'ainneoin *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire foráil a dhéanamh le rialacháin maidir le duine díobh seo a leanas do dhéanamh iarratas faoin bhfo-alt sin—

(a) tuismitheoir nó caomhnóir pearsan aonair dá dtagraítear san *fho-alt* sin, má bhaineann an phearsa aonair le haicme a shonraítear sna rialacháin, nó

(b) i gcás go mbeidh pearsa aonair den sórt sin marbh, duine d'aicme a shonraítear sna rialacháin.

(7) Féadfaidh ceann a ndéanfar iarraidh faoin alt seo chuige nó chuici diúltú géilleadh don iarraidh más rud é, i dtuairim an chinn, go bhfuil an iarraidh suaibhreasach nó cráiteach nó gur cuid í an iarraidh de phatrún iarrataí atá míréasúnach go follasach ón iarrthóir céanna nó ó iarrthóirí éagsúla ar dealraitheach go ndearna siad na hiarrataí agus iad ag gníomhú de chomhbheart.

- (8) Cuirfidh ceann faoi deara go ndéanfar fógra á rá go bhfuair sé nó sí iarratas faoin alt seo a thabhairt don iarratasóir ar an modh a shonraítear in *alt 12(2)*.
- (9) I gcás breith diúltú géilleadh d'iarratas faoin alt seo, beidh an fógra faoi *fho-alt (3)* i ndáil leis an mbreith de réir *alt 13(2)(d)*.
- (10) Beidh sé sainráite in iarratas faoin alt seo gur iarratas den sórt sin é agus beidh dóthain sonraí ann i ndáil leis an bhfaisnéis phearsanta lena mbaineann chun gur féidir an taifead a aithint trí bhearta réasúnacha a dhéanamh.
- (11) D'ainneoin *fho-alt (10)*, i gcás go bhfaighidh comhlacht saorála faisnéise—
- iarratas a airbheartóidh gur iarratas faoin alt seo é ach nach bhfuil san fhoirm chúí, nó
 - iarratas nach n-airbheartóidh gur iarratas faoin alt seo é ach lena ndéanfar iarratas chun faisnéis phearsanta a leasú nach féidir leasú a dhéanamh uirthi ach amháin trí iarratas faoin alt seo,

tabharfaidh an ceann cúnamh don phearsa aonair, nó tairgfídh sé nó sí cúnamh don phearsa aonair, le linn iarratas faoin alt seo a ullmhú.

Ceart duine chun faisnéise maidir le gníomhartha comhlachtaí saorála faisnéise a dhéanann difear don duine

- 10.** (1) Déanfaidh ceann comhlachta saorála faisnéise, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuige nó chuici, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, ag duine a ndéanann gníomh de chuid an chomhlachta difear dó nó di agus a bhfuil leas ábhartha aige nó aici i ní dá ndéanann an gníomh difear nó lena mbaineann sé, a chur faoi deara, tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis dó nó di an t-iarratas a fháil, ráiteas, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, a thabhairt don duine, ar ráiteas é ina luafar—
- na cúiseanna atá leis an ngníomh, agus
 - aon fhionnachtana maidir le haon saincheisteanna ábhartha fíorais a bheidh déanta chun críocha an ghnímh.
- (2) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gceanglaítear—
- faisnéis a thabhairt do dhuine atá i dtaifead a ndiúltófaí é a scaoileadh mar thaifead díolmhaithe, nó
 - a nochtadh gurb ann nó nach ann do thaifead má cheanglaítear leis an Acht seo gan a nochtadh an ann nó nach ann dó.
- (3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)*—
- maidir le breith de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí nó de chuid sealbhóir ceadúnais eile lena mbaineann faoi alt 24(8) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, gan glacadh le duine mar dhuine atá cáilithe le haghaidh post dá dtagraítear san alt sin, nó

- (b) maidir le breith de chuid Phríomh-Fheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, arna tabhairt de bhua alt 7 d'Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926, gan duine a mholadh d'údarás áitiúil lena cheapadh nó lena ceapadh chun oifige dá dtagraítear san alt sin,

más rud é, i dtuairim an chinn lena mbaineann, gur dóigh, dá dtabharfaí ráiteas faoi fho-alt (1) i ndáil leis an mbreith, go ndéanfaí dochar d'éifeachtacht an phróisis chun duine a roghnú lena cheapadh nó lena ceapadh chun an phoist nó chun na hoifige.

- (4) Más rud é, de bhun *fho-alt* (2) nó (3), go dtabharfaidh ceann comhlachta saorála faisnéise breith gan a chur faoi deara ráiteas faoi *fho-alt* (1) a thabhairt do dhuine, cuirfidh an ceann faoi deara, tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis an t-iarratas lena mbaineann faoi *fho-alt* (1) a fháil, fógra, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, a thabhairt don duine maidir leis an mbreith.
- (5) Chun críocha an ailt seo, tá leas ábhartha ag duine i ní dá ndéanann gníomh de chuid comhlacht saorála faisnéise difear nó lena mbaineann gníomh den sórt sin más rud é go bhféadfadh sé gurbh é toradh nó éifeacht an ghnímh ná go dtabharfaí tairbhe don duine nó go gcoimeádfaí tairbhe siar ón duine gan í a thabhairt freisin, nó gan í a choimeád siar freisin, do dhaoine i gcoitinne nó uathu nó d'aicme daoine nó ó aicme daoine atá sách líonmhar ag féachaint do na himthosca go léir agus ar duine den aicme sin an duine.
- (6) D'ainneoin *fho-alt* (1), féadfaidh an tAire foráil a dhéanamh le rialacháin maidir le duine díobh seo a leanas do dhéanamh iarratas faoin bhfo-alt sin—
- (a) tuismitheoir nó caomhnóir duine dá dtagraítear san fho-alt sin más rud é gur duine d'aicme a shonraítear sna rialacháin an duine, nó
- (b) i gcás go bhfuil duine den sórt sin marbh, duine d'aicme a shonraítear sna rialacháin.
- (7) Féadfaidh ceann a ndéanfar iarraidh chuige nó chuici faoin alt seo diúltú géilleadh don iarraidh más rud é, i dtuairim an chinn, go bhfuil an iarraidh suaibhreasach nó cráiteach nó gur cuid í an iarraidh de phatrún iarrataí atá míréasúnach go follasach ón iarrthóir céanna nó ó iarrthóirí éagsúla ar dealraitheach, i dtuairim an chinn, go ndearna siad na hiarrataí agus iad ag gníomhú de chomhbheart.
- (8) Cuirfidh ceann faoi deara go ndéanfar fógra á rá go bhfuair sé nó sí iarratas faoin alt seo a thabhairt don iarratasóir ar an modh a shonraítear in *alt* 12(2).
- (9) I gcás breith diúltú géilleadh d'iarratas faoin alt seo, beidh an fógra faoi *fho-alt* (4) i ndáil leis an mbreith de réir *alt* 13(2)(d).
- (10) Beidh sé sainráite in iarratas faoin alt seo gur iarratas den sórt sin é.
- (11) D'ainneoin *fho-alt* (10), i gcás go bhfaighidh comhlacht saorála faisnéise—
- (a) iarratas a airbheartóidh gur iarratas faoin alt seo é ach nach bhfuil san fhoirm chuí, nó
- (b) iarratas nach n-airbheartóidh gur iarratas faoin alt seo é ach lena ndéanfar iarratas ar an bhfaisnéis nach féidir rochtain a fháil uirthi ach amháin trí iarratas faoin alt seo,

tabharfaidh an ceann cúnamh don phearsa aonair, nó tairgfídh sé nó sí cúnamh don phearsa aonair, le linn iarratas faoin alt seo a ullmhú.

(12) (a) Déanfar iarratas faoin alt seo laistigh de 12 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an gníomh ar iúl an duine dá ndéanann sé difear.

(b) D’ainneoin *mhír (a)*, i gcás gur chóir sin mar gheall ar na himthosca áirithe, féadfaidh an ceann glacadh le hiarratas lasmuigh den teorainn ama a shonraítear sa mhír sin.

(13) San alt seo—

folaíonn “gníomh”, i ndáil le comhlacht saorála faisnéise, breith (seachas breith faoin Acht seo) de chuid an chomhlachta;

ciallaíonn “gníomh de chuid comhlacht saorála faisnéise” aon ghníomh arna dhéanamh ag an gcomhlacht saorála faisnéise lena mbaineann ar an dáta éifeachtach nó dá éis;

folaíonn “tairbhe”, i ndáil le duine—

(a) aon bhuntáiste don duine,

(b) i leith gníomh de chuid comhlacht saorála faisnéise arna dhéanamh ar iarraidh a fháil ón duine, aon toradh a bheidh ar an ngníomh, nó aon éifeacht a bheidh leis, maidir leis an duine, agus

(c) cailteanas, dliteanas, pionós, forghéilleadh, pionósú nó míbhuntáiste eile, a dhéanfaidh difear don duine, a sheachaint.

CAIBIDIL 2

Iarrataí Saorála Faisnéise

Rochtain ar thaifid

11. (1) Faoi réir an Achta seo, tá ceart rochtana ag gach duine ar aon taifead atá i seilbh comhlacht saorála faisnéise agus, ar iarraidh a dhéanamh chuige sin, tairgfear an rochtain sin dó nó di agus gairtear an ceart rochtana san Acht seo den cheart a thugtar amhlaidh.

(2) Tabharfaidh comhlacht saorála faisnéise cúnamh réasúnach do dhuine atá ag lorg taifead faoin Acht seo—

(a) i ndáil leis an iarraidh saorála faisnéise ar rochtain ar an taifead a dhéanamh, agus

(b) má tá an duine faoi mhíchumas, chun gur fusa don duine a chearta nó a cearta faoin Acht seo a fheidhmiú.

(3) Beidh aird ag comhlacht saorála faisnéise ar na nithe seo a leanas, le linn dó aon fheidhm faoin Acht seo a chomhlíonadh—

(a) an gá atá ann níos mó oscailteachta i ngníomhaíochtaí comhlachtaí saorála faisnéise a bhaint amach agus go gcuirfear chun cinn go gcloífídh siad le prionsabal na trédhearcachta i ngnóthaí rialtais agus i gcúrsaí poiblí,

(b) an gá atá ann cuntasacht comhlachtaí saorála faisnéise a neartú agus cáilíocht cinnteoireachta comhlachtaí saorála faisnéise a fheabhsú, agus

(c) an gá atá ann bonn eolais a chur faoi ghrinnscrúdú, plé, trácht agus athbhreithniú ag an bpobal i dtaobh gníomhaíochtaí comhlachtaí saorála faisnéise agus rannpháirteachas níos éifeachtaí ag an bpobal a éascú i gcomhchomhairliúcháin a bhaineann le ról, freagrachtaí agus feidhmíocht comhlachtaí saorála faisnéise.

(4) Is iad seo a leanas na taifid dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

(a) taifid arna gcruthú ar an dáta éifeachtach nó dá éis, agus

(b) (i) taifid a cruthaíodh le linn cibé tréimhse (más ann), nó tar éis cibé tráth (más ann), roimh an dáta sin, agus

(ii) taifid a cruthaíodh roimh cibé dáta agus a bhaineann le cibé nithe áirithe (más ann), agus

(iii) taifid a cruthaíodh le linn cibé tréimhse (más ann) agus a bhaineann le cibé nithe áirithe (más ann),

a fhorordófar, tar éis dul i gcomhairle le cibé Airí den Rialtas a mheasfaidh an tAire is cuí.

(5) D'ainneoin *fho-ailt (1)* agus (4), ach faoi réir *fho-alt (6)*, más rud é—

(a) gur gá nó gur fóirsteanach rochtain a fháil ar thaifid a cruthaíodh roimh an dáta éifeachtach chun taifid arna gcruthú tar éis an dáta sin a thuiscint, nó

(b) go mbaineann taifid a cruthaíodh roimh an dáta éifeachtach le faisnéis phearsanta maidir leis an duine a mbeidh rochtain orthu á lorg aige nó aici,

forléireofar *fo-alt (1)* mar *fho-alt* lena dtugtar ceart rochtana i leith na dtaifead sin.

(6) Ní fhorléireofar *fo-alt (4)* mar *fho-alt* lena gcuirtear i bhfeidhm, i ndáil le pearsa aonair is comhalta d'fhoireann comhlachta saorála faisnéise, an ceart rochtana ar thaifead atá i seilbh comhlacht saorála faisnéise—

(a) ar taifead pearsanra é, is é sin le rá, taifead a bhaineann go hiomlán nó go príomha le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas, is é sin le rá, inniúlacht nó cumas na pearsan aonair ina cháil nó ina cáil mar chomhalta d'fhoireann comhlachta saorála faisnéise nó a fhostaíocht nó a fostaíocht nó a stair fostaíochta nó meastóireacht ar chomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna i gcoitinne nó feidhme áirithe den sórt sin mar chomhalta den sórt sin,

(b) a chruthaigh an comhlacht saorála faisnéise lena mbaineann níos mó ná 3 bliana roimh an dáta éifeachtach, agus

(c) nach bhfuil á úsáid nó nach mbeartaítear a úsáid ar mhodh nó chun críche a dhéanann nó a dhéanfaidh dochar, nó a fhéadfaidh dochar a dhéanamh, do leasanna an duine.

(7) Ní dhéanfar aon ní san alt seo a fhorléiriú mar ní lena ndéantar an ceart rochtana a chur i bhfeidhm ar thaifead díolmhaithe—

- (a) i gcás gur díolmhú sainordaitheach an díolmhú, nó
 - (b) i gcás go n-oibríonn an díolmhú de bhua feidhmiú rogha lena gceanglaítear leas an phobail a mheas, más tromáí na tosca i bhfabhar diúltú ná na tosca i bhfabhar scaoileadh.
- (8) Ní dhéanfar aon ní san Acht seo a fhorléiriú mar ní a thoirisceann nó a chuireann srian ar chomhlacht saorála faisnéise taifead (lena n-áirítear taifead díolmhaithe) a fhoilsiú nó rochtain air a thabhairt ar shlí seachas faoin Acht seo i gcás nach dtairmistear le dlí an foilsiú sin a dhéanamh nó an rochtain sin a thabhairt.
- (9) Aon taifead atá i seilbh soláthraí seirbhíse, measfar, chun críocha an Achta seo, má bhaineann agus a mhéid a bhaineann an taifead leis an tseirbhís, é a bheith i seilbh an chomhlachta saorála faisnéise, agus measfar foráil a bheith sa chonradh le haghaidh na seirbhíse go ndéanfaidh an soláthraí seirbhíse, má iarrann an comhlacht saorála faisnéise air nó uirthi amhlaidh chun críocha an Achta seo, an taifead a thabhairt don chomhlacht saorála faisnéise lena choinneáil aige ar feadh cibé tréimhse is réasúnach sna himthosca áirithe.
- (10) I gcás gur comhlacht poiblí a shonraítear i gCuid 2 de Sceideal 1 duine a bhfuil nó a raibh seirbhís á soláthar aige nó aici do chomhlacht poiblí faoi chonradh le haghaidh na seirbhíse, ach, díreach roimh achtú an Achta seo, nár chomhlacht poiblí a raibh feidhm ag Acht 1997 maidir leis é nó í, ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (9) maidir le taifid a shealbhaíonn an comhlacht poiblí sin i leith an chonartha le haghaidh seirbhíse a sholáthraíonn sé le haghaidh an chomhlachta phoiblí eile go dtí 6 mhí tar éis dháta an achtaithe sin.
- (11) I gcás go ngéillfí, de bhua *fho-alt* (9), d'iarraidh saorála faisnéise murach go mbaineann sí le taifead a bhfuil ábhar eile ann mar aon leis an ábhar a bhaineann leis an tseirbhís lena mbaineann, déanfaidh ceann an chomhlachta saorála faisnéise lena mbaineann, más indéanta déanamh amhlaidh, cóip a ullmhú, i cibé foirm a mheasfaidh sé nó sí is cuí, den mhéid sin den taifead nach é an t-ábhar eile réamhráite é agus géillfear don iarraidh trí rochtain ar an gcóip a thairiscint don iarrthóir.

Iarrataí ar rochtain ar thaifid

12. (1) Aon duine ar mian leis nó léi an ceart rochtana a fheidhmiú, déanfaidh sé nó sí iarraidh, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, agus í dírithe chuig ceann an chomhlachta saorála faisnéise lena mbaineann, ar rochtain ar an taifead lena mbaineann agus, san iarraidh sin—
- (a) déarfear go bhfuil an iarraidh á déanamh faoin Acht seo,
 - (b) beidh dóthain sonraí i ndáil leis an bhfaisnéis lena mbaineann chun gur féidir an taifead a aithint trí bhearta réasúnacha a ghlacadh, agus
 - (c) má éilíonn an duine go dtabharfar an rochtain sin i bhfoirm áirithe nó ar mhodh áirithe (ar foirm í nó ar modh é dá dtagraítear in *alt* 17), sonrófar an fhoirm nó an modh rochtana.
- (2) Cuirfidh an ceann faoi deara go ndéanfar fógra, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, á rá go bhfuair sé nó sí iarraidh faoi *fho-alt* (1), a thabhairt don iarrthóir lena mbaineann a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis dó

nó di an iarraidh sin a fháil, agus áireofar san fhógra achoimre ar fhorálacha *alt 19* agus sonraí faoi na cearta athbhreithnithe faoin Acht seo, faoin nós imeachta lena rialaítear feidhmiú na gceart sin, agus faoi na teorainneacha ama lena rialaítear an feidhmiú sin, i gcás a bhfuil feidhm ag an alt sin maidir leis.

(3) I gcás go bhfaighidh ceann comhlachta saorála faisnéise (“ceann”) iarraidh faoin alt seo agus nach bhfuil an taifead nó na taifid lena mbaineann i seilbh an chomhlachta (“an comhlacht céadluaite”) ach go bhfuil sé nó siad, go bhfios don cheann, i seilbh comhlacht saorála faisnéise eile amháin nó níos mó, cuirfidh an ceann faoi deara, a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis an iarraidh a fháil, cóip den iarraidh a thabhairt do cheann an chomhlachta eile nó, de réir mar a bheidh, do cheann an chomhlachta amháin sin de na comhlachtaí eile—

(a) a bhfuil, i dtuairim an chinn, an bhaint is dlúithe ag a fheidhmeanna le hábhar na dtaifead lena mbaineann, nó

(b) arb é is mó is cuí thairis sin, i dtuairim an chinn,

agus cuirfidh sé nó sí in iúl don iarrthóir lena mbaineann, le fógra i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, go ndearna sé nó sí amhlaidh agus air sin—

(i) measfar, chun críocha an Achta seo, go bhfuil an iarraidh faoin alt seo faighte ag an gceann dá dtugtar an chóip a dúradh agus go bhfuair sé nó sí í an tráth a fuair sé nó sí an chóip, agus

(ii) measfar, chun críocha an Achta seo, nach bhfuil an iarraidh faighte ag an gceann.

(4) I gcás go bhfaighidh ceann comhlachta saorála faisnéise (“an comhlacht céadluaite”) iarraidh faoin alt seo a bhaineann le níos mó ná taifead amháin agus go mbeidh ceann amháin nó níos mó de na taifid lena mbaineann (ach nach mbeidh siad go léir) i seilbh an chomhlachta, déanfaidh an ceann, le fógra i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, ainmneacha aon chomhlachta saorála faisnéise eile a bhfuil, go bhfios dó nó di, aon cheann de na taifid ina sheilbh, a chur in iúl don iarrthóir lena mbaineann.

(5) Measfar an fios dá dtagraítear i *bhfo-ailt (3)* agus *(4)* a bheith ag duine más rud é go bhféadfadh sé nó sí an fios sin a fháil trí bhearta réasúnacha a ghlacadh.

(6) Más rud é—

(a) go ndéanfaidh duine iarraidh ar fhaisnéis, nó iarraidh le haghaidh rochtain ar thaifead, chuig comhlacht saorála faisnéise nó chuig ceann comhlachta saorála faisnéise nó stiúrthóir air, nó chuig comhalta dá fhoireann, seachas faoi réim agus de réir an Achta seo, agus

(b) nach féidir nó go bhféadfadh sé nach féidir an fhaisnéis a thabhairt, nó an taifead a chur ar fáil, seachas de bhun iarraidh saorála faisnéise i ndáil léi nó leis faoi réim agus de réir an ailt seo,

cuirfidh an ceann faoi deara an ceart rochtana a chur in iúl don duine, más cuí, agus tabharfaidh sé nó sí cúnaimh don duine, nó tairgfídh sé nó sí cúnaimh don duine, le linn iarraidh den sórt sin a ullmhú.

- (7) I gcás go ndéanfaidh duine iarraidh faoin alt seo, féadfaidh an comhlacht saorála faisnéise, tar éis an iarraidh a scrúdú, a chur in iúl don iarrthóir, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, an bhféadfar rochtain a fháil ar na taifid lena mbaineann—
- (a) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Faisnéis ón Earnáil Phoiblí a Athúsáid), 2005 (I.R. Uimh. 279 de 2005), nó
- (b) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007 (I.R. Uimh. 133 de 2007),

seachas faoin Acht seo.

- (8) Aon duine a dhéanfaidh iarraidh faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh sé nó sí, aon tráth sula dtabharfar breith faoi *alt 13(1)* i ndáil leis an iarraidh, le fógra i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, a thabharfar don cheann lena mbaineann, an iarraidh a tharraingt siar agus cuirfidh an ceann lena mbaineann faoi deara fógra faoin tarraingt siar a thabhairt d'aon duine eile ar chóir é a thabhairt dó nó di i dtuairim an chinn.

Breitheanna maidir le hiarrataí saorála faisnéise agus fógra a thabhairt maidir le breitheanna

- 13.** (1) Faoi réir an Achta seo, déanfaidh ceann, a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 4 seachtaine, tar éis iarraidh saorála faisnéise a fháil—
- (a) breith a thabhairt i dtaobh cibé acu a ghéillfear don iarraidh nó a dhiúltófar géilleadh di nó a ghéillfear go páirteach di,
- (b) má thugann sé nó sí breith géilleadh, go hiomlán nó go páirteach, don iarraidh, an fhoirm ina bhfeidhmeofar agus an modh ar a bhfeidhmeofar an ceart rochtana a chinneadh, agus
- (c) a chur faoi deara go ndéanfar fógra, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, maidir leis an mbreith agus leis an gcinneadh a thabhairt don iarrthóir lena mbaineann.
- (2) Sonrófar na nithe seo a leanas i bhfógra faoi *fho-alt (1)*—
- (a) an bhreith faoin bhfo-alt sin agus an lá a tugadh í,
- (b) ainm agus ainmníocht an duine sa chomhlacht saorála faisnéise lena mbaineann atá ag déileáil leis an iarraidh, mura greideann an ceann lena mbaineann, le réasún, go bhféadfaí dochar a dhéanamh do shábháilteacht nó do dhea-bhail an duine lena mbaineann dá nochtfaí iad,
- (c) má ghéilltear don iarraidh réamhráite, go hiomlán nó go páirteach—
- (i) an lá ar a ndéanfar, an fhoirm ina ndéanfar agus an modh ar a ndéanfar, rochtain ar an taifead lena mbaineann a thairiscint don iarrthóir lena mbaineann agus an tréimhse a gcoimeádfar an taifead ar fáil lena linn chun críche na rochtana sin, agus
- (ii) méid aon táille faoi *alt 27* is iníoctha ag an iarrthóir i leith géilleadh don iarraidh,

(d) má dhiúltaítear don iarraidh réamhráite, go hiomlán nó go páirteach—

(i) na cúiseanna atá leis an diúltú, agus

(ii) mura diúltú de bhun *alt 28(5), 31(4), 32(2), 33(4), 35(4), 36(4)* nó *37(6)* an diúltú, aon fhoráil den Acht seo ar dá bun a dhiúltaítear don iarraidh agus na fionnachtana maidir le haon saincheisteanna ábhartha is iomchuí maidir leis an mbreith agus sonraí faoi aon ní a bhaineann le leas an phobail agus a cuireadh san áireamh chun críocha na breithe,

(e) má dhéantar tabhairt rochtana ar an taifead a iarchur faoi *alt 16*, na cúiseanna atá leis an iarchur agus tréimhse an iarchuir, agus

(f) sonraí faoi chearta athbhreithnithe agus achomhairc faoin Acht seo i ndáil leis an mbreith faoi *fho-alt (1)* agus le haon bhreith eile dá dtagraítear san fhógra, faoin nós imeachta lena rialaítear feidhmiú na gceart sin agus faoi na teorainneacha ama lena rialaítear an feidhmiú sin.

(3) Faoi réir an Achta seo, i gcás go ngéillfear d'iarraidh faoi *fho-alt (1)*—

(a) más rud é—

(i) nach ngearrtar táille faoi *alt 27* i leith an ní,

(ii) gur íocadh éarlais faoin alt sin agus go ngearrtar táille faoin alt sin agus go bhfuil méid na héarlaise comhionann le méid na táille nó níos mó ná an méid sin, nó

(iii) gur íocadh éarlais den sórt sin ach nach ngearrtar táille den sórt sin,

déanfar rochtain ar an taifead lena mbaineann a thairiscint láithreach don iarrthóir lena mbaineann agus déanfar an taifead a choimeád ar fáil chun críche na rochtana sin ar feadh tréimhse 4 seachtaine dá éis sin, agus

(b) má ghearrtar táille amhlaidh, déanfar rochtain ar an taifead lena mbaineann a thairiscint don iarrthóir lena mbaineann a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná seachtain amháin i ndiaidh an lae a gheobhaidh an comhlacht saorála faisnéise lena mbaineann an táille, agus déanfar an taifead a choimeád ar fáil chun críche na rochtana sin—

(i) go dtí deireadh na tréimhse 4 seachtaine ón táille sin a fháil, nó

(ii) go dtí deireadh na tréimhse 8 seachtaine ón tráth a gheobhaidh an t-iarrthóir lena mbaineann an fógra faoi *fho-alt (1)* lena mbaineann,

cibé acu is luaithe.

(4) Faoi réir an Achta seo, le linn breith a thabhairt i dtaobh cibé acu a ghéillfear d'iarraidh saorála faisnéise nó a dhiúltófar géilleadh di, tabharfar neamhaird—

(a) ar aon chúis a thugann an t-iarrthóir leis an iarraidh, agus

(b) ar aon bharúil nó tuairim a bheidh ag an gceann i dtaobh cad iad na cúiseanna atá ag an iarrthóir leis an iarraidh.

- (5) Ní fhorléireofar an t-alt seo mar alt lena gceanglaítear ábhar a chur i bhfógra faoi *fho-alt (1)* ar ábhar é a d'fhágadh, dá gcuirfí i dtaifead é, gur taifead díolmhaithe a bheadh sa taifead.
- (6) Folaíonn tagairtí san alt seo do ghéilleadh d'iarraidh saorála faisnéise tagairtí do ghéilleadh den sórt sin de bhun *alt 18*.

An tréimhse ama a fhadú chun iarrataí saorála faisnéise a bhreithniú

- 14.** (1) Féadfaidh an ceann, maidir le hiarraidh saorála faisnéise a gheobhaidh sé nó sí (an “iarraidh shonraithe”), an tréimhse a shonraítear in *alt 13(1)* chun an iarraidh a bhreithniú a fhadú de cibé tréimhse a mheasfaidh sé nó sí is gá ach nach faide ná tréimhse 4 seachtaine más rud é, i dtuairim an chinn—
- (a) go mbaineann an iarraidh leis an oiread sin taifead, nó
- (b) go raibh an oiread sin iarrataí saorála faisnéise eile a bhaineann leis an taifead nó leis na taifid lena mbaineann an iarraidh shonraithe, nó le faisnéis a fhreagraíonn don fhaisnéis sin lena mbaineann an iarraidh shonraithe, nó leo araon, déanta chuig an gcomhlacht saorála faisnéise lena mbaineann sula ndearnadh an iarraidh shonraithe chuige agus nach bhfuil breith faoi *alt 13* tugtha i ndáil leo,

nach féidir le réasún an fo-alt sin a chomhlíonadh laistigh den tréimhse a shonraítear ann.

- (2) I gcás go bhfadófar tréimhse faoin alt seo, cuirfidh an ceann lena mbaineann faoi deara fógra i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, maidir leis an bhfadú agus le tréimhse an fhadaithe agus leis na cúiseanna atá leis an bhfadú, a thabhairt don iarrthóir lena mbaineann roimh dheireadh na tréimhse.
- (3) Déanfar an tagairt in *alt 13(1)* do 4 seachtaine a fhorléiriú de réir aon fhadú faoin alt seo ar an tréimhse sin.

Diúltú ar fhorais riaracháin géilleadh d'iarrataí saorála faisnéise

- 15.** (1) Féadfaidh ceann a ndéanfar iarraidh saorála faisnéise chuige nó chuici diúltú géilleadh don iarraidh más rud é—
- (a) nach ann don taifead lena mbaineann nó nach féidir é a aimsiú tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun a fháil amach cá bhfuil sé,
- (b) nach gcomhlíonann an iarraidh saorála faisnéise *alt 12(1)(b)*,
- (c) gurb é tuairim an chinn gur ghá, dá ngéillfí don iarraidh, mar gheall ar líon nó ar chineál na dtaifead lena mbaineann nó ar chineál na faisnéise lena mbaineann, líon taifead chomh mór sin a aisghabháil agus a scrúdú, nó scrúdú a dhéanamh ar na taifid lena mbaineann ar scrúdú de shórt é, go gcuirfí bac nó go gcuirfí isteach, go substaintiúil agus go míréasúnach, ar obair an chomhlachta saorála faisnéise lena mbaineann (lena n-áirítear cur isteach ar obair i limistéar feidhme áirithe),
- (d) go bhfuil an fhaisnéis sa réimse poiblí cheana féin,

- (e) go gceanglaítear le dlí an taifead a fhoilsiú agus go mbeartaítear é sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 12 sheachtain tar éis don cheann an iarraidh a fháil,
- (f) go mbeartaíonn an comhlacht saorála faisnéise an taifead a fhoilsiú agus go mbeartaítear an taifead a fhoilsiú amhlaidh tráth nach déanaí ná 6 seachtaine tar éis don cheann an iarraidh a fháil,
- (g) go bhfuil an iarraidh, i dtuairim an chinn, suaibhreasach nó cráiteach nó gur cuid í an iarraidh de phatrún iarrataí atá míréasúnach go follasach ón iarrthóir céanna nó ó iarrthóirí éagsúla ar dealraitheach go ndearna siad na hiarrataí agus iad ag gníomhú de chomhbheart,
- (h) nár íocadh táille nó éarlais is iníoctha faoi *alt 27* i leith na hiarrata lena mbaineann nó i leith iarraidh roimhe sin ón iarrthóir céanna, nó
- (i) go mbaineann an iarraidh le taifid a scaoileadh cheana féin chuig an iarrthóir céanna nó chuig iarrthóir roimhe sin más rud é—
 - (i) go bhfuil na taifid ar fáil don iarrthóir lena mbaineann, nó
 - (ii) gur dealraitheach don cheann lena mbaineann go bhfuil an t-iarrthóir sin ag gníomhú de chomhbheart le hiarrthóir roimhe sin.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, féadfaidh ceann diúltú—

- (a) taifead a thabhairt atá ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal, cibé acu ar íocaíocht a dhéanamh nó saor in aisce, nó
- (b) taifead a thabhairt a bhfuil cóip de ar fáil lena ceannach nó lena tabhairt chun siúil saor in aisce ag daoine den phobal,

de bhua achtacháin (seachas an tAcht seo) nó ar shlí eile.

- (3) Ní bheidh taifead faoi réim *fho-alt (2)* de bhíthin amháin go bhfuil faisnéis ann arb éard í sonraí pearsanta a bhfuil feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 maidir leo.
- (4) Ní dhiúltóidh ceann, de bhun *mhír (b)* nó *(c) d'fho-alt (1)*, géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise murar thug sé nó sí cúnamh, nó murar thairg sé nó sí cúnamh a thabhairt, don iarrthóir lena mbaineann d'fhonn féachaint le leasú a dhéanamh ar an iarraidh lena cur isteach athuair sa chaoi is nach dtiocfadh sí faoi réim na míreanna sin a thuilleadh.

Rochtain ar thaifid a iarchur

16. (1) I gcás go ndéanfar iarraidh saorála faisnéise, agus—

- (a) gur mar fhaisnéis agus mar fhaisnéis amháin do cheachtar Teach den Oireachtas nó dóibh araon nó do choiste de cheachtar Teach acu sin nó díobh araon a ullmhaíodh an taifead lena mbaineann agus go mbeartaítear cóipeanna den taifead a leagan faoi bhráid ceachtar Teach acu sin nó faoina mbráid araon nó a thabhairt do choiste den sórt sin nó a fhoilsiú ar shlí eile do chomhaltáí de cheachtar Teach acu sin nó díobh araon nó do choiste den sórt sin ar lá a bheidh

laistigh de thréimhse réasúnach tar éis don cheann lena mbaineann an iarraidh a fháil (an “lá sonraithe”), nó

- (b) go dtagann faisnéis atá sa taifead lena mbaineann faoi réim *mhír (b), (d) nó (e) d’alt 29(2)* agus go mbeadh sé contrártha do leas an phobail, i dtuairim an chinn lena mbaineann, rochtain ar an taifead a thabhairt ar lá áirithe nó roimh lá áirithe (an “lá sonraithe”), nó
- (c) go bhfuil an taifead lena mbaineann i seilbh Roinn Stáit agus go measfaidh an tAire den Rialtas a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an Roinn sin dílsithe dó nó di gur díol suime chomh mór sin don phobal i gcoitinne an taifead nó cuid de nó aon ní lena mbaineann sé go mbeartaíonn sé nó sí a bhfuil sa taifead nó sa chuid nó an ní a chur in iúl do cheachtar Teach den Oireachtas nó dóibh araon, nó a bhfuil sa taifead nó sa chuid nó faisnéis a bhaineann leis an ní a fhoilsiú ar shlí eile ar lá nach déanaí ná seachtain amháin tar éis an trátha chuí a shonraítear in *alt 13(3)* (an “lá sonraithe”),

féadfaidh an ceann lena mbaineann an tairiscint don iarrthóir lena mbaineann maidir le rochtain ar an taifead a iarchur go dtí an lá díreach i ndiaidh an lae shonraithe.

(2) Forléireofar *alt 13(3)*, agus beidh éifeacht leis, i ndáil le cás ina ndéanfar tairiscint maidir le rochtain ar thaifead a iarchur faoin alt seo—

- (a) amhail is dá gceanglófaí le *mír (a)* den fho-alt sin rochtain ar an taifead a thairiscint don iarrthóir lena mbaineann láithreach ag deireadh thréimhse an iarchuir agus an taifead a choimeád ar fáil chun críche na rochtana sin ar feadh tréimhse 4 seachtaine ina dhiaidh sin, agus
- (b) amhail is dá gceanglófaí le *mír (b)* den fho-alt sin rochtain ar an taifead a thairiscint don iarrthóir a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná seachtain amháin—
 - (i) tar éis dheireadh thréimhse an iarchuir, nó
 - (ii) tar éis an lae a gheobhaidh an comhlacht saorála faisnéise lena mbaineann an táille faoi *alt 27* lena mbaineann,

cibé acu is déanaí agus an taifead a choimeád ar fáil chun críche na rochtana sin—

- (I) go dtí deireadh na tréimhse 4 seachtaine ón táille sin a fháil, nó
- (II) go dtí deireadh na tréimhse 4 seachtaine ó dheireadh thréimhse an iarchuir,

cibé acu is déanaí.

Modh rochtana ar thaifid

17. (1) Féadfaidh ceann rochtain faoin Acht seo a thabhairt ar thaifead trí na nithe seo a leanas a sholáthar don iarrthóir—

- (a) cóip den taifead,
- (b) athscríbhinn den fhaisnéis lena mbaineann,

- (c) leagan leictreonach inchuardaithe den taifead, i gcás go mbeidh sé ar fáil san fhoirm sin agus faoi réir *fho-alt (2)*,
 - (d) deis réasúnach chun an taifead a iniúchadh,
 - (e) i gcás gur taifead fuaime nó amharciómhána an taifead, deis réasúnach chun an taifead a chloisteáil nó breathnú air,
 - (f) i gcás go mbeidh an fhaisnéis luathscríofa nó i gcód eile, an fhaisnéis i bhfoirm neamh-ionchódaithe agus i bhfoirm scríofa nó i cibé foirm eile a chinnfear,
 - (g) an fhaisnéis i cibé foirm nó ar cibé modh eile a chinnfear, nó
 - (h) an fhaisnéis i dteaghlaim d'aon 2 cheann nó níos mó de na slite sin roimhe seo.
- (2) I gcás go dtabharfaidh ceann breith géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise agus gur iarraidh le haghaidh rochtain ar thaifead i bhfoirm nó ar mhodh áirithe í an iarraidh, is san fhoirm sin nó ar an modh sin a thabharfar an rochtain sin mura deimhin leis an gceann lena mbaineann—
- (a) go mbeadh an rochtain sin i bhfoirm nó ar mhodh eile a shonraítear i *bhfo-alt (1)* nó a chinnfear faoi i bhfad níos éifeachtúla, nó
 - (b) dá dtabharfaí rochtain san fhoirm nó ar an modh a iarradh—
 - (i) go ndéanfaí dochar fisiceach don taifead,
 - (ii) go mbeadh sárú ar chóipcheart (seachas cóipcheart ar leis an Stát, leis an Rialtas nó leis an gcomhlacht saorála faisnéise lena mbaineann é) i gceist,
 - (iii) go mbeadh sé ar neamhréir le dualgas dlíthiúil nó le hoibleagáid dhlíthiúil comhlachta saorála faisnéise, nó
 - (iv) go ndéanfaí dochar, díobháil nó damáiste d'aon leas a chosnaítear le *Cuid 4* nó 5.
- (3) I gcás go dtabharfaidh ceann breith géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise ach gan rochtain a thabhairt ar an taifead lena mbaineann san fhoirm nó ar an modh a shonraítear san iarraidh, tabharfaidh sé nó sí an rochtain sin—
- (a) más cás a bhfuil feidhm ag *mír (a) d'fho-alt (2)* maidir leis an cás, san fhoirm chúí nó ar an modh cúí ag féachaint don mhír sin, agus
 - (b) más cás a bhfuil feidhm ag *mír (b)* den fho-alt sin maidir leis an cás, i cibé foirm eile nó ar cibé modh eile a shonraítear i *bhfo-alt (1)* nó a chinnfear faoi agus ar a gcomhaontóidh an ceann agus an t-iarrthóir nó, mura féidir leis na daoine sin comhaontú ar fhoirm den sórt sin, i cibé foirm a shonraítear i *bhfo-alt (1)* agus a mheasfaidh an ceann is cúí.
- (4) I gcás go mbaineann iarraidh saorála faisnéise le sonraí atá i níos mó ná taifead amháin a shealbhaíonn an comhlacht saorála faisnéise lena mbaineann ar fheiste leictreonach—
- (a) faoi réir *mhír (b)*, glacfaidh an comhlacht saorála faisnéise bearta réasúnacha chun na taifid lena mbaineann an iarraidh a chuardach agus a bhaint amach,

ar bearta iad lena ngabhann aon saoráid le haghaidh cuardach nó aisghabháil leictreonach a úsáid a bhí ar marthain ar dháta na hiarrata agus a bhí in úsáid ag an gcomhlacht saorála faisnéise go hiondúil, agus

- (b) más rud é go gcruthófar taifead nua mar thoradh ar na bearta réasúnacha dá dtagraítear i *mír (a)*, measfar, chun breithniú a dhéanamh i dtaobh cibé acu ar chóir nó nár chóir an taifead nua sin a nochtadh mar fhreagra ar an iarraidh, gur cruthaíodh an taifead sin ar an dáta a fuarthas an iarraidh saorála faisnéise.

Rochtain ar chodanna de thaifid

18. (1) I gcás go ngéillfí d'iarraidh saorála faisnéise murach go mbaineann sí le taifead ar taifead díolmhaithe é mar gheall ar ábhar áirithe a bheith ann, mar aon le hábhar eile, déanfaidh ceann an chomhlachta saorála faisnéise lena mbaineann, más indéanta déanamh amhlaidh, cóip a ullmhú, i cibé foirm a mheasfaidh sé nó sí is cuí, den mhéid sin den taifead nach é an t-ábhar áirithe réamhráite é agus géillfear don iarraidh trí rochtain ar an gcóip a thairiscint don iarrthóir.
- (2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le taifead más rud é go mbeadh an chóip, dá ndéanfaí socrú dá chionn sin, míthreorach.
- (3) I gcás go ndéanfar rochtain ar chóip de chuid de thaifead a thairiscint d'iarthóir faoin alt seo, ansin (mura taifead é a bhfuil feidhm ag *alt 28(5)*, *31(4)*, *32(2)*, *33(4)*, *35(4)*, *36(4)* nó *37(6)* maidir leis), sonrófar san fhógra faoi *alt 13(1)* lena mbaineann gur de bhun an ailt seo atá an rochtain sin á tairiscint agus nach n-airbheartaíonn an chóip gur cóip í den taifead iomlán lena mbaineann an iarraidh saorála faisnéise agus sonrófar ann freisin cineál an ábhair atá sa taifead agus ar dá bhua atá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis an taifead.

Breitheanna a mheasfar a bheith tugtha i gcásanna áirithe

19. (1) I gcás nach ndéanfar fógra maidir le breith faoi *alt 9* nó *13* a thabhairt don iarrthóir lena mbaineann nó don duine a rinne an t-iarratas lena mbaineann faoi *alt 9* roimh dhul in éag don tréimhse a shonraítear chun na críche sin in *alt 9* nó *13*, de réir mar a bheidh, measfar, chun críocha an Achta seo, gur tugadh breith ag diúltú géilleadh don iarraidh saorála faisnéise, nó don iarratas faoi *alt 9*, ar an dul in éag sin agus gur duine a raibh na feidhmeanna iomchuí tarmligthe chuige nó chuici faoi *alt 20* a thug í.
- (2) I gcás nach ndéanfar fógra maidir le breith faoi *alt 21* a thabhairt don duine a rinne an t-iarratas lena mbaineann faoin alt sin roimh dhul in éag don tréimhse a shonraítear i *bhfo-alt (4)* den chéanna, measfar, chun críocha an Achta seo, gur tugadh breith ag daingniú na breithe lena mbaineann an t-iarratas ar an dul in éag sin.
- (3) I gcás nach ndéanfar ráiteas faoi *fho-alt (1) d'alt 10*, nó fógra maidir le breith faoi *fho-alt (4)* den alt sin, a thabhairt don duine a rinne an t-iarratas faoin *bhfo-alt* sin (*1*) lena mbaineann roimh dhul in éag don tréimhse a shonraítear chun na críche sin san *fho-alt* sin (*1*) nó (*4*), de réir mar a bheidh, measfar, chun críocha an Achta seo, gur tugadh breith ag diúltú géilleadh don iarratas ar an dul in éag sin agus gur duine a raibh na feidhmeanna iomchuí tarmligthe chuige nó chuici faoi *alt 20* a thug í.

Feidhmeanna áirithe de chuid ceann a tharmligean

20. (1) Féadfaidh ceann aon fheidhm d'fheidhmeanna an chinn faoin Acht seo (seachas an t-alt seo agus *alt 34*) a tharmligean i scríbhinn chuig comhalta d'fhoireann an chomhlachta saorála faisnéise lena mbaineann.

(2) Maidir le tarmligean faoi *fho-alt (1)* (“tarmligean”)—

(a) féadfaidh sé baint a bheith aige le feidhmeanna i gcoitinne nó le feidhmeanna sonraithe nó féadfar é a dhéanamh i leith taifid i gcoitinne nó i leith aicmí sonraithe taifead nó taifid shonraithe, agus

(b) féadfar é a dhéanamh chuig comhalta sonraithe nó comhaltaí sonraithe d'fhoireann an chomhlachta saorála faisnéise lena mbaineann nó chuig cibé comhaltaí ar de chéim shonraithe nó de ghrád sonraithe, nó de chéim nó de ghrád nach ísle ná céim shonraithe nó grád sonraithe, iad,

agus féadfaidh sé feidhmeanna éagsúla nó aicmí éagsúla feidhme a tharmligean chuig comhaltaí éagsúla nó chuig aicmí éagsúla comhaltaí den sórt sin.

(3) Féadfaidh an duine atá, de thuras na huair, ina cheann nó ina ceann ar an gcomhlacht saorála faisnéise lena mbaineann tarmligean a chúlghairm go hiomlán nó go páirteach nó a leasú i scríbhinn.

(4) Oibreoidh tarmligean, fad a leanfaidh sé i bhfeidhm, chun an fheidhm nó na feidhmeanna a tharmligear leis an tarmligean a thabhairt don duine lena mbaineann agus a dhílsiú dó nó di.

(5) Déanfar tagairtí san Acht seo do cheann, más cuí ag féachaint don chomhthéacs agus d'aon tarmligean faoin alt seo, a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn tagairtí d'aon duine a mbeidh feidhmeanna arna dtarmligean chuige nó chuici leis an tarmligean.

CAIBIDIL 3

*Athbhreithniú Inmheánach***Cinn d'athbhreithniú breitheanna faoi *Chaibidlí 1* agus *2***

21. (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le breith a thug duine, de bhun an Achta seo, a raibh an fheidhm lena mbaineann tarmligthe chuige nó chuici an tráth a tugadh an bhreith, ar breith díobh seo a leanas í—

(a) breith diúltú, go hiomlán nó go páirteach, géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise, (seachas iarraidh a bhfuil feidhm ag *alt 38* maidir léi) (“iarraidh”) i ndáil leis an taifead lena mbaineann,

(b) breith faoi *alt 9* diúltú taifead a leasú,

(c) breith faoi *alt 10* i ndáil lena bhfuil i ráiteas arna thabhairt faoi *fho-alt (1)* den alt sin nó breith diúltú d'iarratas faoin bhfo-alt sin,

(d) breith faoi *alt 16* tairiscint maidir le rochtain ar thaifead a thagann faoi réim *mhír (a) d'fho-alt (1)* den alt sin a iarchur,

- (e) breith faoi *alt 17* géilleadh d'iarraidh trí rochtain ar an taifead lena mbaineann a thabhairt i bhfoirm seachas an fhoirm a shonraítear san iarraidh,
 - (f) breith faoi *alt 18* géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise trí rochtain a thairiscint don iarrthóir lena mbaineann ar chóip de chuid den taifead lena mbaineann, agus de chuid de amháin, nó
 - (g) breith táille nó éarlais, nó táille nó éarlais de mhéid áirithe, a ghearradh faoi *alt 27*.
- (2) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh ceann an chomhlachta saorála faisnéise lena mbaineann, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuige nó chuici, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, ag duine iomchuí—
- (a) athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi, agus
 - (b) tar éis an athbhreithnithe, de réir mar a mheasfaidh sé nó sí is cuí—
 - (i) an bhreith a dhaingniú nó a athrú, nó
 - (ii) an bhreith a neamhniú agus, más cuí, cibé breith a thabhairt i ndáil leis an ní a mheasfaidh sé nó sí is cóir,

de réir an Achta seo.

- (3) Aon duine a bhfuil feidhm faoin alt seo tarmligthe chuige nó chuici faoi *alt 20*, ní chomhlíonfaidh sé nó sí an fheidhm sin i ndáil le breith a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi ar breith í a thug comhalta d'fhoireann an chomhlachta saorála faisnéise lena mbaineann arbh ionann céim dó nó di agus céim an duine réamhráite nó arbh airde céim dó nó di ná céim an duine réamhráite.
- (4) Tabharfar breith faoi *fho-alt (2)*, agus cuirfidh an ceann lena mbaineann faoi deara fógra maidir leis an mbreith, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, a thabhairt don duine iomchuí agus d'aon duine eile a measfaidh sé nó sí gur chóir fógra maidir leis an mbreith a thabhairt dó nó di, tráth nach déanaí ná 3 seachtaine tar éis don cheann an t-iarratas ar an athbhreithniú faoin bhfo-alt sin lena mbaineann a fháil.
- (5) Sonrófar i bhfógra faoi *fho-alt (4)*—
 - (a) an lá a tugadh an bhreith lena mbaineann faoin bhfo-alt sin,
 - (b) más breith í géilleadh, go hiomlán nó go páirteach, don iarraidh saorála faisnéise lena mbaineann, an fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 13(2)(c)*,
 - (c) más breith í diúltú géilleadh, go hiomlán nó go páirteach, don iarraidh réamhráite, an fhaisnéis a shonraítear i *bhfomhír (i)* de *mhír (d) d'alt 13(2)* agus, mura diúltú de bhun *alt 15(1)(c)*, *28(5)*, *31(4)*, *32(2)*, *33(4)*, *35(4)*, *36(4)* nó *37(6)* an diúltú, an fhaisnéis a shonraítear i *bhfomhír (ii)* den mhír sin,
 - (d) más breith í tabhairt rochtana ar an taifead lena mbaineann a iarchur, na cúiseanna atá leis an iarchur agus tréimhse an iarchuir,
 - (e) más breith dá dtagraítear i *mír (b)*, *(c)*, *(e)*, *(f)* nó *(g) d'fho-alt (1)* an bhreith, na cúiseanna atá leis an mbreith, agus

- (f) sonraí faoi na cearta athbhreithnithe agus achomhairc faoin Acht seo i ndáil leis an mbreith, an nós imeachta lena rialaítear feidhmiú na gceart sin agus na teorainneacha ama lena rialaítear an feidhmiú sin.
- (6) Ní fhorléireofar an t-alt seo mar alt lena gceanglaítear ábhar a chur i bhfógra faoi *fho-alt (4)* ar ábhar é a d'fhágfadh, dá gcuirfí i dtáifead é, gur taifead díolmhaithe a bheadh sa taifead.
- (7) Déanfar iarratas ar athbhreithniú faoi *fho-alt (2)* tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis fógra maidir leis an mbreith lena mbaineann a thabhairt faoin Acht seo don duine iomchuí lena mbaineann nó, i gcás go mbeidh an ceann lena mbaineann den tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann chun an tréimhse sin a fhadú, deireadh cibé tréimhse is faide ná sin a chinnfidh sé nó sí.
- (8) Féadfaidh an duine iomchuí lena mbaineann, tráth ar bith roimh bhreith a thabhairt faoi *fho-alt (2)* tar éis an athbhreithnithe lena mbaineann, an t-iarratas lena mbaineann faoin bhfo-alt sin a tharraingt siar le fógra, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, arna thabhairt don cheann lena mbaineann agus cuirfidh an ceann lena mbaineann faoi deara cóip d'aon fhógra a bheidh tugtha dó nó di faoin bhfo-alt seo a thabhairt d'aon duine eile ar chóir, i dtuairim an chinn, í a thabhairt dó nó di.
- (9) Beidh feidhm ag *fo-alt (3) d'alt 13* i ndáil le cás inarb é atá i mbreith faoi *fho-alt (2)* breith géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise nó iarchur faoi *alt 16* a neamhniú nó a athrú fairis an modhnú go ndéanfar an tagairt san *fho-alt sin (3)* do ghéilleadh d'iarraidh faoi *fho-alt (1) d'alt 13* a fhorléiriú mar thagairt don bhreith faoi *fho-alt (2)* a thabhairt.
- (10) Faoi réir an Achta seo, maidir le breith faoi *fho-alt (2)*—
- (a) a mhéid a bheidh sí ar neamhréir leis an mbreith a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi, beidh éifeacht léi in ionad an chéanna, agus
- (b) beidh sí ina ceangal ar na páirtithe lena mbaineann.
- (11) San alt seo, ciallaíonn “duine iomchuí”, i ndáil le breith a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi—
- (a) an t-iarrthóir lena mbaineann, nó
- (b) más faoi *alt 9* nó *10* a thabharfar an bhreith, an duine a rinne an t-iarratas lena mbaineann.

CAIBIDIL 4

*Athbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise***An Coimisinéir d'athbhreithniú breitheanna**

22. (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) breith diúltú géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise ar an bhforas gurb amhlaidh, de bhua *alt 42*, nach bhfuil feidhm ag an Acht seo maidir leis an taifead lena mbaineann,

- (b) breith faoi *alt 21*, seachas breith dá dtagraítear i *mír (d)*,
- (c) breith a shonraítear in aon cheann de *mhíreanna (a)* go *(f) d'alt 21(1)*,
- (d) breith faoi *alt 21*, nó breith faoi *alt 27*, gur chóir táille nó éarlais is mó ná €10 nó cibé méid eile (más ann) a bheidh forordaithe de thuras na huair a ghearradh faoi *alt 27*,
- (e) breith faoi *alt 14* an t-am a fhadú chun iarraidh saorála faisnéise a bhreithniú,
- (f) breith faoi *alt 16* tabhairt rochtana ar thaifead a thagann faoi réim *mhír (b)* nó *(c) d'fho-alt (1)* den alt sin a iarchur,
- (g) breith maidir le hiarraidh a bhfuil feidhm ag *alt 38* maidir léi,

ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

- (i) breith mar a dúradh arna tabhairt ag an gCoimisinéir i leith taifead atá i seilbh an Choimisinéara nó (i gcás go mbeidh an duine céanna i seilbh oifig an Ombudsman agus oifig an Choimisinéara) arna tabhairt ag an Ombudsman i leith taifead atá i seilbh an Ombudsman, agus
 - (ii) breith dá dtagraítear i *mír (c)*, agus breith faoi *alt 27* dá dtagraítear i *mír (d)*, arna tabhairt ag duine a raibh an fheidhm lena mbaineann tarmligthe chuige nó chuici faoi *alt 20* an tráth a tugadh an bhreith.
- (2) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an Coimisinéir, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuige nó chuici, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, ag duine iomchuí—
- (a) athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi, agus
 - (b) tar éis an athbhreithnithe, féadfaidh sé nó sí, de réir mar a mheasfaidh sé nó sí is cuí—
 - (i) an bhreith a dhaingniú nó a athrú, nó
 - (ii) an bhreith a neamhniú agus, más cuí, cibé breith a thabhairt i ndáil leis an ní lena mbaineann a mheasfaidh sé nó sí is cóir,

de réir an Achta seo.

- (3) Tabharfar breith faoi *fho-alt (2)* a luaithe is féidir agus, a mhéid is indéanta, tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis don Choimisinéir an t-iarratas ar an athbhreithniú lena mbaineann a fháil.
- (4) Déanfar iarratas faoi *fho-alt (2)*—
- (a) má bhaineann sé le breith a shonraítear i *mír (e)* nó *(g) d'fho-alt (1)*, tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis fógra maidir leis an mbreith a thabhairt don duine iomchuí lena mbaineann nó, i gcás go mbeidh an Coimisinéir den tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann chun an tréimhse sin a fhadú, deireadh tréimhse breise de cibé fad a chinnfidh sé nó sí, agus

- (b) má bhaineann sé le haon bhreith eile a shonraítear san fho-alt sin, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis fógra maidir leis an mbreith a thabhairt don duine iomchuí lena mbaineann nó, i gcás go mbeidh an Coimisinéir den tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann chun an tréimhse sin a fhadú, deireadh cibé tréimhse is faide ná sin a chinnfidh sé nó sí.
- (5) Féadfaidh duine a dhéanfaidh iarratas faoi *fho-alt (2)*, le fógra arna thabhairt i scríbhinn, ó bhéal nó ar mhodh leictreonach don Choimisinéir, tráth ar bith sula mbeidh fógra faoi *fho-alt (10)* i ndáil leis an iarratas tugtha don duine, an t-iarratas a tharraingt siar, agus cuirfidh an Coimisinéir faoi deara cóip d'aon fhógra a bheidh tugtha dó nó di faoin bhfo-alt seo a thabhairt don duine iomchuí, nó don cheann, lena mbaineann, de réir mar is cuí, agus d'aon duine eile ar chóir, i dtuairim an Choimisinéara, í a thabhairt dó nó di, nó (i gcás tarraingt siar ó bhéal) cuirfidh sé nó sí faoi deara fógra maidir leis an tarraingt siar a thabhairt do dhaoine cuí den sórt sin.
- (6) (a) A luaithe is féidir tar éis don Choimisinéir iarratas faoi *fho-alt (2)* a fháil, cuirfidh an Coimisinéir faoi deara cóip den iarratas a thabhairt don cheann lena mbaineann, agus, de réir mar is cuí, don duine iomchuí lena mbaineann agus, má bheartaíonn an Coimisinéir an bhreith lena mbaineann a athbhreithniú, cuirfidh sé nó sí faoi deara fógra a thabhairt don cheann agus don duine iomchuí agus d'aon duine eile ar chóir, i dtuairim an Choimisinéara, fógra a thabhairt dó nó di, maidir lena bhfuil beartaithe agus, air sin, tabharfaidh an ceann sonraí don Choimisinéir, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, i dtaobh aon daoine a mbeidh fógra maidir leis an iarraidh tugtha aige nó aici dóibh nó, i gcás diúltú géilleadh d'iarraidh a bhfuil feidhm ag *alt 38* maidir léi, i dtaobh aon daoine a mbeadh fógra maidir leis an iarraidh tugtha aige nó aici dóibh dá mbeadh sé ar intinn aige nó aici géilleadh don iarraidh saorála faisnéise lena mbaineann.
- (b) Féadfaidh an Coimisinéir, dá rogha féin, aon fhaisnéis phearsanta nó faisnéis rúnda nach raibh sé ar intinn í a scaipeadh ar an gcomhlacht saorála faisnéise lena mbaineann a bhaint den iarratas faoin alt seo nuair a chuirfidh sé nó sí faoi deara cóip den iarratas a chur ar aghaidh chuig an gcomhlacht saorála faisnéise.
- (7) (a) I gcás go ndéanfar iarratas faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh an Coimisinéir tráth ar bith féachaint le socraíocht a dhéanamh idir na páirtithe lena mbaineann maidir leis an ní lena mbaineann agus féadfaidh sé nó sí, chun na críche sin, d'ainneoin *fho-alt (3)*, an t-athbhreithniú lena mbaineann a chur ar fionraí, ar feadh cibé tréimhse a chomhaontófar leis na páirtithe lena mbaineann agus, más cuí, scor den athbhreithniú sin.
- (b) Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gcuirfidh sé nó sí athbhreithniú ar fionraí faoin alt seo, gníomhóidh an Coimisinéir de réir a rogha féin.
- (8) I ndáil le hathbhreithniú beartaithe faoin alt seo, féadfaidh an ceann, agus an duine iomchuí lena mbaineann agus aon duine eile a dtabharfar fógra maidir leis an athbhreithniú dó nó di faoi *fho-alt (6)*, aighneachtaí a dhéanamh (de réir mar a chinnfidh an Coimisinéir, i scríbhinn nó ó bhéal nó i cibé foirm eile a chinnfear) chuig an gCoimisinéir i ndáil le haon ní is iomchuí maidir leis an athbhreithniú agus cuirfidh an Coimisinéir aon aighneachtaí den sórt sin i gcuntas chun críocha an athbhreithnithe.

- (9) (a) Féadfaidh an Coimisinéir diúltú glacadh le hiarratas faoi *fho-alt (2)* nó féadfaidh sé nó sí scor d'athbhreithniú faoin alt seo má bhíonn sé nó sí den tuairim nó má thagann sé nó sí ar an tuairim—
- (i) go bhfuil an t-iarratas réamhráite nó an t-iarratas lena mbaineann an t-athbhreithniú (“an t-iarratas”) suaibhreasach nó cráiteach,
 - (ii) nach mbaineann an t-iarratas le breith a shonraítear i *bhfo-alt (1)*,
 - (iii) go bhfuil, go raibh nó go mbeidh an ní lena mbaineann an t-iarratas ina ábhar d'athbhreithniú eile faoin alt seo,
 - (iv) gur mhainnigh an t-iarratasóir dóthain faisnéise nó sonraí a sholáthar don Choimisinéir, nó gur mhainnigh sé nó sí ar shlí eile comhoibriú leis an gCoimisinéir i dtaca le hathbhreithniú a sheoladh,
 - (v) nach ann a thuilleadh d'aon saincheist is gá a bhreithniú, toisc gur thug an comhlacht saorála faisnéise rochtain ar na taifid atá i gceist i gcúrsa an athbhreithnithe,
 - (vi) gur cuid é an t-iarratas de phatrún iarrataí atá míréasúnach go follasach ón iarrthóir céanna nó ó iarrthóirí éagsúla ar dealraitheach, i dtuairim an Choimisinéara, go ndearna siad na hiarrataí agus iad ag gníomhú de chomhbheart, nó
 - (vii) gur ghá, dá nglacfaí leis an iarratas, mar gheall ar líon nó ar chineál na dtairfead lena mbaineann nó ar chineál na faisnéise lena mbaineann, líon tairfead chomh mór sin a scrúdú, nó scrúdú a dhéanamh ar na taifid lena mbaineann, ar scrúdú de shórt é go gcuirfí bac nó go gcuirfí isteach, go substaintiúil agus go míréasúnach, ar obair a Oifige nó a hOifige.
- (b) Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ndiúltóidh sé nó sí glacadh le hiarratas faoi *fho-alt (2)* nó an scoirfidh sé nó sí d'athbhreithniú faoin alt seo, gníomhóidh an Coimisinéir, faoi réir an Achta seo, de réir a rogha féin.
- (10) Déanfaidh an Coimisinéir fógra, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, maidir le breith faoi *fho-alt (2)(b)*, nó maidir le diúltú nó le scor faoi *fho-alt (9)*, agus maidir leis na cúiseanna atá leis an gcéanna, a thabhairt—
- (a) don cheann lena mbaineann,
 - (b) don duine iomchuí lena mbaineann, agus
 - (c) d'aon duine eile ar chóir, i dtuairim an Choimisinéara, fógra den sórt sin a thabhairt dó nó di.
- (11) (a) Tabharfar an fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (10)* a luaithe is féidir tar éis na breithe, an diúltaithe nó an scoir lena mbaineann agus, má bhaineann sé le breith faoi *fho-alt (2)*, a mhéid is indéanta, laistigh den tréimhse a shonraítear i *bhfo-alt (3)*.
- (b) Sonrófar i dtuarascáil an Choimisinéara d'aon bhliain faoi *alt 47* líon na gcásanna (más ann) sa bhliain sin nach ndearnadh fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (10)* i

ndáil le breith faoi *fho-alt (2)(b)* a thabhairt do dhuine a shonraítear i *bhfo-alt (10)* laistigh den tréimhse chuí a shonraítear i *mír (a)*.

(12) In athbhreithniú faoin alt seo—

(a) toimhdeofar go raibh údar le breith géilleadh d'iarraidh a bhfuil feidhm ag *alt 38* maidir léi mura ndéanfaidh an duine lena mbaineann, agus a bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* den alt sin maidir leis nó léi, a shuíomh, chun sástacht an Choimisinéara, nach raibh údar leis an mbreith, agus

(b) toimhdeofar nach raibh údar le breith diúltú géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise mura suífidh an ceann lena mbaineann, chun sástacht an Choimisinéara, go raibh údar leis an mbreith.

(13) I mbreith ón gCoimisinéir tar éis athbhreithniú faoin alt seo sonrú, más cuí, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don bhreith agus, nuair a bheidh an tréimhse sin á socrú, beidh aird ag an gCoimisinéir ar a inmhianaithe atá sé, faoi réir *alt 26*, éifeacht a thabhairt don bhreith sin a luaithe is féidir tar éis *fo-alt (11)* a chomhlíonadh i ndáil leis an gcéanna.

(14) Faoi réir an Achta seo, maidir le breith faoi *fho-alt (2)*—

(a) a mhéid a bheidh sí ar neamhréir leis an mbreith a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi, beidh éifeacht léi in ionad na breithe sin, agus

(b) beidh sí ina ceangal ar na páirtithe lena mbaineann.

(15) Ní choiscfidh aon ní san Acht seo ar an gCoimisinéir, in athbhreithniú faoin alt seo, an méid seo a leanas a chur i gcuntas, maidir leis an taifead lena mbaineann—

(a) nach bhfuil sé rúnda a thuilleadh,

(b) nach bhfuil sé íogair ó thaobh na tráchtála de a thuilleadh, nó

(c) gur faisnéis phearsanta í a bhaineann le pearsa aonair seachas an t-iarrthóir.

(16) San alt seo, ciallaíonn “duine iomchuí”, i ndáil le breith a shonraítear i *bhfo-alt (1)*—

(a) an t-iarrthóir lena mbaineann agus, más breith í i leith iarraidh lena mbaineann *alt 38*, duine a bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* den alt sin maidir leis nó léi, nó

(b) más breith í faoi *alt 9* nó *10*, an duine a rinne an t-iarratas lena mbaineann faoin alt sin.

An Coimisinéir do dhéanamh iarrataí ar fhaisnéis bhreise

23. (1) Más rud é—

(a) maidir le hiarratas ar athbhreithniú ag an gCoimisinéir—

- (i) ar bhreith diúltú géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise, nó
- (ii) ar bhreith faoi *alt 21* i ndáil le breith dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*,
go ndéanfar é faoi *alt 22*, agus

- (b) go measfaidh an Coimisinéir nach leor an ráiteas maidir leis na cúiseanna atá leis an mbreith dá dtagraítear i *mír (a)(i)* san fhógra faoi *fho-alt (1) d'alt 13* nó maidir leis na fionnachtana nó na sonraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(d)(ii)* den alt sin i ndáil leis an ní,

ordóidh an Coimisinéir don cheann lena mbaineann ráiteas, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, a thabhairt don iarrthóir lena mbaineann agus don Choimisinéir, ar ráiteas é ina mbeidh aon fhaisnéis bhreise i ndáil leis na nithe sin atá faoi chumhacht nó faoi rialú an chinn.

- (2) Déanfaidh ceann ordachán faoin alt seo a chomhlíonadh a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 3 seachtaine, tar éis é a fháil.

CAIBIDIL 5

Achomharc chun na hArd-Chúirte

Achomharc chun na hArd-Chúirte, etc.

24. (1) Féadfaidh páirtí in iarratas faoi *alt 22* nó aon duine eile a ndéanann breith an Choimisinéara tar éis athbhreithniú faoin alt sin difear dó nó di achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte—

- (a) ar phonc dlí i gcoinne na breithe, nó
- (b) i gcás go maífidh an páirtí nó an duine lena mbaineann go sárófaí ceanglas arna fhorchur le dlí an Aontais Eorpaigh dá scaoilfí taifead lena mbaineann, ar fhionnachtain fíorais atá leagtha amach sa bhreith nó is gné dhílis den bhreith.

(2) Féadfaidh an t-iarrthóir lena mbaineann nó aon duine eile a ndéanann—

- (a) eisiúint deimhnithe faoi *alt 34*,
- (b) breith, de bhun *alt 13*, diúltú géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise i ndáil le taifead is ábhar do dheimhniú den sórt sin, nó
- (c) breith, de bhun *alt 21*, diúltú géilleadh d'iarraidh den sórt sin, nó seasamh le breith diúltú géilleadh d'iarraidh den sórt sin,

difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí i gcoinne na heisiúna sin nó i gcoinne na breithe sin.

(3) Féadfaidh duine achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte—

- (a) i gcoinne breith faoi *alt 21*, nó

- (b) i gcoinne breith a shonraítear in aon cheann de *mhíreanna (a)* go *(g) d'fho-alt (1)* den alt sin (seachas breith den sórt sin arna tabhairt ag duine a raibh an fheidhm tarmligthe chuige nó chuici faoi *alt 20* an tráth a tugadh an bhreith),

arna tabhairt ag an gCoimisinéir i leith taifead a bheidh i seilbh Oifig an Choimisinéara nó (i gcás go mbeidh an duine céanna i seilbh oifig an Ombudsman agus oifig an Choimisinéara) arna tabhairt ag an Ombudsman i leith taifead a bheidh i seilbh Oifig an Ombudsman.

- (4) (a) Faoi réir *mhír (b)*, déanfar achomharc faoi *fho-alt (1), (2)* nó *(3)* a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis fógra maidir leis an mbreith lena mbaineann a thabhairt don duine a mbeidh an t-achomharc á thionscnamh aige nó aici.
- (b) I gcás go mbeidh breith tugtha ag an gCoimisinéir gur chóir rochtain a thabhairt ar roinnt taifead (lena n-áirítear codanna de thaifid) ach ní ar na taifid go léir a iarradh—
- (i) beidh 8 seachtaine, tar éis an dáta a tugadh an fógra maidir leis an mbreith lena mbaineann, ag an iarrthóir chun achomharc a thionscnamh chun na hArd-Chúirte faoin alt seo, agus
- (ii) tabharfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann rochtain ar na taifid sin a bhfuil sé ar intinn aige iad a scaoileadh tar éis 4 seachtaine a bheith caite tar éis bhreith an Choimisinéara.
- (5) Maidir le breith ón Ard-Chúirt tar éis achomharc faoi *fho-alt (1), (2)* nó *(3)*, sonrúfar inti, más cú sin, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don bhreith.
- (6) Féadfaidh an Coimisinéir aon cheist dlí a éireoidh in athbhreithniú faoi *alt 22* a tharchur chuig an Ard-Chúirt lena cinneadh, agus féadfaidh an Coimisinéir tabhairt breithe tar éis an athbhreithnithe a chur siar go dtí cibé tráth a mheasfaidh sé nó sí a bheith caoithiúil tar éis chinneadh na hArd-Chúirte.
- (7) (a) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt achomharc faoi *fho-alt (1), (2)* nó *(3)* ó dhuine (seachas ó cheann) a dhíbhe, féadfaidh an Chúirt sin, má mheasann sí gur ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis an bponc dlí lena mbaineann, a ordú go ndéanfaidh an comhlacht saorála faisnéise lena mbaineann cuid de chostais an duine i ndáil leis an achomharc, nó iad go léir, a íoc.
- (b) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt tarchur faoi *fho-alt (6)* a éisteacht, féadfaidh an Chúirt sin a ordú go ndéanfaidh an comhlacht saorála faisnéise lena mbaineann cuid de chostais duine (seachas ceann) i ndáil leis an tarchur sin, nó iad go léir, a íoc.
- (8) I gcás go ndéanfar achomharc chun na Cúirte Uachtaraí i gcoinne breith ón Ard-Chúirt faoin alt seo, féadfaidh an Chúirt sin a ordú go ndéanfaidh an comhlacht saorála faisnéise lena mbaineann cuid de chostais duine (seachas ceann) i ndáil le hachomharc chun na Cúirte sin, nó iad go léir, a íoc más rud é go measann sí go raibh ponc dlí lena ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil i gceist san achomharc agus, murach an fo-alt seo, nach n-ordódh an Chúirt sin amhlaidh.

CAIBIDIL 6

*Ilghnéitheach***Réamhchúraimí ag an Ard-Chúirt agus ag an gCoimisinéir in aghaidh faisnéis áirithe a nochtadh**

25. (1) In imeachtaí san Ard-Chúirt faoin Acht seo nó i ndáil leis an Acht seo, glacfaidh an Chúirt sin gach réamhchúram réasúnach chun cosc a chur leis na nithe seo a leanas a nochtadh don phobal nó, más cuí, do pháirtí (seachas ceann) sna himeachtaí—
- (a) faisnéis atá i dtaifead díolmhaithe, nó
 - (b) faisnéis i dtaobh taifead a bheith ann nó gan a bheith ann i gcás go gceanglaítear leis an Acht seo ar an gceann lena mbaineann gan a nochtadh an ann nó nach ann don taifead.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna réamhchúraimí faoin bhfo-alt sin—
- (a) iomlán aon imeachtaí den sórt sin mar a dúradh, nó cuid díobh, a éisteacht ar shlí seachas go poiblí,
 - (b) toirmeasc a chur le foilsiú cibé faisnéis i ndáil le haon imeachtaí den sórt sin a chinnfidh sí, lena n-áirítear faisnéis i ndáil leis na páirtithe sna himeachtaí agus faisnéis i ndáil lena bhfuil in orduithe arna ndéanamh ag an Ard-Chúirt sna himeachtaí, agus
 - (c) scrúdú a dhéanamh ar thaifead nó ar chóip de thaifead gan rochtain ar an gcéanna nó faisnéis i ndáil leis an gcéanna a thabhairt do pháirtí (seachas ceann) sna himeachtaí.
- (3) Déanfaidh an Coimisinéir, le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, gach réamhchúram réasúnach a ghlacadh (lena n-áirítear an t-iomlán nó cuid d'athbhreithniú faoi *alt 22* nó d'imscrúdú faoi *alt 44* a sheoladh ar shlí seachas go poiblí) chun cosc a chur le faisnéis a shonraítear i *mír (a)* nó *(b) d'fho-alt (1)* nó le ní a d'fhágfadh, dá gcuirfí i dtaifead é, gur taifead díolmhaithe a bheadh sa taifead, a nochtadh don phobal nó, i gcás athbhreithniú den sórt sin, do pháirtí (seachas ceann) sna himeachtaí lena mbaineann.

Bac ar bhreitheanna áirithe

26. (1) Tá feidhm ag an alt seo—
- (a) maidir le breith géilleadh d'iarraidh a bhfuil feidhm ag *alt 38* maidir léi, agus
 - (b) maidir le breith faoi *alt 22*.
- (2) Ní thabharfar éifeacht do bhreith a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi roimh cibé acu is déanaí díobh seo a leanas—
- (a) dul in éag don tréimhse ama—

- (i) chun iarratas a dhéanamh go ndéanfar athbhreithniú chun an Choimisinéara faoi *alt 22*, nó
- (ii) chun achomharc chun na hArd-Chúirte a dhéanamh i gcoinne na breithe, de réir mar is cuí, nó
- (b) más rud é go ndéanfar iarratas den sórt sin nó go ndéanfar achomharc den sórt sin, cinneadh críochnaitheach nó tarraingt siar an chéanna.

Táillí agus muirir

27. (1) Déanfaidh an comhlacht saorála faisnéise lena mbaineann cibé méid is cuí, ag féachaint d'fhorálacha an ailt seo, a mhuirearú faoin bhfo-alt seo agus déanfaidh an t-iarrthóir lena mbaineann é a íoc leis an gcomhlacht i leith géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise. Beidh méid muirir faoin bhfo-alt seo comhionann leis an gcostas measta a ghabhann leis an gcomhlacht saorála faisnéise lena mbaineann do chuardach agus d'aisghabháil agus do chóipeáil an taifid lena mbaineann don iarrthóir.
- (2) Chun críocha *fho-alt (1)*, folaíonn “cuardach agus aisghabháil” am a chaitheann an comhlacht saorála faisnéise le linn dó—
- (a) a chinneadh an sealbhaíonn sé an fhaisnéis arna hiarraidh,
 - (b) an fhaisnéis nó na doiciméid ina bhfuil an fhaisnéis a aimsiú,
 - (c) an fhaisnéis nó na doiciméid sin a aisghabháil,
 - (d) an fhaisnéis a bhaint amach as na comhaid, as na doiciméid nó as na foinsí faisnéise leictreonacha nó eile ina bhfuil an fhaisnéis agus ábhar eile nach bhfuil iomchuí maidir leis an iarraidh, agus
 - (e) sceideal ina sonraítear na taifid atá le breithniú lena scaoileadh a ullmhú.
- (3) Chun críocha *fho-alt (1)*—
- (a) ríomhfar méid an chostais a ghabhann le taifead a chuardach agus a aisghabháil de réir ráta cibé méid san uair an chloig a bheidh forordaithe de thuras na huair i leith an ama a bheidh caite, nó ba chóir, i dtuairim an chinn lena mbaineann, a bheith caite, ag gach duine lena mbaineann le linn dó nó di an cuardach agus an aisghabháil a dhéanamh go héifeachtúil,
 - (b) ní mó méid an chostais a ghabhann le taifead a chóipeáil ná cibé méid (más ann) a bheidh forordaithe de thuras na huair, agus beidh cinneadh an mhéid sin de réir aon fhorálacha a bheidh forordaithe de thuras na huair i ndáil leis an gcinneadh sin,
 - (c) faoi réir *fho-alt (12)*, ní mó méid iomlán muirir faoi *fho-alt (1)* ná cibé méid a bheidh forordaithe de thuras na huair mar an t-uasmhéid cuí i leith cuardaigh agus aisghabhála agus cóipeála,
 - (d) ní ghearrfar aon mhuirear faoi *fho-alt (1)* más rud é, i dtuairim an chinn lena mbaineann, go mbeadh méid iomlán an muirir ní ba lú ná cibé méid (más ann)

a bheidh forordaithe de thuras na huairé mar an t-íosmhéid cuí i leith cuardaigh agus aisghabhála agus cóipeála, agus

- (e) féadfar uasmhéideanna agus íosmhéideanna éagsúla a fhorordú faoin bhfo-alt seo i leith comhlachtaí poiblí nó comhlachtaí forordaithe éagsúla agus, maidir leis an gcumhacht chun uasmhéid den sórt sin (i ndáil le haon chomhlacht áirithe) a fhorordú, feidhmeofar í ar mhodh a chuirfidh i gcuntas an méid is mó a bhforáiltear le *fo-alt (12)* é a fhorordú (i ndáil leis an gcomhlacht sin) mar a bhaineann leis an uasteorainn fhoriomlán.
- (4) I gcás nach mbeidh sa taifead nó sna taifid lena mbaineann ach amháin faisnéis phearsanta maidir leis an iarrthóir lena mbaineann, ní ghearrfar an muirear faoi *fho-alt (1)*, mura rud é go mbaineann an géilleadh lena mbaineann le líon suntasach taifead, agus le linn breithniú a dhéanamh i dtaobh an ngearrfar nó nach ngearrfar muirear den sórt sin, cuirfear acmhainn an iarrthóra i gcuntas.
- (5) Faoi réir *fho-alt (3)*, más rud é, i dtuairim an chinn lena mbaineann, gur dócha go mbeadh an costas measta, arna chinneadh ag an gceann, a ghabhann le taifead is ábhar d'iarraidh saorála faisnéise a chuardach agus a aisghabháil agus a chóipeáil níos mó ná an t-íosleibhéal cuí arna fhorordú—
- (a) déanfaidh an comhlacht saorála faisnéise lena mbaineann éarlais de cibé méid a chinnfidh an ceann (ar méid é nach lú ná 20 faoin gcéad den chostas sin) a mhuirearú agus déanfaidh an t-iarrthóir lena mbaineann í a íoc leis an gcomhlacht,
- (b) ní chuirfidh an comhlacht tús leis an bpróiseas chun an taifead a chuardach agus a aisghabháil go dtí go mbeidh an éarlais íoctha, agus
- (c) déanfaidh an ceann, tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis an iarraidh réamhráite a fháil, a chur faoi deara fógra i scríbhinn maidir le híoc na héarlaise a thabhairt don iarrthóir agus beidh san fhógra meastachán ar an bhfad ama a thógfaidh an próiseas chun an taifead a chuardach agus a aisghabháil agus ráiteas á rá nach gcuirfear tús leis an bpróiseas go dtí go mbeidh an éarlais íoctha agus go ndéanfar an dáta a thabharfar breith i ndáil leis an iarraidh a chinneadh faoi threoir dháta na híocaíochta sin.
- (6) Féadfaidh ceann méid muirir nó éarlaise i leith cuardaigh agus aisghabhála agus cóipeála faoi *fho-alt (1)* nó *(5)* a laghdú nó muirear nó éarlais den sórt sin a tharscaoileadh má tá sé nó sí den tuairim go mbeadh cuid den fhaisnéis, nó an fhaisnéis go léir, atá sa taifead lena mbaineann ina cúnaimh ar leith chun saincheist a bhfuil tábhacht náisiúnta léi a thuiscint.
- (7) I gcás a bhfuil feidhm ag *fo-alt (5)* maidir leis, déanfaidh an ceann lena mbaineann, má iarrann an t-iarrthóir lena mbaineann amhlaidh air nó uirthi—
- (a) cúnaimh a thabhairt don iarrthóir más mian leis an iarrthóir an iarraidh a leasú nó a theorannú d'fhonn na muirir a éireoidh nó is dócha a éireoidh faoi *fho-alt (1)* a laghdú nó a chealú,
- (b) má shonraítear leasuithe faoi *mhír (a)*, cibé leasuithe díobh (más ann) a chinnfidh an t-iarrthóir a dhéanamh ar an iarraidh.

- (8) Más rud é go n-íocfar éarlais faoi *fho-alt (5)*, déanfar méid an mhuirir faoi *fho-alt (1)* is iníoctha i leith géilleadh don iarraidh saorála faisnéise lena mbaineann a laghdú de mhéid na héarlaise.
- (9) Más rud é go n-íocfar éarlais faoi *fho-alt (5)* agus, ina dhiaidh sin, go ndiúltofar géilleadh don iarraidh saorála faisnéise lena mbaineann nó nach ngéillfear di ach amháin i ndáil le cuid den taifead lena mbaineann, déanfar méid na héarlaise nó, más rud é go mbeidh muirear faoin alt seo iníoctha i leith géilleadh di, an oiread sin (más ann) den mhéid sin ar mó é ná méid an mhuirir, a aisíoc leis an iarrthóir lena mbaineann.
- (10) Más rud é go n-íocfar muirear nó éarlais faoin alt seo agus, ina dhiaidh sin, go ndéanfar an muirear nó an éarlais a neamhniú nó a athrú faoi *alt 21, 22* nó *24*, déanfar méid an mhuirir nó na héarlaise arna neamhniú amhlaidh nó, de réir mar a bheidh, aon mhéid den chéanna is mó ná méid an chéanna arna athrú amhlaidh, a aisíoc leis an iarrthóir lena mbaineann.
- (11) Forléireofar *alt 13(1)* agus beidh éifeacht leis—
- (a) i ndáil le cás ina mbeidh éarlais iníoctha faoi *fho-alt (5)*, amhail is dá mba é a bhí sa tagairt do 4 seachtaine tagairt do thréimhse arb éard í 4 seachtaine mar aon leis an tréimhse ón bhfógra faoi *fho-alt (5)(c)* lena mbaineann a thabhairt don iarrthóir lena mbaineann go dtí an dáta a gheofar an éarlais,
- (b) i ndáil le cás ina ndéanfar éarlais den sórt sin a neamhniú tar éis athbheithniú faoi *alt 21* nó *22* nó tar éis achomharc faoi *alt 24*, amhail is dá mba é a bhí sa tagairt do 4 seachtaine tagairt do thréimhse arb éard í 4 seachtaine mar aon leis an tréimhse ón bhfógra faoi *fho-alt (5)(c)* a thabhairt don iarrthóir lena mbaineann go dtí dáta na breithe faoi *alt 24* nó, de réir mar a bheidh, go dtí an dáta a thabharfar fógra faoi *alt 21* nó *22* maidir leis an mbreith don iarrthóir lena mbaineann, agus
- (c) i ndáil le cás ina mbeidh d'éifeacht le leasú de bhun *fho-alt (7)* éarlais den sórt sin a chealú, amhail is dá mba thagairt don leasú a dhéanamh an tagairt d'iarraidh a fháil faoin alt sin.
- (12) (a) I gcás gur mó méid muirir i leith cuardaigh agus aisghabhála agus cóipeála faoi *fho-alt (1)*, nó gur dócha gur mó é, ná an uasteorainn fhoriomlán arna forordú, faoi *mhír (b)*, chun críocha an fho-ailt seo—
- (i) cuirfidh an comhlacht lena mbaineann an méid sin in iúl don iarrthóir,
- (ii) tabharfaidh an comhlacht cúnamh don iarrthóir más mian leis an iarrthóir an iarraidh a leasú nó a theorannú d'fhonn na muirir a éireoidh nó is dócha a éireoidh faoi *fho-alt (1)* a laghdú go dtí méid is lú ná an uasteorainn fhoriomlán arna forordú amhlaidh nó atá comhionann léi,
- (iii) mura ndéanfaidh an t-iarrthóir an iarraidh a leasú nó a theorannú ar mhodh a dhéanfaidh na muirir a éireoidh nó is dócha a éireoidh faoi *fho-alt (1)* a laghdú go dtí méid is lú ná an uasteorainn fhoriomlán arna forordú amhlaidh nó atá comhionann léi, féadfaidh an comhlacht diúltú don iarraidh, agus

- (iv) i gcás go dtabharfaidh an comhlacht breith an iarraidh a phróiseáil, ceanglófar ar an iarrthóir costas iomlán na muirear is dócha a bheidh infoctha a íoc agus beidh feidhm ag *fo-alt* (5).
- (b) Chun críocha an fho-ailt seo, forordófar méid ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san alt seo, an uasteorainn fhoriomlán; agus féadfar méideanna éagsúla den sórt sin a fhorordú chun na gcríoch sin i leith comhlachtaí poiblí nó comhlachtaí forordaithe éagsúla.
- (13) (a) Déanfaidh an comhlacht saorála faisnéise lena mbaineann táille de cibé méid (más ann) a fhorordófar a mhuirearú faoin bhfo-alt seo agus íocfaidh an t-iarratasóir lena mbaineann an táille sin—
- (i) leis an gcomhlacht i leith iarratas faoi *alt 21*, nó
- (ii) leis an gCoimisinéir i leith iarratas faoi *alt 22*.
- (b) Íocfar táille faoin bhfo-alt seo an tráth a dhéanfar an t-iarratas lena mbaineann agus, mura n-íocfar í amhlaidh, diúltóidh an ceann lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, diúltóidh an Coimisinéir an t-iarratas a ghlacadh, agus measfar, chun críocha an Achta seo, nach ndearnadh é.
- (c) Féadfar táillí de mhéideanna éagsúla a fhorordú faoi *mhír (a)* i leith aicmí éagsúla iarratasóra.
- (14) Féachfaidh comhlacht saorála faisnéise le saoráid a bhunú trína bhféadfar aon táillí a bheidh dlíthe faoin Acht seo a íoc nó a aisíoc go leictreonach.

CUID 4

TAIFID DHÍOLMHAITHE

Cruinnithe den Rialtas

- 28.** (1) Féadfaidh ceann diúltú géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise más rud é, maidir leis an taifead lena mbaineann—
- (a) gur chuir Aire den Rialtas nó an tArd-Aighne faoi bhráid an Rialtais é, nó go mbeartaíonn sé nó sí é a chur faoi bhráid an Rialtais, chun breithniú a dhéanamh air agus gur chun na críche sin a cruthaíodh é,
- (b) gur taifead de chuid an Rialtais é seachas taifead trína bhfoilsíonn an Rialtas breith de chuid an Rialtais don phobal i gcoitinne nó trína bhfoilsítear breith den sórt sin thar a cheann, nó
- (c) go bhfuil faisnéis (lena n-áirítear comhairle) ann do chomhalta den Rialtas, don Ard-Aighne, d'Aire Stáit, d'Ard-Rúnaí an Rialtais lena húsáid aige nó aici d'aon toisc chun aon ghnó de chuid an Rialtais a dhéanamh ag cruinniú den Rialtas.
- (2) Diúltóidh ceann géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise más rud é, maidir leis an taifead lena mbaineann—
- (a) go bhfuil ráiteas iomlán, nó cuid de ráiteas, ann a rinneadh ag cruinniú den Rialtas nó go bhfuil faisnéis ann a léiríonn éirim ráitis den sórt sin go huile

nó cuid de, nó óna bhféadfaí éirim ráitis den sórt sin go huile nó cuid de a thuiscint, agus

(b) nach taifead é—

(i) dá dtagraítear i *mír (a)* nó (*c*) *d'fho-alt (1)*, nó

(ii) trína bhfoilsíonn an Rialtas breith de chuid an Rialtais don phobal i gcoitinne nó trína bhfoilsítear breith den sórt sin thar a cheann.

(3) Faoi réir an Achta seo, níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le taifead dá dtagraítear san fho-alt sin—

(a) más rud é go bhfuil, agus a mhéid atá, faisnéis fhíorasach ann a bhaineann le breith de chuid an Rialtais a foilsíodh don phobal i gcoitinne, nó

(b) más rud é go mbaineann an taifead le breith de chuid an Rialtais a tugadh breis agus 5 bliana sula bhfuair an ceann lena mbaineann an iarraidh saorála faisnéise lena mbaineann.

(4) Ní thabharfar breith géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise i leith taifead a bhfuil feidhm ag *mír (a)* nó (*b*) *d'fho-alt (1)* maidir leis mura mbeidh an ceann lena mbaineann, a mhéid is indéanta déanamh amhlaidh, tar éis dul i gcomhairle, roimh an mbreith a thabhairt, leis na daoine seo a leanas i ndáil leis an iarraidh—

(a) treoraí gach páirtí polaitíochta ar chomhalta de aon chomhalta den Rialtas a thug aon bhreith lena mbaineann an taifead, agus

(b) aon chomhalta den Rialtas réamhráite nár chomhalta de pháirtí polaitíochta é nó í.

(5) I gcás go mbaineann iarraidh saorála faisnéise le taifead a bhfuil feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis, nó a mbeadh feidhm ag an bhfo-alt sin maidir leis dá mba ann don taifead, agus gur deimhin leis an gceann lena mbaineann go mbeadh sé contrártha do leas an phobail a nochtadh gurb ann nó nach ann don taifead, diúltóidh sé nó sí géilleadh don iarraidh agus ní nochtfaidh sé nó sí don iarrthóir lena mbaineann an ann nó nach ann don taifead.

(6) San alt seo—

folaíonn “breith de chuid an Rialtais” an Rialtas do nótaíl nó do cheadú taifead a cuireadh faoina mbráid;

folaíonn “taifead” réamhdhréacht nó dréacht eile den ábhar go léir nó de chuid den ábhar atá sa taifead;

folaíonn “Rialtas” coiste den Rialtas, is é sin le rá, coiste arna cheapadh ag an Rialtas arb iad seo a leanas a chomhaltaí—

(a) comhaltaí den Rialtas, nó

(b) comhalta amháin nó níos mó den Rialtas mar aon le ceachtar díobh seo a leanas nó leo araon:

(i) Aire Stáit amháin nó níos mó;

(ii) an tArd-Aighne.

Pléití comhlachtaí saorála faisnéise

29. (1) Féadfaidh ceann diúltú géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise—

- (a) más rud é go bhfuil ábhar sa taifead áirithe a bhaineann le próisis pléite comhlachta saorála faisnéise (lena n-áirítear tuairimí, comhairle, moltaí, agus torthaí comhchomhairle, arna mbreithniú ag an gcomhlacht, ag ceann an chomhlachta nó ag comhalta den chomhlacht nó d'fhoireann an chomhlachta chun críche na bpróiseas sin), agus
- (b) dá mbeadh sé contrártha do leas an phobail, i dtuairim an chinn, géilleadh don iarraidh,

agus, gan dochar do ghinearáltacht *mhír* (b), breithneoidh an ceann, le linn dó nó di cinneadh a dhéanamh géilleadh don iarraidh nó diúltú géilleadh di, an mbeadh sé contrártha do leas an phobail géilleadh di de bhíthin go gcuirfí, dá chionn sin, breith shuntasach a bheartaíonn an comhlacht a dhéanamh ar a iúl nó ar a hiúl don iarrthóir lena mbaineann.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt* (1) maidir le taifead más rud é go bhfuil, agus a mhéid atá, aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas ann:

- (a) ábhar amhail rialacha, nósanna imeachta, treoirlínte, léirithe agus fasaigh a úsáideann comhlacht saorála faisnéise, nó a bhfuil sé ar intinn aige iad a úsáid, chun breitheanna, cinntí nó moltaí a thabhairt nó a dhéanamh;
- (b) faisnéis fhíorasach;
- (c) na cúiseanna atá ag comhlacht saorála faisnéise le breith a thabhairt;
- (d) tuarascáil ar imscrúdú nó anailís ar fheidhmíocht, ar éifeachtúlacht nó ar éifeachtacht comhlachta saorála faisnéise i ndáil le feidhmeanna an chomhlachta i gcoitinne nó le feidhm áirithe dá chuid;
- (e) tuarascáil, staidéar nó anailís de chuid saineolaí eolaíochta nó teicniúil a bhaineann le hábhar an tsaineolais atá aige nó aici nó tuarascáil ina bhfuil tuairimí nó comhairle saineolaí den sórt sin agus nach tuarascáil í a úsáideadh nó a coimisiúnaíodh chun críocha breith de chuid comhlachta saorála faisnéise arna thabhairt de bhun aon achtachán nó scéim.

Feidhmeanna agus caibidlí comhlachtaí saorála faisnéise

30. (1) Féadfaidh ceann diúltú géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise más rud é, i dtuairim an chinn, go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá dtabharfaí rochtain ar an taifead lena mbaineann—

- (a) go ndéanfaí dochar d'éifeachtacht tástálacha, scrúduithe, imscrúduithe, fiosrúcháin nó iniúchtaí arna seoladh ag comhlacht saorála faisnéise nó thar a cheann nó do na nósanna imeachta nó na modhanna a úsáidtear chun iad a sheoladh,

(b) go mbeadh drochéifeacht shuntasach aige sin ar chomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna a bhaineann le bainistiú (lena n-áirítear caidreamh tionscail agus bainistiú a fhoirne) ag comhlacht saorála faisnéise, nó

(c) go nochtfaí seasaimh a glacadh, nó a bheadh le glacadh, nó pleananna, nósanna imeachta, critéir nó treoracha a úsáideadh nó a leanadh nó a bheadh le húsáid nó le leanúint, chun críche aon chaibidlí a bhí nó atá, nó atá le bheith, á seoladh ag an Rialtas nó ag comhlacht saorála faisnéise, nó thar a cheann.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le cás inarb é tuairim an chinn lena mbaineann gurbh fhearr, tríd is tríd, a dhéanfaí leas an phobail trí ghéilleadh don iarraidh saorála faisnéise lena mbaineann ná trí dhiúltú géilleadh di.

Cúrsaí parlaiminte agus cúirte agus nithe áirithe eile

31. (1) Diúltóidh ceann géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise más rud é, maidir leis an taifead lena mbaineann—

(a) go mbeadh sé díolmhaithe óna thabhairt ar aird in imeachtaí i gcúirt ar fhoras pribhléide gairmiúla dlíthiúla,

(b) gur taifead é de chineál arb eol, nó ar chóir le réasún gurbh eol, don cheann gur dhíspeagadh cúirte é a nochtadh, nó

(c) gurb é atá ann—

(i) páipéir phríobháideacha comhalta de Pharlaimint na hEorpa nó comhalta d'údarás áitiúil, nó

(ii) tuairimí, comhairle, moltaí, nó torthaí comhchomhairle, arna mbreithniú—

(I) ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach ceachtar Tí acu sin nó ag aon chomhalta eile de cheachtar Teach acu sin nó ag comhalta d'fhoireann Sheirbhís Thithe an Oireachtais chun críocha na n-imeachtaí ag suí de cheachtar Teach acu sin, nó

(II) ag coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach acu sin nó ag an dá Theach acu sin i gcomhpháirt agus ar a mbeidh comhaltaí de cheachtar Teach acu sin nó díobh araon nó ag comhalta de choiste den sórt sin nó ag comhalta d'fhoireann Sheirbhís Thithe an Oireachtais chun críocha na n-imeachtaí ag cruinniú de choiste den sórt sin.

(2) Féadfaidh ceann diúltú géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise más rud é go mbaineann an taifead áirithe le ceapadh nó le ceapadh beartaithe, nó le gnó nó imeachtaí aon cheann díobh seo a leanas—

(a) binse a bhfuil feidhm ag an *Tribunals of Inquiry (Evidence) Act, 1921* maidir leis,

(b) aon bhinse eile nó comhlacht nó pearsa aonair eile arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas nó ag Aire den Rialtas chun fiosrú a dhéanamh i dtaobh nithe sonraithe a sealbhaíonn nó ar shealbhaigh comhalta amháin de ar a laghad, nó a sealbhaíonn nó ar shealbhaigh an t-aon chomhalta amháin de, oifig

bhreithiúnach nó ar abhcóide nó aturnae comhalta amháin de ar a laghad nó an t-aon chomhalta amháin de, nó

- (c) aon bhinse nó comhlacht nó pearsa aonair eile arna cheapadh nó arna ceapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó acu araon chun fiosrú a dhéanamh i dtaobh nithe sonraíthe,

agus go ndéanfar an iarraidh tráth a bheidh sé beartaithe an binse, an comhlacht nó an phearsa aonair a cheapadh nó tráth nach mbeidh comhlíonadh fheidhmeanna an bhinse, an chomhlachta nó na pearsan aonair críochnaithe.

- (3) Níl feidhm ag *fo-alt (2)* maidir le taifead a mhéid a bhaineann sé le riaradh ginearálta binse nó comhlachta eile nó pearsan aonair a shonraítear san fho-alt sin nó le riaradh ginearálta aon oifigí de chuid an chéanna.
- (4) I gcás go mbaineann iarraidh saorála faisnéise le taifead a bhfuil feidhm ag *fo-alt (1)(a)* maidir leis, nó a mbeadh feidhm ag an alt sin maidir leis dá mba ann don taifead, agus gur deimhin leis an gceann lena mbaineann go mbeadh sé contrártha do leas an phobail a nochtadh gurb ann nó nach ann don taifead, diúltóidh sé nó sí géilleadh don iarraidh agus ní nochtfaidh sé nó sí don iarrthóir lena mbaineann an ann nó nach ann don taifead.

Forfheidhmiú an dlí agus sábháilteacht an phobail

32. (1) Féadfaidh ceann diúltú géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise más rud é go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá dtabharfaí rochtain ar an taifead—

(a) go ndéanfaí dochar nó díobháil do na nithe seo a leanas—

- (i) cosc, brath nó imscrúdú cionta, gabháil nó ionchúiseamh ciontóirí nó éifeachtacht modhanna, córas, pleananna nó nósanna imeachta dleathacha a úsáidtear chun críocha na nithe réamhráite,
- (ii) forfheidhmiú, comhlíonadh nó riaradh aon dlí,
- (iii) modhanna, córais, pleananna nó nósanna imeachta dleathacha chun sábháilteacht an phobail agus sábháilteacht nó slándáil daoine agus maoine a chinntiú,
- (iv) cothroime imeachtaí coiriúla i gcúirt nó imeachtaí sibhialta i gcúirt nó i mbinse eile,
- (v) slándáil forais pionóis,
- (vi) slándáil scoile coinneála leanaí de réir bhrí alt 3 d'Acht na Leanaí, 2001,
- (vii) slándáil ionaid athchuir arna ainmniú faoi alt 88 d'Acht na Leanaí, 2001,
- (viii) slándáil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar,
- (ix) slándáil foirgnimh nó déanmhais eile nó feithicle, loinge, báid nó aerárthaigh, nó

- (x) slándáil aon chórais cumarsáidí, cibé acu inmheánach nó seachtrach, de chuid an Gharda Síochána, Óglaigh na hÉireann, na gCoimisinéirí Ioncaim nó foras pionóis,
 - (b) go gcuirfi beatha nó sábháilteacht aon duine i mbaol, nó
 - (c) go n-éascófaí cion a dhéanamh.
- (2) I gcás go mbaineann iarraidh saorála faisnéise le taifead a bhfuil feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis, nó a mbeadh feidhm ag an alt sin maidir leis dá mba ann don taifead, agus gur deimhin leis an gceann lena mbaineann, dá nochtfaí gurb ann nó nach ann don taifead, go mbeadh éifeacht leis sin a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)* den fho-alt sin, diúltóidh sé nó sí géilleadh don iarraidh agus ní nochtfaidh sé nó sí don iarrthóir lena mbaineann an ann nó nach ann don taifead.
- (3) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le taifead—
- (a) más rud é—
 - (i) go nochtar leis, maidir le himscrúdú chun aon dlí a fhorfheidhmiú, nó maidir le haon ní a dhéantar i gcúrsa imscrúdú den sórt sin nó chun cionta a chosc nó a bhrath nó chun ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh, nach bhfuil sé údaraithe le dlí nó go sáraíonn sé aon dlí, nó
 - (ii) go bhfuil faisnéis ann—
 - (I) maidir le comhlíonadh feidhmeanna comhlachta saorála faisnéise a n-áirítear ar a fheidhmeanna feidhmeanna a bhaineann le forfheidhmiú an dlí nó le sábháilteacht an phobail a chinntiú (lena n-áirítear éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chomhlíonta sin), nó
 - (II) maidir leis an tuillteanas nó a mhalairt, nó leis an rathúlacht nó a mhalairt, a bhaineann le haon chlár, scéim nó beartas de chuid comhlacht saorála faisnéise chun sárúithe ar an dlí a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, nó maidir le héifeachtacht nó le héifeachtúlacht cur i ngníomh aon chláir, scéime nó beartais den sórt sin ag comhlacht saorála faisnéise,
- agus
- (b) más é tuairim an chinn lena mbaineann gurbh fhearr, tríd is tríd, a dhéanfaí leas an phobail trí ghéilleadh don iarraidh lena mbaineann ná trí dhiúltú géilleadh di.
- (4) Chun críocha *fo-alt (1)*, ciallaíonn “foras pionóis” aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas:
- (a) áit a bhfuil feidhm ag Achtanna na bPríosún, 1826 go 2007 maidir léi;
 - (b) príosún míleata nó beairic coinneála de réir bhrí an Achta Cosanta, 1954, i ngach cás acu;
 - (c) Foras Naomh Pádraig.

Slándáil, cosaint agus caidreamh idirnáisiúnta

33. (1) Féadfaidh ceann diúltú géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise i ndáil le taifead (agus, go háirithe, ach gan dochar do ghinearáltacht an fho-ailt seo thairis sin, i ndáil le taifead a bhfuil feidhm ag *fo-alt* (2) maidir leis) más rud é, i dtuairim an chinn, go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá dtabharfaí rochtain ar an taifead, go ndéanfaí dochar—

- (a) do shlándáil an Stáit,
- (b) do chosaint an Stáit,
- (c) do nithe a bhaineann le Tuaisceart Éireann, nó
- (d) do chaidreamh idirnáisiúnta an Stáit.

(2) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le taifead—

- (a) ina bhfuil faisnéis a bhaineann le hoirbheartaíocht, straitéis nó oibríochtaí Óglaigh na hÉireann laistigh nó lasmuigh den Stát, nó
- (b) ina bhfuil cumarsáid idir Aire den Rialtas nó a Roinn nó a Oifig nó a hOifig agus misean taidhleoireachta nó post consalachta sa Stát nó de chuid an Stáit nó cumarsáid idir an Rialtas nó oifigeach d'Aire den Rialtas nó duine eile atá ag gníomhú thar ceann Aire den sórt sin agus rialtas eile nó duine atá ag gníomhú thar ceann rialtas eile—
 - (i) seachas i gcás gur cuireadh an fhaisnéis sin i bhfios i modh rúin nó go mbaineann sí le caibidlí idir an Stát agus an stát eile atá i gceist nó i ndáil le stát den sórt sin, nó i gcás gur taifead í de chuid an stáit eile sin ina bhfuil faisnéis a dtoirmisceann an stát sin í a nochtadh, nó
 - (ii) seachas taifead ina bhfuil anailís, tuairimí, comhairle, moltaí agus torthaí comhchomhairle nó faisnéis, a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, i dtuairim an chinn, go ndéanfaí dochar do chaidreamh idirnáisiúnta an Stáit dá scaoilfí iad,

agus sa chás sin (is é sin le rá, i gceachtar cás de na cásanna a thagann faoi réim *fhomhír* (i) nó (ii)), diúltófar don iarraidh.

(3) Diúltóidh ceann géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise más rud é, maidir leis an taifead lena mbaineann—

- (a) go bhfuil faisnéis ann a fuarthas nó a ullmhaíodh chun críche eolas i leith shlándáil nó chosaint an Stáit,
- (b) go bhfuil faisnéis ann a bhaineann le brath, cosc nó díchur gníomhaíochtaí dá dtiocfadh nó a thabharfadh an t-ord poiblí nó údarás an Stáit a bhonnbhrieadh (abairt a bhfuil an bhrí chéanna léi atá le “dá dtiocfadh nó do bhéarfadh an t-ord poiblí nó údarás an Stáit do bhonnbhrieadh” in alt 2 den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939), nó
- (c) go bhfuil faisnéis ann a bheidh curtha i bhfios i modh rúin—

- (i) d'aon duine laistigh nó lasmuigh den Stát ó aon duine laistigh nó lasmuigh den Stát (lena n-áirítear aon ghníomhaireacht um fhorfheidhmiú an dlí), agus ar faisnéis í a bhaineann le ní dá dtagraítear i *bhfo-alt (I)* nó le cosaint chearta an duine agus a mbeidh sé ráite ina leith ag an duine is déanaí sin gur faisnéis rúnda í nó go bhfuil sí le cur i bhfios i modh rúin,
 - (ii) ó eagraíocht idirnáisiúnta stát nó fo-organ de chuid eagraíocht den sórt sin nó ó institiúid nó comhlacht den Aontas Eorpach nó chuici nó chuige nó laistigh di nó laistigh de nó a bhaineann le caibidlí idir an Stát agus eagraíocht, organ, institiúid den sórt sin nó laistigh d'eagraíocht, d'organ, d'institiúid nó de chomhlacht den sórt sin, nó i ndáil léi nó leis, nó ar taifead é de chuid comhlacht den sórt sin ina bhfuil faisnéis a dtairmisceann an eagraíocht, an t-organ, an institiúid nó an comhlacht í a nochtadh, nó
 - (iii) (cibé acu is sa Stát nó in áit eile a gineadh í) atá i seilbh comhlacht poiblí i ndáil le pleanáil le haghaidh bagairtí nó teagmhais i leith slándáil líonra agus faisnéise nó i ndáil le freagairtí don chéanna.
- (4) I gcás go mbaineann iarraidh saorála faisnéise le taifead a bhfuil feidhm ag *fo-alt (I)* maidir leis, nó a mbeadh feidhm ag an bhfo-alt sin maidir leis dá mba ann don taifead, agus gur deimhin leis an gceann lena mbaineann, dá nochtfaí gurb ann nó nach ann don taifead, go ndéanfaí dochar do ní dá dtagraítear san fho-alt sin, diúltóidh sé nó sí géilleadh don iarraidh agus ní nochtfaidh sé nó sí don iarthóir lena mbaineann an ann nó nach ann don taifead.

Breitheanna áirithe de bhun *ailt 32* agus *33* a bheith dochloíte

34. (1) (a) Más rud é, faoi réir *mhír (b)*—

- (i) maidir le hAire den Rialtas nó ceann comhlachta saorála faisnéise (seachas Roinn Stáit) a bhfuil feidhmeanna tugtha don Aire sin den Rialtas i ndáil leis—
 - (I) go ndiúltóidh sé nó sí, de bhun *alt 13*, géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise chuige nó chuici, nó
 - (II) go seasfaidh sé nó sí le breith, nó go dtabharfaidh sé nó sí breith, de bhun *alt 21*, diúltú géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise,

toisc gur deimhin leis nó léi gur taifead díolmhaithe de bhua *alt 32* nó *33* an taifead lena mbaineann, agus
 - (ii) gur deimhin leis an Aire den Rialtas go bhfuil an taifead sách íogair nó sách tromá chun gur chóir dó nó di déanamh amhlaidh,
- féadfaidh an tAire den Rialtas a dhearbú, i ndeimhniú a eiseoidh sé nó sí (“deimhniú”), gur taifead díolmhaithe de bhua *alt 32* nó *33* an taifead.
- (b) Ní eiseoidh Aire den Rialtas deimhniú i leith taifead is ábhar do bhreith dá dtagraítear i *gclásal (I)* nó *(II)* de *mhír (a)(i)* ó cheann comhlachta saorála faisnéise (seachas Roinn Stáit) mura mbeidh an ceann tar éis a iarraidh air nó uirthi, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, déanamh amhlaidh.

- (2) I gcás go ndéanfar iarratas chuig ceann chun athbhreithniú a dhéanamh faoi *alt 21* ar bhreith diúltú géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise, ní eiseofar deimhniú i leith an taifid lena mbaineann tráth is déanaí ná 3 seachtaine tar éis an dáta a gheobhaidh an ceann sin an t-iarratas.
- (3) Fad a bheidh deimhniú i bhfeidhm—
- (a) measfar go dochloíte, faoi réir an Achta seo, gur taifead díolmhaithe an taifead lena mbaineann sé, agus
 - (b) ní bheidh aon ábhar iarratais ann chun athbhreithniú a dhéanamh faoi *alt 21* nó *22*, de réir mar is cuí, ar an mbreith lena mbaineann faoi *alt 13* nó *21* i ndáil leis an taifead.
- (4) Aon doiciméad a airbheartóidh gur deimhniú é agus go bhfuil sé sínithe ag Aire den Rialtas measfar, mura gcruthófar a mhalairt, gur deimhniú é ón Aire sin den Rialtas agus go bhfuil sé i bhfeidhm agus glactar é in aon imeachtaí i gcúirt nó faoi *alt 21* nó *22* gan a thuilleadh cruthúnais.
- (5) Sonrófar na nithe seo a leanas i ndeimhniú—
- (a) an iarraidh saorála faisnéise lena mbaineann,
 - (b) na forálacha *d'alt 32* nó *33*, de réir mar is cuí, ar faoina dtreoir is taifead díolmhaithe an taifead lena mbaineann sé,
 - (c) an dáta a shíníonn an tAire den Rialtas lena mbaineann an deimhniú agus an dáta a rachaidh sé in éag, agus
 - (d) ainm an iarrthóra,
- agus déanfaidh an tAire den Rialtas a eisiúint é an deimhniú a shíniú.
- (6) Ar dheimhniú a eisiúint, cuirfidh an tAire den Rialtas lena mbaineann faoi deara—
- (a) cóip den deimhniú a thabhairt láithreach don iarrthóir lena mbaineann, agus
 - (b) cóip den deimhniú agus ráiteas i scríbhinn a thabhairt láithreach don Taoiseach agus do cibé Airí eile den Rialtas a fhorordófar ar ráiteas é maidir leis na cúiseanna ar taifead díolmhaithe an taifead lena mbaineann sé agus maidir leis an ní ar faoina threoir is deimhin leis an Aire den Rialtas go bhfuil feidhm ag *fo-alt (1)(a)(ii)* maidir leis an taifead.
- (7) (a) Faoi réir *mhír (b)*, déanfaidh an Taoiseach, i gcomhar le haon Airí eile den Rialtas a bheidh arna bhforordú faoi *fho-alt (6)*—
- (i) a luaithe is féidir tar éis an 1 Eanáir 2015, oibriú *fho-alt (1)* a athbhreithniú, agus
 - (ii) an tráth a rachaidh gach tréimhse 12 mhí (nó cibé tréimhse eile nach faide ná 24 mhí a bheidh forordaithe) ón dáta sin in éag, oibriú *fho-alt (1)* le linn na tréimhse sin a athbhreithniú.
- (b) Ní ghlacfaidh Aire den Rialtas páirt in athbhreithniú faoin bhfo-alt seo a mhéid a bhaineann sé le deimhniú arna eisiúint aige nó aici ach féadfaidh sé nó sí

aighneachtaí a dhéanamh chuig na hAirí eile den Rialtas lena mbaineann i ndáil leis an gcuid d'athbhreithniú den sórt sin a bhfuil cosc mar a dúradh air nó uirthi páirt a ghlacadh ann.

- (c) Más rud é, tar éis athbhreithniú faoin bhfo-alt seo, nach deimhin leis na hAirí den Rialtas lena mbaineann—
- (i) gur taifead díolmhaithe taifead lena mbaineann an deimhniú áirithe, nó
- (ii) go bhfuil aon chuid den fhaisnéis atá sa taifead sách íogair nó sách tromaí chun gur chóir go leanfadh an deimhniú de bheith i bhfeidhm,
- iarrfaidh siad ar an Aire den Rialtas lena mbaineann an deimhniú a chúlghairm.
- (d) Féadfaidh Aire den Rialtas, chun críocha athbhreithniú ag an Aire sin den Rialtas faoin bhfo-alt seo, scrúdú a dhéanamh ar na taifid iomchuí go léir a bheidh á sealbhú ag ceann eile nó thar ceann nó faoi rialú ceann eile.
- (8) (a) Féadfaidh an Taoiseach, tráth ar bith, oibriú *fho-alt (1)* a mhéid a bhaineann sé le haon Aire eile den Rialtas, nó le heisiúint deimhnithe áirithe ag Aire eile den Rialtas, a athbhreithniú.
- (b) Beidh éifeacht le *mír (c)* agus *(d) d'fho-alt (7)* i ndáil le hathbhreithniú faoin bhfo-alt seo fairis na modhnuithe is gá.
- (9) Féadfaidh Aire den Rialtas, agus déanfaidh sé nó sí, má iarrtar air nó uirthi de bhun *fho-alt (7)(c)* déanamh amhlaidh, le hionstraim arna síniú aige nó aici, deimhniú arna eisiúint ag an Aire sin den Rialtas a chúlghairm agus, má dhéanann sé nó sí amhlaidh, cuirfidh sé nó sí faoi deara cóip den ionstraim a thabhairt láithreach don iarrthóir lena mbaineann.
- (10) Má dhéanann an Ard-Chúirt deimhniú, nó an bhreith lena mbaineann faoi *alt 13* nó *21* i ndáil le taifead lena mbaineann deimhniú, a neamhniú faoi *alt 24*, rachaidh an deimhniú in éag air sin.
- (11) Cuirfidh Aire den Rialtas faoi deara, gach bliain tar éis na bliana a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a thabhairt don Choimisinéir ina sonrú na líon na ndeimhnithe a d'eisigh sé nó sí sa bhliain roimhe sin agus na forálacha *d'alt 32* nó *33*, de réir mar is cuí, ar dá mbua a diúltaíodh, de bhun *alt 13*, géilleadh don iarraidh saorála faisnéise lena mbaineann nó a tugadh breith, de bhun *alt 21*, seasamh le breith diúltú géilleadh don iarraidh saorála faisnéise lena mbaineann.
- (12) I gcás go ndéanfar deimhniú a chúlghairm nó go mbeidh sé tar éis dul in éag agus nach mbeidh deimhniú eile i bhfeidhm i ndáil leis an taifead lena mbaineann nó go neamhneofar an deimhniú faoi *alt 24*, féadfaidh an t-iarrthóir lena mbaineann, tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis dháta na cúlghairme, an éaga nó an neamhnithe, de réir mar a bheidh, iarratas a dhéanamh go ndéanfar athbhreithniú faoi *alt 21* nó *22*, de réir mar is cuí, ar an mbreith lena mbaineann faoi *alt 13* nó *21*.
- (13) Faoi réir *fho-ailt (9)* agus *(10)*, leanfaidh deimhniú de bheith i bhfeidhm go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an dáta a shíníonn an tAire den Rialtas lena mbaineann é agus rachaidh sé in éag ansin, ach féadfaidh Aire den Rialtas, tráth ar bith,

deimhniú a eisiúint faoin alt seo i leith taifead ar eisíodh deimhniú i ndáil leis roimhe sin mura rud é—

- (a) de bhun breith (nár freaschuireadh) tar éis athbhreithniú faoi *ailt 21* nó *22*, nó
- (b) de bhun breith faoi *alt 24* ar achomharc chun na hArd-Chúirte,

nach taifead díolmhaithe an taifead.

Faisnéis a fhaightear i modh rúin

35. (1) Faoi réir an ailt seo, diúltóidh ceann géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise más rud é—

- (a) go bhfuil faisnéis sa taifead lena mbaineann ar faisnéis í a tugadh do chomhlacht saorála faisnéise i modh rúin agus ar an mbonn tuisceana go ndéileálfadh sé léi mar fhaisnéis rúnda (lena n-áirítear faisnéis den sórt sin a dúradh ar ceanglaíodh ar dhuine le dlí, nó a bhféadfadh an comhlacht, de bhun dlí, a cheangal air nó uirthi, í a thabhairt don chomhlacht) agus gurb é tuairim an chinn gur dóigh, dá nochtfaí í, go ndéanfaí dochar do thabhairt faisnéise eile dá samhail don chomhlacht ag an duine céanna nó ag daoine eile agus go bhfuil sé tábhachtach don chomhlacht go leanfaí d'fhaisnéis eile dá samhail den sórt sin mar a dúradh a thabhairt don chomhlacht, nó
 - (b) gurbh ionann nochtadh na faisnéise lena mbaineann agus sárú dualgais rúndachta dá bhforáiltear le foráil de chomhaontú nó d'achtachán (seachas foráil a shonraítear i *gcolún (3)* i *gCuid 1* nó *2* de *Sceideal 3* d'achtachán a shonraítear sa *Sceideal* sin) nó thairis sin le dlí.
- (2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le taifead arna ullmhú ag ceann nó ag aon duine eile (is stiúrthóir ar chomhlacht saorála faisnéise nó ar sholáthraí seirbhíse nó comhalta d'fhoireann an chéanna) le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh murarbh ionann nochtadh na faisnéise lena mbaineann agus sárú dualgais rúndachta dá bhforáiltear le comhaontú nó le reacht nó thairis sin le dlí agus a bheidh ag dul do dhuine seachas comhlacht saorála faisnéise nó ceann comhlachta saorála faisnéise nó soláthraí seirbhíse den sórt sin nó stiúrthóir ar an gcéanna nó comhalta dá chuid.
- (3) Faoi réir *alt 38*, ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)(a)* i ndáil le cás inarb é tuairim an chinn lena mbaineann gurbh fhearr, tríd is tríd, a dhéanfaí leas an phobail trí ghéilleadh don iarraidh saorála faisnéise lena mbaineann ná trí dhiúltú géilleadh di.

(4) Más rud é—

- (a) go mbaineann iarraidh saorála faisnéise le taifead a bhfuil feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis ach nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* ná *(3)* maidir leis, nó nach mbeadh feidhm ag na hailt sin maidir leis dá mba ann don taifead, agus
- (b) i dtuairim an chinn lena mbaineann, dá nochtfaí gurb ann nó nach ann don taifead, go mbeadh éifeacht leis sin a shonraítear i *bhfo-alt (1)*,

diúltóidh sé nó sí géilleadh don iarraidh agus ní nochtfaidh sé nó sí don iarrthóir lena mbaineann an ann nó nach ann don taifead.

- (5) Faoi réir *alt 2*, folaíonn “taifead”, san alt seo, faisnéis a thugtar i modh rúin go pearsanta, trí theileafón, go leictreonach nó i scríbhinn (lena n-áirítear nóta i scríbhinn de theachtaireacht fóin a bhreacann duine atá údaraithe chun an teachtaireacht sin a ghlacadh).

Faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de

36. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, diúltóidh ceann géilleadh d’iarraidh saorála faisnéise más rud é go bhfuil sa taifead lena mbaineann—

- (a) rúin trádála de chuid duine seachas an t-iarrthóir lena mbaineann,
- (b) faisnéis airgeadais, tráchtála, eolaíochta nó theicniúil, nó faisnéis eile a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go mbeadh de thoradh ar í a nochtadh caillteanas nó gnóchan airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann an fhaisnéis, nó a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do staid iomaíochta an duine sin i seoladh na gairme nó an ghnó atá aige nó aici nó thairis sin ina shlí bheatha nó ina slí bheatha, nó
- (c) faisnéis a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do sheoladh nó do thoradh caibidlí conarthacha nó caibidlí eile ag an duine lena mbaineann an fhaisnéis.

- (2) Géillfidh ceann d’iarraidh saorála faisnéise lena mbaineann *fo-alt (1)* más rud é—

- (a) go dtuilleoidh an duine lena mbaineann an taifead áirithe, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, le rochtain ar an taifead a thabhairt don iarrthóir lena mbaineann,
- (b) go bhfuil faisnéis den chineál céanna leis an bhfaisnéis atá sa taifead i leith daoine i gcoitinne, nó i leith aicme daoine atá, ag féachaint do na himthosca go léir, sách líonmhar, ar fáil don phobal i gcoitinne,
- (c) nach mbaineann an taifead ach amháin leis an iarrthóir,
- (d) gurb é nó gurb í an duine lena mbaineann an taifead a thug faisnéis atá sa taifead don chomhlacht saorála faisnéise lena mbaineann agus gur cuireadh in iúl don duine thar ceann an chomhlachta, sular tugadh í amhlaidh, go mbaineann an fhaisnéis le haicme faisnéise a chuirfí ar fáil nó a d’fhéadfaí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, nó
- (e) gur gá an fhaisnéis lena mbaineann a nochtadh chun garchontúirt mhór do bheatha nó do shláinte pearsan aonair nó don timpeallacht a sheachaint,

ach, i gcás a thagann faoi réim *mhír (a)* nó *(c)*, cinnteoidh an ceann go ndéanfar, sula ngéillfidh sé nó sí don iarraidh, céannacht an iarrthóra nó, de réir mar a bheidh, toiliú an duine a shuíomh chun sástacht an chinn.

- (3) Faoi réir *alt 38*, níl feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le cás inarb é tuairim an chinn lena mbaineann gurbh fhearr, tríd is tríd, a dhéanfaí leas an phobail trí ghéilleadh don iarraidh saorála faisnéise ná trí dhiúltú géilleadh di.

- (4) Más rud é—

- (a) go mbaineann iarraidh saorála faisnéise le taifead a bhfuil feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis ach nach bhfuil feidhm ag *fo-ailt (2)* ná *(3)* maidir leis nó nach mbeadh feidhm acu maidir leis dá mba ann don taifead, agus
- (b) i dtuairim an chinn lena mbaineann, dá nochtfaí gurb ann nó nach ann don taifead, go mbeadh éifeacht leis sin a shonraítear i *bhfo-alt (1)*,

diúltóidh sé nó sí géilleadh don iarraidh agus ní nochtfaidh sé nó sí don iarrthóir lena mbaineann an ann nó nach ann don taifead.

Faisnéis phearsanta

37. (1) Faoi réir an ailt seo, diúltóidh ceann géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise más é tuairim an chinn go nochtfaí faisnéis phearsanta (lena n-áirítear faisnéis phearsanta a bhaineann le pearsa aonair éagtha) dá dtabharfaí rochtain ar an taifead áirithe.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* más rud é—

- (a) gur leis an iarrthóir áirithe a bhaineann an fhaisnéis áirithe, ach sin faoi réir *fho-alt (3)*,
- (b) go dtoileoidh aon phearsa aonair lena mbaineann an fhaisnéis, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, leis an bhfaisnéis sin a nochtadh don iarrthóir,
- (c) go bhfuil faisnéis den chineál céanna leis an bhfaisnéis atá sa taifead i leith pearsana aonair i gcoitinne, nó i leith aicme pearsana aonair atá, ag féachaint do na himthosca go léir, sách líonmhar, ar fáil don phobal i gcoitinne,
- (d) gurb é nó gurb í an phearsa aonair lena mbaineann an fhaisnéis a thug í don chomhlacht saorála faisnéise lena mbaineann agus gur cuireadh in iúl don phearsa aonair thar ceann an chomhlachta, sular tugadh í amhlaidh, go mbaineann an fhaisnéis le haicme faisnéise a chuirfí ar fáil nó a d'fhéadfaí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, nó
- (e) gur gá an fhaisnéis a nochtadh chun garchontúirt mhór do bheatha nó do shláinte pearsan aonair a sheachaint,

ach, i gcás a thagann faoi réim *mhír (a)* nó *(b)*, cinnteoidh an ceann lena mbaineann go ndéanfar, sula ngéillfear don iarraidh saorála faisnéise lena mbaineann, céannacht an iarrthóra nó, de réir mar a bheidh, toiliú na pearsan aonair, a shuíomh chun sástacht an chinn.

(3) I gcás go mbaineann iarraidh saorála faisnéise—

- (a) le taifead de chineál liachta nó síciatrachta a bhaineann leis an iarrthóir áirithe, nó
- (b) le taifead atá á choimeád chun críocha obair shóisialach i ndáil leis an iarrthóir, nó a fuarthas le linn obair den sórt sin a chur i gcrích,

agus, i dtuairim an chinn lena mbaineann, go bhféadfaí dochar a dhéanamh do shláinte coirp nó meabhrach, do dheabhair nó do riocht mothúchánach an iarrthóra dá ndéanfaí an fhaisnéis lena mbaineann a nochtadh dó nó di, féadfaidh an ceann breith a thabhairt diúltú géilleadh don iarraidh.

(4) I gcás go ndiúltoídh ceann, de bhun *fho-alt (3)*, géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise—

(a) áireofar san fhógra faoi *alt 13(1)* i ndáil leis an ní ráiteas á rá go ndéanfaidh an ceann, má iarrann an t-iarrthóir air nó uirthi déanamh amhlaidh, rochtain ar an taifead lena mbaineann a thairiscint do cibé gairmí sláinte, a mbeidh saineolas aige nó aici i ndáil le hábhar an taifid, a shonróidh an t-iarrthóir, agus an taifead a choimeád ar fáil chun na críche sin, de réir *alt 13(3)*, agus

(b) má iarrann an t-iarrthóir ar an gceann amhlaidh, déanfaidh sé nó sí rochtain ar an taifead a thairiscint don ghairmí sláinte sin a dúradh, agus é a choimeád ar fáil chun na críche sin, de réir *alt 13(3)*.

(5) I gcás gurb é tuairim an chinn lena mbaineann, maidir le hiarraidh saorála faisnéise a ndiúltofaí géilleadh di faoi *fho-alt (1)* murach an fo-alt seo—

(a) gur tábhachtaí, tríd is tríd, leas an phobail go ngéillfí don iarraidh ná leas an phobail go gcosnófaí ceart na pearsan aonair lena mbaineann an fhaisnéis chun príobháideachta, nó

(b) go rachadh sé chun tairbhe don phearsa aonair réamhráite, tríd is tríd, dá ngéillfí don iarraidh,

féadfaidh an ceann, faoi réir *alt 38*, géilleadh don iarraidh.

(6) Más rud é—

(a) go mbaineann iarraidh saorála faisnéise le taifead a bhfuil feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis ach nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* ná *(5)* maidir leis nó nach mbeadh feidhm acu maidir leis dá mba ann don taifead, agus

(b) i dtuairim an chinn lena mbaineann, dá nochtfaí gurb ann nó nach ann don taifead, go mbeadh éifeacht leis sin a shonraítear i *bhfo-alt (1)*,

diúltoídh sé nó sí géilleadh don iarraidh agus ní nochtfaidh sé nó sí don iarrthóir lena mbaineann an ann nó nach ann don taifead.

(7) D'ainneoin *mhír (a) d'fho-alt (2)*, diúltoídh ceann, faoi réir *mhíreanna (b) go (e)* den *fho-alt* sin agus *fho-ailt (5)* agus *(8)*, géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise, más é tuairim an chinn go ndéanfaí, i dteannta faisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarrthóir a nochtadh, faisnéis phearsanta a bhaineann le pearsa aonair nó pearsana aonair seachas an t-iarrthóir a nochtadh freisin, dá dtabharfaí rochtain ar an taifead áirithe.

(8) D'ainneoin *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire foráil a dhéanamh le rialacháin maidir le géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise más rud é—

(a) gur duine d'aicme a shonraítear sna rialacháin an phearsa aonair lena mbaineann an taifead agus gurb é nó í an t-iarrthóir lena mbaineann tuismitheoir nó caomhnóir na pearsan aonair, nó

(b) go bhfuil an phearsa aonair lena mbaineann an taifead áirithe marbh agus gur duine d'aicme a shonraítear sna rialacháin an t-iarrthóir lena mbaineann.

- (9) San alt seo, ciallaíonn “gairmí sláinte” lia-chleachtóir, de réir bhrí Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007, fiaclóir cláraithe, de réir bhrí Acht na bhFiaclóirí, 1985, nó duine d’aon aicme eile oibrithe sláinte nó oibrithe sóisialacha a bheidh forordaithe, tar éis dul i gcomhairle le cibé Airí eile (más ann) den Rialtas a mheasfaidh an tAire is cuí.

Nós imeachta i ndáil le hiarrataí saorála faisnéise áirithe a bhfuil feidhm ag alt 35, 36 nó 37 maidir leo

38. (1) San alt seo, ciallaíonn “iarraidh a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi” iarraidh saorála faisnéise a bhfuil feidhm ag alt 35(3), alt 36(3) nó alt 37(5)(a) maidir léi agus a ngéillfí di ar leith ón alt seo.
- (2) Faoi réir *fho-alt (6)*, déanfaidh ceann, roimh bhreith a thabhairt i dtaobh an ngéillfidh sé nó sí d’iarraidh a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi agus tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis an iarraidh a fháil—
- (a) más iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 35(3) maidir léi an iarraidh, a chur faoi deara, maidir leis an duine a thug an fhaisnéis lena mbaineann don chomhlacht saorála faisnéise lena mbaineann agus, má mheasann an ceann gur cuí é, maidir leis an duine lena mbaineann an fhaisnéis, nó
- (b) más iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 36(3) nó 37(5)(a) maidir léi an iarraidh, a chur faoi deara, maidir leis an duine lena mbaineann an fhaisnéis,

fógra, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, a thabhairt dó nó di—

- (i) maidir leis an iarraidh agus á rá go ngéillfear di ar mhaithe le leas an phobail ar leith ón alt seo,
- (ii) á rá go bhféadfaidh an duine, tráth nach déanaí ná 3 seachtaine tar éis an fógra a fháil, aighneachtaí a dhéanamh chuig an gceann i ndáil leis an iarraidh, agus
- (iii) á rá go mbreithneoidh an ceann aon aighneachtaí den sórt sin roimh bhreith a thabhairt i dtaobh cibé acu a ghéillfidh sé nó sí, nó a dhiúltóidh sé nó sí géilleadh, don iarraidh.
- (3) (a) Féadfaidh an ceann, maidir le hiarraidh a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi agus a gheobhaidh sé nó sí, an tréimhse a shonraítear i *bhfo-alt (2)* chun an fo-alt sin a chomhlíonadh a fhadú de cibé tréimhse a mheasfaidh sé nó sí is gá ach nach faide ná tréimhse 2 sheachtain más rud é, i dtuairim an chinn—
- (i) go mbaineann an iarraidh leis an oiread sin taifead, nó
- (ii) go bhfuil an oiread sin daoine ann a gceanglaítear le *fo-alt (2)* fógra a thabhairt dóibh i dtaobh na nithe dá dtagraítear i *míreanna (i)* go *(iii)* den *fho-alt* sin,
- nach féidir le réasún an fo-alt sin a chomhlíonadh laistigh den tréimhse a shonraítear ann.
- (b) I gcás go bhfadófar tréimhse faoin bhfo-alt seo, cuirfidh an ceann lena mbaineann faoi deara fógra i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, maidir leis an bhfadú agus le tréimhse an fhadaithe agus leis na cúiseanna atá leis an bhfadú, a thabhairt don iarrthóir lena mbaineann roimh dheireadh na tréimhse.

- (c) Déanfar an tagairt i *bhfo-alt (2)* do 2 sheachtain a fhorléiriú de réir aon fhadú faoin bhfo-alt seo ar an tréimhse sin.
- (4) Aon duine a gheobhaidh fógra faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh sé nó sí, tráth nach déanaí ná 3 seachtaine tar éis dó nó di an fógra a fháil, aighneachtaí a dhéanamh chuig an gceann lena mbaineann i ndáil leis an iarraidh a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi agus dá dtagraítear san fhógra agus déanfaidh an ceann—
- (a) aon aighneachtaí den sórt sin a dhéanfar amhlaidh a bhreithniú roimh bhreith a thabhairt i dtaobh an ngéillfidh sé nó sí don iarraidh,
- (b) a chur faoi deara fógra, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear, a thabhairt don duine maidir leis an mbreith, agus
- (c) más breith í géilleadh don iarraidh, a chur faoi deara go mbeidh sonraí san fhógra faoin gceart go ndéanfaí an bhreith a athbhreithniú faoi *alt 22*, faoin nós imeachta lena rialaítear feidhmiú an chirt sin agus faoin teorainn ama lena rialaítear an feidhmiú sin.
- (5) Faoi réir *fho-alt (6)*, tabharfaidh ceann breith i dtaobh an ngéillfidh sé nó sí d'iarraidh a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi, agus comhlíonfaidh sé nó sí *fo-alt (4)* i ndáil leis an gcéanna, tráth nach déanaí ná 2 sheachtain—
- (a) tar éis an tréimhse ama a shonraítear i *bhfo-alt (4)* a bheith caite, nó
- (b) tar éis aighneachtaí a fháil faoin bhfo-alt sin i ndáil leis an iarraidh ó na daoine lena mbaineann,

cibé acu is luaithe, agus forléireofar *alt 13(1)*, agus beidh éifeacht leis, dá réir sin.

- (6) Más rud é, i ndáil le hiarraidh a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi, nach mbeidh an ceann lena mbaineann in ann *fo-alt (2)* a chomhlíonadh, tar éis gach beart réasúnach a ghlacadh chun déanamh amhlaidh, déanfaidh an ceann, má thoilíonn an Coimisinéir leis an neamhchomhlíonadh, breith a thabhairt i dtaobh cibé acu a ghéillfidh nó a dhiúltóidh sé nó sí don iarraidh tráth nach déanaí ná 7 seachtaine tar éis an iarraidh a fháil agus i gcás den sórt sin forléireofar *alt 13(1)*, agus beidh éifeacht leis, dá réir sin.
- (7) Más rud é, i ndáil le hiarraidh a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir léi, nach dtoileoidh an Coimisinéir, de bhun *fho-alt (6)*, le neamhchomhlíonadh *fho-alt (2)*, ordóidh sé nó sí don cheann lena mbaineann bearta sonraithe a ghlacadh laistigh de thréimhse shonraithe chun *fo-alt (2)* a chomhlíonadh agus más rud é, tar éis na bearta sin a ghlacadh laistigh den tréimhse sin nó de cibé tréimhse bhreise a shonróidh an Coimisinéir, nach mbeidh an ceann in ann an fo-alt sin a chomhlíonadh, tabharfaidh sé nó sí breith, a luaithe is féidir, i dtaobh cibé acu a ghéillfidh nó a dhiúltóidh sé nó sí don iarraidh.

Taighde agus acmhainní nádúrtha

39. (1) Féadfaidh ceann diúltú géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise más é tuairim an chinn—
- (a) go bhfuil faisnéis sa taifead lena mbaineann i ndáil le taighde atá á dhéanamh nó le déanamh ag comhlacht saorála faisnéise nó thar a cheann agus gur dhóigh, dá

ndéanfaí an fhaisnéis a nochtadh nó dá ndéanfaí í a nochtadh roimh chríochnú an taighde, go bhféadfaí an comhlacht, aon duine atá nó a bheidh ag déanamh an taighde thar ceann an chomhlachta nó ábhar an taighde a chur faoi mhíbhuntáiste tromáí, nó

- (b) go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go ndéanfaí dochar, dá ndéanfaí faisnéis atá sa taifead a nochtadh, do dhea-bhail acmhainne cultúir, oidhreacht nó nádúrtha nó do speiceas, nó do ghnáthóg speicis, flora nó fauna.
- (2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le cás inarb é tuairim an chinn lena mbaineann gurbh fhearr, tríd is tríd, a dhéanfaí leas an phobail trí ghéilleadh don iarraidh saorála faisnéise lena mbaineann ná trí dhiúltú géilleadh di.

Leasanna airgeadais agus eacnamaíochta an Stáit

40. (1) Féadfaidh ceann diúltú géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise i ndáil le taifead (agus, go háirithe, ach gan dochar do ghinearáltacht an fho-ailt seo thairis sin, i ndáil le taifead a bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis) más é tuairim an chinn—
- (a) go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá dtabharfaí rochtain ar an taifead, go mbeadh drochéifeacht thromáí aige ar chumas an Rialtais an geilleagar náisiúnta a bhainistiú nó ar leasanna airgeadais an Stáit,
 - (b) go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá ndéanfaí faisnéis atá sa taifead a nochtadh go ró-luath, go mbeadh de thoradh air go gcuirfí isteach go míchuí ar ghnáthchúrsa gnó i gcoitinne, nó ar aon aicme áirithe gnó, sa Stát agus, dá dtabharfaí rochtain ar an taifead, go mbeadh, sna himthosca go léir, an fhaisnéis á nochtadh go ró-luath,
 - (c) go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá dtabharfaí rochtain ar an taifead, go mbeadh tionchar diúltach aige ar bhreitheanna ag fiontair i dtaobh infheistíocht a dhéanamh nó i dtaobh méadú sa Stáit, ar a gcuid gníomhaíochtaí taighde nó ar éifeachtacht straitéis forbartha tionscail an Stáit, go háirithe i ndáil le straitéisí stát eile, nó
 - (d) go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá dtabharfaí rochtain ar an taifead, gurb é an toradh a bheadh air tairbhe nó cailteanas do dhuine nó d'aicme daoine nach mbeadh ag dul dóibh.
- (2) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le taifead a bhaineann le haon cheann de na nithe seo a leanas—
- (a) rátaí malairte nó airgeadra an Stáit,
 - (b) cánacha, dleachtanna ioncaim nó bunaidh eile ioncaim don Stát, d'údarás áitiúil nó d'aon chomhlacht poiblí eile,
 - (c) rátaí úis,
 - (d) iasachtaí a fhaigheann an Stát nó comhlacht poiblí nó a fhaightear thar a gceann,
 - (e) rialáil nó maoirsiú ag an Stát nó thar a cheann, nó ag comhlacht poiblí nó thar a cheann, ar ghnó baincéireachta nó árachais nó ar iasachtú airgid nó gnó eile

airgeadais nó ar fhorais nó ar dhaoine eile a bhfuil aon cheann de na gnóthaí réamhráite á seoladh acu,

- (f) déileálacha in urrúis nó in airgeadra coigríche,
 - (g) rialáil nó rialú ag an Stát nó thar a cheann, nó ag comhlacht poiblí nó thar a cheann, ar phá, ar thuarastail nó ar phraghsanna,
 - (h) tograí i ndáil le caiteachas ag an Stát nó thar a cheann, nó ag comhlacht poiblí nó thar a cheann, lena n-áirítear rialú, srian nó toirmeasc ar aon chaiteachas den sórt sin,
 - (i) maoin nó sócmhainní eile atá ina sheilbh ag an Stát nó thar a cheann, nó ag comhlacht poiblí nó thar a cheann, agus idirbhearta, nó idirbhearta molta nó beartaithe, a bhfuil maoin nó sócmhainní eile den sórt sin i gceist iontu,
 - (j) infheistíocht choigríche i bhfiontair sa Stát,
 - (k) forbairt tionscail sa Stát,
 - (l) trádáil idir daoine sa Stát agus daoine lasmuigh den Stát,
 - (m) rúin trádála nó faisnéis airgeadais, tráchtála, tionscail, eolaíochta nó theicniúil is leis an Stát nó le comhlacht poiblí agus a bhfuil, nó ar dóigh le réasún go mbeadh, luach substaintiúil leo nó léi,
 - (n) faisnéis a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá nochtfaí í, go ndéanfaí dochar do staid iomaíochta comhlachta phoiblí i ndáil le gníomhaíochtaí a bhíonn á seoladh aige ar bhonn tráchtála,
 - (o) dálaí eacnamaíochta nó airgeadais comhlachta phoiblí,
 - (p) infheistíocht nó soláthar tacaíochta airgeadais ag an Stát nó thar a cheann nó ag comhlacht poiblí nó thar a cheann,
 - (q) dliteanais de chuid an Stáit nó de chuid comhlacht poiblí, nó
 - (r) comhairle a thabhairt maidir le tionscadail bonneagair phoiblí nó an céanna a bhainistiú, lena n-áirítear socrúithe le haghaidh comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha (de réir bhrí an Achta um Údaráis Stáit (Socrúithe le haghaidh Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha), 2002).
- (3) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le cás inarb é tuairim an chinn lena mbaineann gurbh fhearr, tríd is tríd, a dhéanfaí leas an phobail trí ghéilleadh don iarraidh saorála faisnéise lena mbaineann ná trí dhiúltú géilleadh di.

Achtacháin a bhaineann le neamhnochtadh taifead

41. (1) Diúltóidh ceann géilleadh d'iarraidh saorála faisnéise más rud é—

- (a) go dtoirmiscear le dlí an Aontais Eorpaigh nó le haon achtachán (seachas foráil a shonraítear i *gcolún (3)* de *Chuid 1* nó *2* de *Sceideal 3* d'achtachán a shonraítear sa *Sceideal* sin) an taifead lena mbaineann a nochtadh, nó

- (b) go bhfuil neamhnochtadh an taifid údaraithe in imthosca áirithe le haon achtachán den sórt sin agus gur cás é ina ndiúltódh an ceann, de bhun an achtacháin, an taifead a nochtadh.
- (2) Déanfaidh comhchoiste de dhá Theach an Oireachtais, má bhíonn sé údaraithe chuige sin ag an dá Theach sin (agus gairtear “an coiste” ina dhiaidh seo san alt seo de choiste den sórt sin a bheidh údaraithe amhlaidh)—
- (a) oibriú aon fhorálacha d’aon achtachán lena n-údaraithear nó lena gceanglaítear neamhnochtadh taifid (seachas foráil a shonraítear sa *cholún* sin (3)) a athbhreithniú ó am go ham chun a fhionnadh ar chóir, ag féachaint d’fhorálacha, do chríocha agus do mheon an Achta seo—
- (i) aon cheann de na forálacha sin a leasú nó a aisghairm, nó
- (ii) tagairt d’aon cheann acu a chur isteach sa *cholún* sin (3),
- agus
- (b) tuarascáil i scríbhinn ar thorthaí an athbhreithnithe réamhráite a ullmhú agus a thabhairt do gach Teach acu sin agus, má mheasann sé gur cuí déanamh amhlaidh, moltaí i ndáil le leasú, le haisghairm nó le leanúint i bhfeidhm aon cheann de na forálacha sin, nó i ndáil le tagairt d’aon cheann acu a chur isteach sa *cholún* sin (3), a áireamh sa tuarascáil.
- (3) Déanfaidh Aire den Rialtas, de réir *fho-alt* (6), tuarascálacha i scríbhinn a ullmhú agus a thabhairt don choiste—
- (a) ina sonrú, maidir le haon achtacháin lena dtugtar feidhmeanna don Aire sin den Rialtas, nó do chomhlacht saorála faisnéise a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis dílsithe don Aire sin den Rialtas, aon fhorálacha de na hachtacháin sin lena n-údaraithear nó lena gceanglaítear neamhnochtadh taifid, agus
- (b) ina sonrú an amhlaidh, i dtuairim an Aire sin den Rialtas agus (i gcás gur cuí sin) aon chomhlachta saorála faisnéise den sórt sin, ar tuairim í ar thángthas uirthi ag féachaint d’fhorálacha, do chríocha agus do mheon an Achta seo—
- (i) gur chóir aon fhoráil de na forálacha dá dtagraítear i *mír* (a) a leasú nó a aisghairm nó ligean di leanúint i bhfeidhm, nó
- (ii) gur chóir tagairt d’aon cheann acu a chur isteach sa *cholún* sin (3),
- agus ina leagfar amach na cúiseanna atá leis an tuairim.
- (4) Cuirfidh Aire den Rialtas faoi deara cóip de thuarascáil arna hullmhú aige nó aici faoi *fho-alt* (3) a thabhairt don Choimisinéir agus a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- (5) Féadfaidh an Coimisinéir, agus déanfaidh sé nó sí, má iarrann an coiste air nó uirthi déanamh amhlaidh, a thuairim nó a tuairim, agus a thátail nó a tátail, i ndáil le tuarascáil faoi *fho-alt* (3) nó le haon ní atá i dtuarascáil den sórt sin nó a éiríonn aisti, nó le haon ní a bhaineann le hoibriú an ailt seo nó a éiríonn as, a thabhairt don choiste.

- (6) Déanfaidh Aire den Rialtas an chéad tuarascáil uaidh nó uaithi faoi *fho-alt (3)* a thabhairt de réir an fho-ailt sin tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis chothrom cúig bliana an lae a tugadh an tuarascáil is déanaí roimhe sin uaidh nó uaithi, faoi alt 32(3) d'Acht 1997, don chomhchoiste lena mbaineann agus déanfar tuarascálacha dá éis sin faoi *fho-alt (3)* ón Aire sin den Rialtas a thabhairt amhlaidh tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis chothrom cúig bliana an lae a tugadh an tuarascáil is déanaí den sórt sin roimhe sin uaidh nó uaithi.

CUID 5

SRIAN LEIS AN ACHT

Srian leis an Acht

42. Níl feidhm ag an Acht seo—

- (a) maidir le taifead atá ina seilbh acu seo a leanas—

(i) na cúirteanna, nó

(ii) binse seirbhíse de réir bhrí alt 161 den Acht Cosanta, 1954,

agus a bhaineann le cúirt nó le binse den sórt sin nó le himeachtaí i gcúirt nó i mbinse den sórt sin, seachas—

(I) taifead a bhaineann le himeachtaí i gcúirt nó i mbinse den sórt sin arna seoladh go poiblí ach nach ndearna an chúirt nó an binse é a chruthú agus nach bhfuil a nochtadh don phobal i gcoitinne toirmisce ag an gcúirt nó ag an mbinse, nó

(II) taifead a bhaineann le riaradh ginearálta na gcúirteanna nó oifigí na gcúirteanna nó le riaradh ginearálta binse den sórt sin nó aon oifigí de chuid binse den sórt sin,

- (b) maidir le taifead atá ina sheilbh, nó arna chruthú, ag an nGarda Síochána agus a bhaineann le haon cheann díobh seo a leanas:

(i) an tAonad Práinnfhreagartha;

(ii) Ciste na Seirbhíse Sicréidí a chothabhálann sé;

(iii) an tAonad Speisialta Bleachtaireachta (ASB);

(iv) an clár um chosaint finnétithe a urraíonn sé;

(v) an Rannóg Slándála agus Eolais;

(vi) oibríochtaí eolais ceilte a bhainistiú agus a úsáid;

(vii) an tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993;

(viii) an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005;

- (ix) an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009;
 - (x) an tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011,
- (c) maidir le taifead—
- (i) atá ina sheilbh ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla,
 - (ii) atá ina seilbh ag Óglaigh na hÉireann agus a bhaineann—
 - (I) leis na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998;
 - (II) le halt 170 den Acht Cosanta, 1954,
 - (III) leis an Acht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993,
 - (IV) leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005,
 - (V) leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Faireachas), 2009,
 - (VI) leis an Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011, nó
 - (VII) leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 i leith cumhachtaí reachtúla oifigigh faoi alt 8 den Acht um Chosaint Sonraí, 1988,
 - (iii) atá ina sheilbh ag an gCoimisiún Neamhspleách um Shuíomh Taisí Íospartach (de réir bhrí an Achta um Cheartas Coiriúil (Suíomh Taisí Íospartach), 1999), agus
 - (iv) atá ina sheilbh ag an gCoimisiún Neamhspleách Faireacháin (de réir bhrí an Achta um an gCoimisiún Neamhspleách Faireacháin, 2003),
- (d) maidir le taifead a bhaineann leis na nithe seo a leanas—
- (i) fiosrúchán de réir bhrí alt 42 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, cibé acu atá an taifead lena mbaineann—
 - (I) i seilbh daoine atá ag seoladh an fhiosrúcháin, nó
 - (II) ar an bhfiosrúchán a dhíscaoileadh, i seilbh aon chomhlacht eile a bhfuil taifead den sórt sin ina choimeád,
 seachas—
 - (A) taifead a bhaineann le duine a cheapadh chun fiosrúchán a sheoladh faoi alt 42 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, nó
 - (B) taifead a bhaineann le caiteachais fiosrúcháin faoin alt sin nó le nithe eile a bhaineann le riaradh ginearálta fiosrúcháin faoin alt sin,
- (e) maidir le taifead a bhaineann—
- (i) le fiosrúchán ar aon ní ag binse a gcuirtear an *Tribunals of Inquiry (Evidence) Act*, 1921 chun feidhme maidir leis, cibé acu—

- (I) atá an taifead lena mbaineann i seilbh an bhinse fiosrúcháin, nó
- (II) a thaisctear an taifead lena mbaineann le duine, nó in áit, de réir ceanglais fógra faoi alt 46(1) den Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011 arna thabhairt do chathaoirleach nó d'iarchathaoirleach, de réir mar a bheidh, an bhinse fiosrúcháin,
nó
- (ii) le himscrúdú ag coimisiún imscrúdúcháin de réir bhrí an Achta um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004, cibé acu atá an taifead lena mbaineann—
 - (I) i seilbh an choimisiúin imscrúdúcháin,
 - (II) i seilbh an Aire shonraithe tar éis é a thaisceadh leis nó léi faoi alt 43(2) den Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004,
 - (III) i seilbh binse fiosrúcháin tar éis é a chur ar fáil dó faoi alt 45 den Acht sin, nó
 - (IV) i seilbh comhlachta tar éis é a aistriú chuige ar bhinse fiosrúcháin dár cuireadh an taifead ar fáil faoi alt 45 den Acht sin a dhíscaoileadh,
seachas—
 - (A) taifead a cruthaíodh sular ceapadh an binse nó sula ndearnadh an t-ordú lenar bunaíodh an coimisiún, nó
 - (B) taifead a bhaineann le caiteachais an bhinse nó an choimisiúin nó le nithe eile a bhaineann le riaradh ginearálta an bhinse nó an choimisiúin,
 - (C) taifead a bhaineann le daoine a cheapadh faoi alt 7 nó 8 den Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004,
- (f) maidir le taifead a shealbhaíonn nó a chruthaigh an tArd-Aighne nó an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó Oifig an Ard-Aighne nó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, seachas taifead a bhaineann le riaradh ginearálta,
- (g) maidir le taifead a bhaineann le hiniúchadh, cigireacht, imscrúdú nó scrúdú arna dhéanamh nó arna déanamh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi Achtanna an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, 1923 go 1993, faoi na *Exchequer and Audit Department Acts, 1866 and 1921*, nó faoi aon aontachán eile, seachas—
 - (i) taifead den sórt sin a cruthaíodh roimh thosach an imscrúdaithe, an iniúchta, na cigireachta nó an scrúdaithe réamhráite, nó
 - (ii) taifead a bhaineann le riaradh ginearálta Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste,
- (h) maidir le taifead a bhaineann leis an Uachtarán,
- (i) maidir le taifead atá i seilbh Bhanc Ceannais na hÉireann, a dtoirmisctear le haon cheann díobh seo a leanas é a nochtadh—
 - (i) Conradh na Róimhe,

- (ii) Reacht CEBC, nó
- (iii) aon cheann de na Treoracha Maoirseachta,
 - de réir bhrí Acht an Bhainc Cheannais, 1942,
- (j) maidir le taifead arna thabhairt ag comhlacht saorála faisnéise do chomhalta den Rialtas nó d'Aire Stáit lena úsáid aige nó aici chun críocha aon imeachtaí i gceachtar Teach den Oireachtas nó in aon choiste de chuid ceachtar Teach acu sin nó de chuid an dá Theach sin nó in aon fhochoiste de chuid coiste den sórt sin (lena n-áirítear imeachtaí den sórt sin i ndáil le ceisteanna arna gcur ag comhaltaí de cheachtar Teach acu sin ar chomhaltaí den Rialtas nó ar Airí Stáit (cibé acu a fhreagraítear iad ó bhéal nó i scríbhinn)),
- (k) maidir le taifead a bhaineann le haon cheann de pháipéir phríobháideacha (de réir bhrí Airteagal 15.10 den Bhunreacht) comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó le doiciméad oifigiúil de chuid ceachtar Teach den Oireachtas nó de chuid an dá Theach sin a gceanglaítear déileáil leis i modh rúin le rialacha nó le buanorduithe ceachtar Tí acu sin nó an dá Theach sin,
- (l) mura ndearnadh toiliú a thabhairt go dleathach lena nochtadh, maidir le taifead a bhaineann le haon pháipéar príobháideach nó cumarsáid rúnda, de réir bhrí Chuid 10 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013, nó doiciméad oifigiúil, de réir bhrí Chuid 11 den Acht sin, nó
- (m) maidir le taifead a bhaineann le faisnéis a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá nochtfaí í, go léireofaí, nó go dtiocfadh de go léireofaí—
 - (i) céannacht duine a sholáthair faisnéis do chomhlacht saorála faisnéise i modh rúin i ndáil le forfheidhmiú nó riaradh an dlí, nó i gcás go mbeidh an fhaisnéis sin ina sheilbh aige thairis sin, nó
 - (ii) aon fhoinse eile faisnéise den sórt sin a soláthraíodh i modh rúin do chomhlacht saorála faisnéise, nó i gcás go mbeidh an fhaisnéis sin ina sheilbh aige thairis sin.

CUID 6

AN COIMISINÉIR FAISNÉISE

Oifig an Choimisinéara Faisnéise do leanúint i bhfeidhm

- 43.** (1) D'ainneoin aisghairm Acht 1997 le *halt 5*, leanfaidh oifig an Choimisinéara Faisnéise i bhfeidhm agus leanfaidh sealbhóir na hoifige de bheith i seilbh oifige agus tabharfar an Coimisinéir Faisnéise air nó uirthi.
- (2) Beidh an Coimisinéir ina chorparáid aonair nó ina corparáid aonair ag a mbeidh comharbas suthain agus séala oifigiúil agus beidh cumhacht aige nó aici—
- (a) agairt a dhéanamh agus beidh sé nó sí inagartha, agus

- (b) le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, agus aon mhaoín eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.
- (3) Beidh an Coimisinéir neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna.
- (4) Is é nó is í an tUachtarán a dhéanfaidh duine a cheapadh mar Choimisinéir, ar chomhairle an Rialtais tar éis do Dháil Éireann agus do Sheanad Éireann rún a rith ag moladh an duine a cheapadh.
- (5) (a) Faoi réir an ailt seo, beidh éifeacht le *Sceideal 2* i ndáil leis an gCoimisinéir.
 - (b) Ní bheidh feidhm ag alt 2(6) den Acht Ombudsman, 1980, maidir le duine a bheidh i seilbh oifig an Ombudsman agus a bheidh i seilbh oifig an Choimisinéara freisin.
 - (c) Ní bheidh éifeacht le *mír 5* de *Sceideal 2* i ndáil le luach saothair i gcás go mbeidh an duine a bheidh i seilbh oifig an Ombudsman i seilbh oifig an Choimisinéara freisin.

Athbhreithniú ar oibriú an Achta agus imscrúduithe ag an gCoimisinéir

- 44.** (1) Coimeádfaidh an Coimisinéir oibriú an Achta seo faoi athbhreithniú agus féadfaidh sé nó sí imscrúdú a dhéanamh tráth ar bith ar na cleachtais agus ar na nósanna imeachta a bheidh glactha ag comhlachtaí saorála faisnéise i gcoitinne nó ag aon chomhlacht saorála faisnéise nó comhlachtaí saorála faisnéise áirithe chun—
- (a) forálacha an Achta seo i gcoitinne, nó
 - (b) aon fhorálacha áirithe den Acht seo,
- a chomhlíonadh.
- (2) Féadfaidh an Coimisinéir tráth ar bith imscrúdú a dhéanamh ar na cleachtais agus ar na nósanna imeachta a bheidh glactha ag comhlachtaí saorála faisnéise nó ag aon chomhlacht saorála faisnéise nó comhlachtaí saorála faisnéise áirithe chun a chumasú do dhaoine na cearta a thugtar leis an Acht seo a fheidhmiú agus chun an feidhmiú sin a éascú.
 - (3) Féadfaidh an Coimisinéir tráth ar bith tuarascáil a ullmhú, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnfear—
 - (a) maidir lena chuid nó lena cuid fionnachtana agus tátal de thoradh aon fheidhm faoi *fho-alt (1)* nó *(2)* a chomhlíonadh, nó
 - (b) maidir le haon ní a bhaineann le comhlíonadh feidhme den sórt sin nó a éiríonn as an gcéanna.
 - (4) Cuirfidh an Coimisinéir faoi deara, má mheasann sé nó sí gur cuí déanamh amhlaidh, cóip de thuarascáil faoin alt seo a thabhairt don Aire agus do gach comhlacht saorála faisnéise lena mbaineann agus cuirfidh sé nó sí faoi deara cóip den tuarascáil a chur

mar fhoscábhinn leis an gcéad tuarascáil eile faoi *alt 47(2)* a ullmhófar tar éis ullmhú na tuarascála céadluaite.

Cumhachtaí an Choimisinéara

45. (1) Féadfaidh an Coimisinéir, chun críocha athbhreithniú faoi *alt 22* nó imscrúdú faoi *alt 44*—
- (a) a cheangal ar aon duine a bhfuil, i dtuairim an Choimisinéara, faisnéis ina sheilbh nó ina seilbh, nó a bhfuil taifead faoina chumhacht nó faoina cumhacht nó faoina rialú, is faisnéis nó taifead atá, i dtuairim an Choimisinéara, iomchuí maidir leis na críocha réamhráite, aon fhaisnéis nó taifead den sórt sin atá i seilbh nó, de réir mar a bheidh, faoi chumhacht nó faoi rialú an duine sin a thabhairt don Choimisinéir agus, i gcás gur cuí sin, a cheangal ar an duine freastal os a chomhair nó os a comhair chun na críche sin, agus
 - (b) scrúdú a dhéanamh ar aon taifead is iomchuí, i dtuairim an Choimisinéara, maidir leis an athbhreithniú nó leis an imscrúdú agus cóipeanna in aon fhoirm a dhéanamh den taifead sin nó de shleachta as agus, chun na gcríoch sin, seilbh a ghlacadh ar aon taifead den sórt sin, é a aistriú ón áitreabh agus é a choinneáil ina sheilbh nó ina seilbh go ceann tréimhse réasúnach.
- (2) Féadfaidh an Coimisinéir, chun críocha athbhreithniú nó imscrúdú den sórt sin mar a dúradh, dul isteach in aon áitreabh atá á áitiú ag comhlacht saorála faisnéise agus, ansin—
- (a) a cheangal ar aon duine a gheofar san áitreabh cibé faisnéis a bheidh i seilbh an duine agus a theastóidh uaidh nó uaithe le réasún chun na gcríoch réamhráite a thabhairt dó nó di agus aon taifead a bheidh faoi chumhacht nó faoi rialú an duine sin a chur ar fáil dó nó di, ar taifead é is iomchuí, i dtuairim an Choimisinéara, maidir leis na críocha sin, agus
 - (b) scrúdú a dhéanamh ar aon taifead a chuirfear ar fáil dó nó di mar a dúradh nó a gheofar san áitreabh agus cóipeanna a dhéanamh den taifead sin nó de shleachta as.
- (3) Faoi réir *fho-alt (4)*, ní chuirfidh aon achtachán ná riail dlí lena dtoirmisctear nó lena sriantar faisnéis a nochtadh nó a chur i bhfios cosc ar dhuine aon fhaisnéis nó taifead den sórt sin mar a dúradh a thabhairt don Choimisinéir.
- (4) Beidh duine a mbeidh ceanglas dírithe chuige nó chuici faoin alt seo i dteideal na ndíolúintí agus na bpríbhleáidí céanna a bheadh ag finn é i gcúirt.
- (5) Féadfaidh an Coimisinéir, más cuí leis nó léi, íocaíochtaí mar a leanas a íoc le haon duine a dhéanfaidh, chun críocha athbhreithniú faoi *alt 22*, nó imscrúdú faoi *alt 44*, freastal os comhair an Choimisinéara nó faisnéis nó taifead nó rud eile a thabhairt dó nó di—
- (a) suimeanna i leith caiteachais taistil agus cothaithe a thabhaigh an duine go cuí, agus
 - (b) liúntais mar chúiteamh as a chuid ama nó a cuid ama a chailleadh,

ina mbeidh cibé méid a chinnfidh an tAire.

- (6) Faoi réir an Achta seo, is é an nós imeachta chun athbhreithniú faoi *alt 22* nó imscrúdú faoi *alt 44* a sheoladh cibé nós imeachta a mheasfaidh an Coimisinéir is cuí in imthosca uile an cháis agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, beidh sé chomh neamhfhoirmiúil agus is féidir ach é a bheith i gcomhréir le comhlíonadh cuí fheidhmeanna an Choimisinéara.
- (7) Aon duine a mhainneoidh nó a dhiúltóidh ceanglas faoin alt seo a chomhlíonadh nó a bhacfaidh nó a choiscfidh an Coimisinéir i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (8) I gcás go mainneoidh comhlacht saorála faisnéise déanamh de réir breith cheangailteach ón gCoimisinéir faoin Acht seo, féadfaidh an Coimisinéir Faisnéise iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú chun oibleagáid a chur ar an gcomhlacht saorála faisnéise déanamh de réir na breithe.
- (9) Níl feidhm ag an alt seo maidir le taifead a bhfuil deimhniú faoi *alt 34* i bhfeidhm ina leith.
- (10) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis na nithe seo a leanas—
- (a) faisnéis, doiciméid nó rudaí a ainmnítear le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 126(1)(a) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, nó
- (b) stáisiúin de chuid an Gharda Síochána a ainmnítear le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 126(1)(b) d'Acht an Gharda Síochána, 2005,

ach amháin a mhéid a shonraítear in ordachán ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

- (11) Le linn dó nó di breith a thabhairt i dtaobh ordachán a eisiúint faoi *fho-alt (10)*, cuirfidh an tAire leas an phobail i gcuntas.
- (12) Comhlíonfaidh an Coimisinéir na forálacha a bhaineann le rúndacht ghairmiúil agus atá—
- (a) i gConradh na Róimhe,
- (b) i Reacht CEBC, nó
- (c) in aon cheann de na Treoracha Maoirseachta,

(de réir bhrí Acht an Bhainc Cheannais, 1942) le linn faisnéis atá i dtaifid arna soláthar dó nó di ag an mBanc faoin Acht seo a bheith ina sheilbh nó ina seilbh agus déileáil leis an gcéanna.

An Coimisinéir d'fhoilsiú tráchtairachtaí maidir le feidhm phraiticiúil, etc., an Achta

46. Féadfaidh an Coimisinéir tráchtairachtaí ar fheidhm phraiticiúil agus ar oibriú fhorálacha an Achta seo, nó aon fhorálacha áirithe den Acht seo, a ullmhú agus a fhoilsiú, lena n-áirítear tráchtairachtaí a bheidh bunaithe ar thaithí shealbhóirí oifig an Choimisinéara i ndáil le hathbhreithnithe, agus i ndáil le breitheanna tar éis athbhreithnithe, de chuid sealbhóirí den sórt sin faoi *alt 22*.

Tuarascálacha ón gCoimisinéir**47. (1) Foilseoidh an Coimisinéir—**

- (a) aon bhreith i ndáil le haon athbhreithniú faoi *alt 22*, agus
 - (b) nuair a bheidh imeachtaí tugtha chun críche, achoimre ar aon achomharc faoi *alt 24*.
- (2) Gach bliain, ullmhóidh an Coimisinéir tuarascáil i ndáil lena ghníomhaíochtaí nó i ndáil lena gníomhaíochtaí faoin Acht seo sa bhliain roimhe sin, déanfaidh sé nó sí cóip d'aon tuarascáil a thabharfar dó nó di faoi *alt 34(11)* a chur mar fhoscábhinn leis an tuarascáil, agus cuirfidh sé nó sí faoi deara cóipeanna den tuarascáil agus cóipeanna d'aon tuarascálacha a thabharfar faoi *alt 34(11)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- (3) Féadfaidh an Coimisinéir, má mheasann sé nó sí gur cuí déanamh amhlaidh ar mhaithe le leas an phobail nó ar mhaithe le leasanna aon duine, tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú i ndáil le haon imscrúdú, nó i ndáil le haon athbhreithniú a bheidh déanta, nó i ndáil le haon fheidhm eile a bheidh comhlíonta, aige nó aici faoin Acht seo nó i ndáil le haon ní a bhaineann le himscrúdú, le hathbhreithniú nó le comhlíonadh den sórt sin nó a éiríonn i gcúrsa imscrúdú, athbhreithniú nó comhlíonadh den sórt sin.

CUID 7

ILGHNÉITHEACH

Cód cleachtas agus treoirínite

- 48. (1) Féadfaidh an tAire cód cleachtas (an “cód”) agus treoirínite (lena n-áirítear treoirínite i ndáil le nithe atá sa chód) a tharraingt suas agus a fhoilsiú le haghaidh oibriú éifeachtach éifeachtúil an Achta seo chun cuidiú le comhlachtaí saorála faisnéise ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo dóibh.**
- (2) Féadfaidh forálacha a bheith sa chód chun foilsiú faisnéise oifigiúla agus faisnéise eile atá i seilbh comhlachtaí saorála faisnéise a chur chun cinn is faisnéis a d'fhéadfadh a bheith ina hábhar d'iarrataí saorála faisnéise thairis sin.
- (3) Beidh aird ag comhlachtaí saorála faisnéise ar an gcód agus ar aon treoirínite ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo dóibh.
- (4) Déanfar fógra i dtaobh cód a dhéanamh faoin alt seo a fhoilsiú san Iris Oifigiúil a luaithe is caoithiúil tar éis a dhéanta.

Díolúine ó imeachtaí dlíthiúla**49. (1) Tá feidhm ag an alt seo—**

- (a) maidir le gníomh arb éard é doiciméad a shonraítear in *alt 8* a fhoilsiú faoin alt sin,
- (b) maidir le gníomh arb éard é ráiteas a shonraítear in *alt 10* a thabhairt do dhuine faoin alt sin, nó

- (c) maidir le gníomh arb éard é géilleadh nó géilleadh go páirteach faoi *alt 13* nó de bhua *alt 21* nó *22* d'iarraidh saorála faisnéise,

ar gníomh é a ceanglaíodh nó a údaraíodh leis an Acht seo agus a chomhlíon forálacha an Achta seo nó ar chreid an ceann lena mbaineann le réasún gur ceanglaíodh nó gur údaraíodh amhlaidh é agus gur chomhlíon sé an tAcht seo.

- (2) Faoi réir an ailt seo, ní bheidh aon ábhar imeachtaí sibhialta nó coiriúla ann in aon chúirt—

- (a) ina gcoinne seo a leanas—

(i) an Stát,

(ii) comhlacht saorála faisnéise,

(iii) ceann,

(iv) stiúrthóir ar chomhlacht saorála faisnéise nó comhalta d'fhoireann comhlachta saorála faisnéise, nó

(v) soláthraí seirbhíse,

i leith gníomh a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis nó i leith iarmhairtí aon ghnímh den sórt sin, nó

- (b) i gcoinne údar taifid lena mbaineann gníomh a shonraítear i *bhfo-alt (1)(c)* nó i gcoinne aon duine eile i leith aon fhoilsiú a ghabhann leis an ngníomh sin nó a éiríonn as an ngníomh sin de bhrí gur sholáthair an t-údar sin nó an duine eile sin an taifead don chomhlacht saorála faisnéise.

- (3) Níl feidhm ag *fo-alt (2)* i ndáil le himeachtaí maidir le sárú dualgais a fhorchuirtear le *halt 8*.

- (4) Ní bheidh aon ábhar imeachtaí sibhialta nó coiriúla ann in aon chúirt i gcoinne an Choimisinéara nó comhalta d'fhoireann an Choimisinéara i leith aon ní a deir nó a dhéanann an Coimisinéir nó an comhalta de mheon macánta i gcúrsa comhlíonadh nó comhlíonadh airbheartaithe feidhme de chuid an Choimisinéara nó de chuid an chomhalta.

- (5) Má ghéilltear d'iarraidh saorála faisnéise, ní ghlacfar leis sin mar ní is ionann agus údarú nó ceadú go ndéanfadh an t-iarrthóir lena mbaineann, i ndáil le haon fhuaimthairfeadh nó scannán, atá sa taifead lena mbaineann, aon ghníomh a thoirmisctear thairis sin.

- (6) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (5)*, má ghéilltear d'iarraidh saorála faisnéise, ní ghlacfar leis sin mar ní is ionann agus údarú nó ceadú—

(a) chun críocha an dlí a bhaineann le clúmhillleadh nó le sárú rúndachta, go ndéanfadh an t-iarrthóir lena mbaineann nó aon duine eile an taifead lena mbaineann nó aon fhaisnéis atá sa taifead sin a fhoilsiú, nó

(b) chun críocha dhlí an chóipchirt, go ndéanfadh an t-iarrthóir lena mbaineann aon ghníomh a shriantar le cóipcheart—

- (i) in aon saothar litríochta, saothar drámaíochta, saothar ceoil nó saothar ealaíne,
- (ii) in aon fhuaimthaifeadadh, scannán nó craoladh,
- (iii) i gcóiriú cló eagráin fhoilsithe, nó
- (iv) i mbunachar sonraí bunaidh,

atá sa taifead lena mbaineann.

- (7) Aon fhocal nó aon abairt a úsáidtear i *bhfo-alt (5)* nó *(6)* agus a úsáidtear freisin san Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000, tá an bhrí chéanna leis nó léi sna fo-ailt sin atá leis nó léi san Acht sin.

Leasú ar Acht an Bhainc Cheannais, 1942

- 50.** Leasaítear alt 33AK(5) d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (as):

“(as) chun críocha scéimeanna cosanta conarthacha nó institiúideacha dá dtagraítear in Airteagal 113(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 an 26 Meitheamh 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, nó

(at) don Choimisinéir Faisnéise a bhfuil gá léi chun feidhmeanna an Choimisinéara sin faoin *Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014* a chomhlíonadh.”.

Leasú ar an Acht um Rúin Oifigiúla, 1963

- 51.** (1) Aon duine a bheidh údaraithe, nó a chreidfidh le réasún go bhfuil sé nó sí údaraithe, leis an Acht seo chun faisnéis oifigiúil a chur i bhfios do dhuine eile, measfar, chun críocha alt 4 den Acht um Rúin Oifigiúla, 1963, go bhfuil sé nó sí údaraithe go cuí chun an fhaisnéis sin a chur i bhfios.

- (2) In ionchúiseamh mar gheall ar chion faoi alt 5 nó 9 den Acht sin, is cosaint é a chruthú, maidir leis an ngníomh lena mbaineann an cúiseamh sa chion, go bhfuil sé údaraithe, nó go greideann an duine a bheidh cúisithe, le réasún, go bhfuil sé údaraithe, leis an Acht seo.

Cion agus pionós

- 52.** I gcás go mbeidh iarraidh saorála faisnéise déanta i leith taifid, aon duine a dhéanfaidh, gan leithscéal dleathach agus le hintinn mheabhlaireachta, taifead a dhíothú nó athrú ábhartha a dhéanamh air, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme B a chur air nó uirthi.

Imeachtaí i leith cionta

- 53.** (1) D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act, 1851*, féadfar imeachtaí i leith cion faoin Acht seo a thionscnamh aon tráth laistigh de 12 mhí ó dháta an chiona nó, más déanaí ná sin é, 12 mhí ón dáta a thagann fianaise ar iúl an duine a thionscnaíonn na himeachtaí ar fianaise í is leor, i dtuairim an duine sin, chun gur chóir na himeachtaí a thionscnamh.

¹IO Uimh. L 176, 20.06.2013, lch. 1

- (2) I gcás cion faoin Acht seo a bheith déanta ag comhlacht corpraithe nó ag duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú thar ceann comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe daoine agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú, le cúltheadú nó le ceadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh, aon duine ba stiúrthóir ar an gcomhlacht lena mbaineann nó ba chomhalta de choiste bainistíochta an chomhlachta lena mbaineann nó d'údarás rialaithe eile de chuid an chomhlachta lena mbaineann, nó arbh é nó í bainisteoir nó rúnaí an chomhlachta é nó í, nó arbh oifigeach eile don chomhlacht é nó í, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, nuair a rinneadh an cion, beidh an duine sin ciontach i gcion freisin agus dlífeair imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh an duine sin ciontach sa chion céadluaite.

Cosaint

54. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, agus d'ainneoin alt 26(2)(d) nó aon fhoráil eile den Acht Léiriúcháin, 2005, scoirfidh rialacháin arna ndéanamh faoi Acht 1997 de bheith i bhfeidhm ar thosach feidhme an Achta seo.
- (2) Leanfaidh na Rialacháin a shonraítear i *Sceideal 5* i bhfeidhm amhail is dá ndéanfaí faoin Acht seo iad agus féadfar iad a leasú nó a chúlghairm dá réir sin.

Forálacha idirthréimhseacha

55. (1) Aon ghníomh a mbeidh tús curtha leis faoi Acht 1997 ach nach mbeidh críochnaithe roimh thosach feidhme *alt 5* den Acht seo, leanfar dá chomhlíonadh agus críochnófar é tar éis an tosach feidhme sin amhail is nach n-aisghairfí Acht 1997.
- (2) Más rud é, díreach roimh thosach feidhme *alt 5*, go bhfuil aon imeachtaí dlí ar feitheamh ar páirtí iontu an Coimisinéir, féadfar leanúint de na himeachtaí amhail is nach n-aisghairfí Acht 1997.

Alt 6

SCEIDEAL 1

Cuid 1

GNÍOMHAIREACHTAÍ A CHUIMSÍTEAR GO PÁIRTEACH

Ní fholaíonn *alt 6* tagairt dóibh seo a leanas—

- (a) Údarás Uchtála na hÉireann, a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le hordú uchtála a dhéanamh nó maidir le huchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, de réir bhrí an Achta Uchtála, 2010, nó le taifid a éiríonn as an gcéanna;
- (b) Banc Ceannais na hÉireann, a mhéid a bhaineann sé—
 - (i) le taifid atá ina sheilbh aige agus ina bhfuil—
 - (I) faisnéis phearsanta rúnda a bhaineann le gnóthaí airgeadais nó gnó aon phearsan aonair, nó
 - (II) faisnéis rúnda airgeadais, tráchtála nó rialála a bhaineann le gnóthaí gnó aon duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh ceadúnas, údarú, ceadú nó clárú ó Bhanc Ceannais na hÉireann nó ag a bhfuil iarratas déanta ar an gcéanna, nó a rialaíonn Banc Ceannais na hÉireann é nó í thairis sin,

agus a bheidh faighte ag Banc Ceannais na hÉireann chun aon cheann dá fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, nó le linn an céanna a chomhall, (seachas i gcás go mbeidh an fhaisnéis sin i dtaifid i bhfoirm achomair nó chomhiomlán, ionas nach féidir daoine a shainithint ón taifead), agus
 - (ii) le taifid—
 - (I) a shealbhaíonn Banc Ceannais na hÉireann ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa arna bhunú aige faoi alt 5(1), nó
 - (II) a tháirgfídh Banc Ceannais na hÉireann faoi alt 30(1),

den Acht um Thuairisciú Creidmheasa, 2013 (Uimh. 45 de 2013);
- (c) an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, 2000, seachas a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le riaradh ginearálta na bhfeidhmeanna sin;
- (d) Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil, i gcomhlíonadh a feidhmeanna faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaoil), 2007 (I.R. Uimh. 133 de 2007), seachas a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le riaradh ginearálta na bhfeidhmeanna sin;

- (e) an Bord um Athstruchtúráil Comhar Creidmheasa (BACC), a mhéid a bhaineann sé le haon taifid atá ina sheilbh aige agus ina bhfuil faisnéis phearsanta nó rúnda (lena n-áirítear faisnéis rúnda airgeadais nó tráchtála) maidir le gnó aon duine nó comhlachta, cibé acu corpraithe nó neamhchorpraithe, atá ina sheilbh ag an mBord sin chun aon cheann dá fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, seachas i gcás go ndéantar an fhaisnéis sin a thíolacadh ar mhodh (cibé acu comhiomlánaithe, achoimrithe nó eile, nó a bhaineann le níos mó ná duine amháin) a chinntíonn nach ndéantar aon fhaisnéis phearsanta nó rúnda den sórt sin a nochtadh agus nach féidir aon duine nó comhlacht a shainaithint ó na taifid nó ón bhfaisnéis lena mbaineann;
- (f) an Coimisinéir Cosanta Sonraí, nó oifigeach don Choimisinéir, i ndáil le taifead (ach amháin maidir le taifead a bhaineann le riaradh ginearálta Oifig an Choimisinéara);
- (g) an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó oifigeach don Stiúrthóir, i ndáil le taifead arna shealbhú nó arna chruthú faoi Achtanna na gCuideachtaí (ach amháin maidir le taifead a bhaineann le riaradh ginearálta Oifig an Stiúrthóra);
- (h) boird oideachais agus oiliúna, a mhéid a bhaineann sé le haon taifid lena gcumasófaí faisnéis a thiomsú (nach bhfuil fáil ag an bpobal i gcoitinne uirthi ar shlí eile) maidir le feidhmiú comparáideach scoileanna i leith ghnóthachtáil acadúil na mac léinn atá rollaithe iontu, lena n-áirítear, agus gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo—
- (i) na torthaí foriomlána a fuair mic léinn i scoil áirithe i scrúdú nó i measúnacht in aon bhliain áirithe, nó
- (ii) na torthaí comparáideacha foriomlána a fuair mic léinn i scoileanna éagsúla i scrúdú nó i measúnacht in aon bhliain áirithe;
- (i) *Eirgrid plc*, seachas a mhéid a bhaineann sé le taifid atá ina sheilbh aige agus a bhaineann lena fheidhmeanna faoina cheadúnas oibritheora córais tarchurtha arna dheonú faoi alt 14(1)(e) den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999;
- (j) *ESB Networks Limited*, seachas a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir lena fheidhmeanna faoina cheadúnas oibritheora córais dáilte arna eisiúint faoi alt 14(1)(g) den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999;
- (k) an Binse Comhionannais, a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le seirbhísí idirghabhála a sholáthar faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2011, faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2012 nó faoi Achtanna na bPinsean, 1990 go 2012, i gcás go bhfuil na páirtithe sa phróiseas páirteach i gcáil dheonach chun iarracht a dhéanamh díospóidí den sórt sin a shocrú;
- (l) *Gaslink Independent System Operator Limited*, seachas a mhéid a bhaineann sé le taifid atá ina sheilbh aige maidir lena fheidhmeanna—
- (i) faoina cheadúnas oibritheora córais tarchurtha arna dheonú faoi alt 16(1)(d), nó

- (ii) faoina cheadúnas oibritheora córais dáilte arna dheonú faoi alt 16(1)(f),
- den Acht Gáis (Eatramhach)(Rialáil), 2002 (a leasaíodh le Rialachán 41(b) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach i nGás Nádúrtha agus sa Leictreachas), 2011 (I.R. Uimh. 630 de 2011));
- (m) Saotharlann Dlí-Eolaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir leis na feidhmeanna imscrúdaithe choiriúil dlí-eolaíochta a chomhlíonann an tSaotharlann sin, nó a éiríonn astu, lena n-áirítear samplaí a anailísiú nó i dtaca le himscrúdú a bheidh á dhéanamh ag an nGarda Síochána nó ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, agus i dtaca le gaireas agus trealamh a cheadú, a sholáthar, a thástáil agus a chothabháil;
- (n) an Garda Síochána, seachas a mhéid a bhaineann sé le taifid riaracháin maidir le hacmhainní daonna, nó cúrsaí airgeadais nó sainfhála;
- (o) Cigireacht an Gharda Síochána, a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le himscrúdú nó fiosrúchán arna dhéanamh ag an gCigireacht sin faoi alt 117(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005;
- (p) Iarnród Éireann, a mhéid a bhaineann sé le hoibriú Eoraphort Ros Láir agus a oibríochtaí fartha sa Stát;
- (q) Oifig an Choimisinéara Faisnéise, le linn a feidhmeanna faoin Acht seo nó faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007 (I.R. Uimh. 133 de 2007) a chomhlíonadh, seachas a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le riaradh ginearálta na bhfeidhmeanna sin;
- (r) Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, le linn a feidhmeanna faoi Chuid 2 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 a chomhlíonadh, seachas a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le riaradh ginearálta na bhfeidhmeanna sin;
- (s) an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, a mhéid a bhaineann sé le taifid—
- (i) maidir leis an gCoimisiún do sholáthar seirbhísí comhréitigh nó idirghabhála a bhaineann le díospóidí trádála a réiteach, i gcás go bhfuil na páirtithe sa phróiseas páirteach i gcáil dheonach chun iarracht a dhéanamh díospóidí den sórt sin a shocrú,
- (ii) maidir le soláthar Sheirbhís na gCoimisinéirí um Chearta a bhaineann le díospóidí faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2012 i gcás go bhfuil na páirtithe sa phróiseas páirteach i gcáil dheonach chun iarracht a dhéanamh díospóidí den sórt sin a shocrú; agus maidir le haon bhreitheanna agus moltaí arna dtabhairt nó arna ndéanamh maidir le díospóidí den sórt sin,

- (iii) maidir le soláthar seirbhísí comhairliúcháin i gcás nach de chineál ginearálta nó cineálach é ach a bhaineann go háirithe le páirtithe sonracha, nó
 - (iv) maidir le cruinnithe de chuid Comhchomhairlí Tionscail a bhaineann le díospóidí a réiteach;
- (t) an Chúirt Oibreachais, a mhéid a bhaineann sé le taifid—
- (i) maidir leis an gCúirt Oibreachais do sholáthar seirbhísí i ndíospóidí trádála a réiteach, lena n-áirítear díospóidí a imscrúdú agus seirbhísí idirghabhála nó comhréitigh faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2012 i gcás go bhfuil na páirtithe sa phróiseas páirteach i gcáil dheonach chun iarracht a dhéanamh díospóidí den sórt sin a shocrú; agus maidir le haon dréachtbhreitheanna i ndáil le díospóidí den sórt sin faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2012, nó
 - (ii) maidir le faisnéis arna soláthar ar bhonn rúnda ag na páirtithe dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*;
- (u) an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir leis na feidhmeanna imscrúdaithe choiriúil dlí-eolaíochta a chomhlíonann an Lia-Bhiúró faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2014, nó a éiríonn astu, lena n-áirítear samplaí a anailísiú agus gaireas agus trealamh a úsáidtear chun críche na nAchtanna sin a cheadú, a sholáthar, a thástáil agus a chothabháil;
- (v) an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir lena fheidhmeanna faoi ailt 13, 13A, 13B agus 17 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006;
- (w) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a mhéid a bhaineann sé le taifid—
- (i) maidir le comhlacht poiblí a shonraítear i *gCuid 2* den Sceideal seo is eintiteas tráchtála nó a fhaightear ó chomhlacht poiblí den sórt sin,
 - (ii) maidir le comhlíonadh a feidhmeanna faoi Chuid 2 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, seachas i ndáil le taifid a bhaineann le riaradh ginearálta na bhfeidhmeanna sin, nó
 - (iii) maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha ar a sealbhaíonn duine post mar chomhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta, seachas nuair atá an fhaisnéis sin i dtairfid i bhfoirm achomair nó i bhfoirm chomhchoiteann ionas nach féidir pearsana aonair a shainithint ón taifead;
- (x) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, a mhéid a bhaineann sé le taifid—

- (i) maidir le hinfheisteoirí nó infheisteoirí ionchasacha in aon urrús arna eisiúint ag an Aire Airgeadais nó ag aon cheann de na comhlachtaí sin, nó in aon tionscadal, ciste nó infheistíocht eile a ndéanann aon cheann de na comhlachtaí sin é nó í a bhainistiú nó a chur chun cinn nó ar infheisteoir ann nó inti aon cheann de na comhlachtaí sin,
 - (ii) maidir le cuideachtaí, gnólachtaí, cistí nó aon eintitis eile a bhfuil infheistíocht déanta ag aon cheann de na comhlachtaí sin ina dteannta nó iontu nó a bhféadfadh aon cheann de na comhlachtaí sin infheistíocht a dhéanamh ina dteannta nó iontu,
 - (iii) maidir le ceannaitheoirí nó ceannaitheoirí ionchasacha aon sócmhainne nó iasachta nó aon sócmhainne eile lena ndéantar iasachtaí a shealbhaíonn nó a bhainistíonn aon cheann de na comhlachtaí sin a urrú,
 - (iv) maidir le contrapháirtithe margaidh nó contrapháirtithe margaidh ionchasacha de chuid aon cheann de na comhlachtaí sin, nó
 - (v) maidir le díoltóirí sócmhainní a bheidh, nó a d'fhéadfadh a bheith, faighte ag aon cheann de na comhlachtaí sin nó ag aon chuideachta, gnólacht, ciste nó eintiteas eile ar infheisteoir inti nó ann aon cheann de na comhlachtaí sin;
- (y) Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le scrúdú nó imscrúdú arna dhéanamh ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána faoi Chuid 4 d'Acht an Gharda Síochána, 2005;
- (z) an tOmbudsman, a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le scrúdú nó imscrúdú arna dhéanamh ag an Ombudsman faoi na hAchtanna Ombudsman, 1980 go 2012;
- (aa) an tOmbudsman do Leanaí, a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le scrúdú nó imscrúdú arna dhéanamh ag an Ombudsman do Leanaí faoin Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002;
- (ab) an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais, a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le himscrúdú nó breithniú arna dhéanamh ag an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais faoi alt 57BK d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942;
- (ac) an tOmbudsman um Sheirbhísí Dlí, a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le himscrúdú arna dhéanamh ag an Ombudsman um Sheirbhísí Dlí faoin Acht fán Ombudsman um Sheirbhísí Dlí, 2009;
- (ad) an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann, a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le himscrúdú nó scrúdú arna dhéanamh ag an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann faoin Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004;
- (ae) an tOmbudsman Pinsean, a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le scrúdú nó imscrúdú arna dhéanamh ag an Ombudsman Pinsean faoi Acht na bPinsean, 1990;

- (af) na Coimisinéirí Ioncaim, i ndáil le taifead a bhaineann le teacht ar thuairim faoi alt 811 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 gur idirbheart seachanta cánach idirbheart, ach amháin maidir le taifead a cruthaíodh—
- (i) roimh an dáta a bheidh fógra tugtha ag oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim do dhuine go bhfuil an t-idirbheart ina ábhar d'fhiosrúchán chun a bhreithniú an dtabharfar, i ndáil leis, fógra faoin alt sin 811 maidir le tuairim sa chéill sin roimhe seo, nó
- (ii) más luaithe ná an dáta sin roimhe seo é, roimh an dáta a bheidh fógra faoi alt 811A den Acht sin faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil leis an idirbheart;
- (ag) Oifig an Phaiteolaí Stáit, a mhéid a bhaineann sé le taifid i dtaca le himscrúdú a bheidh á dhéanamh ag an nGarda Síochána, nó le taifid eile (nach mbaineann le riaradh ginearálta na hOifige) maidir le feidhmeanna arna gcomhlíonadh ag an Oifig faoin Acht Cróinéirí, 1962, nó a éireoidh as an gcéanna;
- (ah) an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe, le linn a fheidhmeanna faoin Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe, 2002 a chomhlíonadh, seachas a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le riaradh ginearálta na bhfeidhmeanna sin;
- (ai) an Coiste Athbhreithnithe um Shásamh i leith Foras Cónaithe, le linn a fheidhmeanna faoin Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe, 2002 a chomhlíonadh, seachas a mhéid a bhaineann sé le taifid maidir le riaradh ginearálta na bhfeidhmeanna sin.

Cuid 2

GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍOLMHAITHE

Bord bainistíochta arna bhunú faoi alt 14 den Acht Oideachais, 1998, seachas bord bainistíochta scoile a bheidh bunaithe nó faoi chothabháil ag bord oideachais agus oiliúna

Droicheadbhanc de réir bhrí alt 17 d'Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach), 2011

Bainc-Aontas Éireann, c.p.t.

An Post

Bord na Móna

Bus Átha Cliath — Dublin Bus

Bus Éireann

Coillte Teoranta

Coimisinéirí Soilse na hÉireann

Cuideachta Shealbhaíochta Chóras Iompair Éireann

Údarás Aerfort Chorcaí cpt.

Cuideachta Phort Dhroichead Átha

Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt.

Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath

Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire

Bord Soláthair an Leictreachais

Ervia

An Bord um Chur chun Cinn Sábháilteachta Bia (Bia Sábháilte)

Cuideachta Chuan na Gaillimhe

Údarás Eitlíochta na hÉireann

Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc Teoranta (faoi Leachtú Speisialta)

Corparáid Náisiúnta Pheitriam na hÉireann Teoranta

An Foras Teanga

Gníomhaireacht na Lochanna

Cuideachta an Chrannchuir Náisiúnta (de réir bhrí an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986)

An Gníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Cuideachta Phort Ros Mhic Thriúin

permanent tsb Group Holdings p.l.c.

Cuideachta Phort Chorcaí

Cuideachta Chalafort Phort Láirge

An Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach

An tÚdarás Slándála Príobháidí

Údarás Aerfort na Sionna cpt.

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

An Foras um Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh

Turasóireacht Éireann

An Comhlacht Forbartha Trádála agus Gnó (Idir-Thrádáil Éireann)

An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh

Sc.1 [Uimh. 30.] *An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014* [2014.]

Uiscebhealaí Éireann

Cuideachta Phort Chill Mhantáin

Alt 43

SCEIDEAL 2

AN COIMISINÉIR FAISNÉISE

1. Faoi réir an Sceidil seo, beidh aon duine a cheapfar mar Choimisinéir i seilbh oifige go ceann téarma 6 bliana agus féadfar é nó í a athcheapadh chun na hoifige don dara téarma nó do théarma dá éis.
2. Aon duine a cheapfar mar Choimisinéir—
 - (a) féadfaidh an tUachtarán, ar an duine féin á iarraidh sin, é nó í a scaoileadh ó oifig,
 - (b) féadfaidh an tUachtarán é nó í a chur as oifig ach ní chuirfear as oifig é nó í ach amháin mar gheall ar mhí-iompar sonraithe, éagumas nó féimheacht ná ansin féin ach tar éis do Dháil Éireann agus do Sheanad Éireann rúin a rith ag éileamh é nó í a chur as oifig,
 - (c) éireoidh sé nó sí as oifig ar chaoi ar bith ar 67 mbliana d'aois a shlánú.
3. (1) Más rud é, i gcás duine a shealbhaíonn oifig an Choimisinéara—
 - (a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,
 - (b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó d'údarás áitiúil nó chun Parlaimint na hEorpa, nó
 - (c) go measfar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,

scoirfidh sé nó sí, air sin, de bheith ina Choimisinéir nó ina Coimisinéir.

- (2) Aon duine a bheidh de thuras na huairé i dteideal faoi bhuanorduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun a cheaptha nó a ceaptha mar Choimisinéir.
4. Aon duine a bheidh i seilbh oifig an Choimisinéara, ní shealbhóidh sé nó sí aon oifig nó fostaíocht eile a bhfuil díolaíochtaí iníoctha ina leith (seachas oifig an Ombudsman) ná ní bheidh sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta de na hÓglaigh Cúltaca.
5. Íocfar leis an gCoimisinéir, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, cibé luach saothair agus cibé liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an tAire ó am go ham.
6. (1) Féadfaidh an tAire scéim nó scéimeanna a dhéanamh agus a chur i gcrích de réir a téarmaí, is scéim nó scéimeanna chun pinsin, aiscí nó liúntais a dheonú, ar scor nó ar bhás, do dhaoine a bhí i seilbh oifig an Choimisinéara nó i leith na ndaoine sin.
- (2) Féadfaidh an tAire, tráth ar bith, scéim nó scéimeanna lena leasaítear nó lena gcúlghairtear scéim faoin mír seo a dhéanamh agus a chur i gcrích de réir a téarmaí.

- (3) Déanfar scéim faoin mír seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.
7. (1) Féadfaidh an tAire cibé líon daoine a chinnfidh an tAire ó am go ham a cheapadh le bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Choimisinéara.
- (2) Beidh comhaltaí d'fhoireann an Choimisinéara ina státseirbhísigh i Státseirbhís an Stáit (de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956).
- (3) Féadfaidh an tAire na cumhachtaí is infheidhmithe aige nó aici faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus faoi Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005, mar an t-údarás cuí i ndáil le comhaltaí d'fhoireann an Choimisinéara a tharmligean chun an Choimisinéara agus, má dhéanann an tAire amhlaidh, ansin, fad a fhanfaidh an tarmligean i bhfeidhm—
- (a) beidh na cumhachtaí sin, in ionad iad a bheith infheidhmithe ag an Aire, infheidhmithe ag an gCoimisinéir, agus
- (b) is é nó is í an Coimisinéir, in ionad an Aire, an t-údarás cuí chun críocha an Achta seo i ndáil le comhaltaí d'fhoireann an Choimisinéara.
8. (1) Coimeádfaidh an Coimisinéir, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh nó a chaithfidh sé nó sí agus na cuntais speisialta sin go léir (más ann) a ordóidh an tAire.
- (2) Déanfaidh an Coimisinéir cuntais a choimeádfar de bhun na míre seo i leith gach bliana a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an bhliain ina dhiaidh sin, ar dháta nach déanaí ná dáta a shonróidh an tAire, lena n-íniúchadh agus, a luaithe is féidir tar éis an iniúchta, déanfaidh an Coimisinéir cóip de na cuntais sin, nó de cibé sleachta as na cuntais sin a shonróidh an tAire, mar aon le tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste maidir leis na cuntais, a thíolacadh don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de na doiciméid a tíolacadh dó nó di a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
9. Féadfaidh an Coimisinéir aon fheidhm de chuid an Choimisinéara (seachas na feidhmeanna sin faoin mír seo nó faoi *alt 47*) a tharmligean chuig comhalta d'fhoireann an Choimisinéara agus beidh éifeacht le *fo-alt (2)* go *(4) d'alt 20*, fara aon mhodhnuithe is gá, chun críocha tarmligean faoin mír seo amhail mar atá éifeacht leo chun críocha tarmligean faoin alt sin. Déanfar tagairtí san Acht seo don Choimisinéir a fhorléiriú, más cuí, ag féachaint d'aon tarmligean faoin mír seo, mar thagairtí a fholáíonn tagairtí d'aon duine a mbeidh feidhmeanna tarmligthe chuige nó chuici leis an tarmligean.
10. Beidh feidhm ag *mír 1* maidir le duine a cheapfar mar Choimisinéir cibé acu roimh thosach feidhme an Achta seo nó dá éis.

[2014.]

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

[Uimh. 30.]

Ailt 35 agus 41

SCEIDEAL 3

ACHTACHÁIN A EISIATAR Ó FHEIDHM *Alt 41*

Cuid 1

REACHTANNA

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)
Uimh. 26 de 1946	An tAcht Caidrimh Thionscail, 1946	Alt 22.
Uimh. 28 de 1947	An tAcht Sláinte, 1947	Alt 54(3).
Uimh. 1 de 1963	An tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963	Ailt 4, 5 agus 9.
Uimh. 14 de 1969	An tAcht Caidrimh Thionscail, 1969	Alt 14.
Uimh. 30 de 1976	An tAcht Gáis, 1976	Alt 20.
Uimh. 5 de 1979	An tAcht um Údarás na Gaeltachta, 1979	Alt 15.
Uimh. 36 de 1980	An tAcht um Bord Scannán na hÉireann, 1980	Alt 18.
Uimh. 24 de 1983	An tAcht Seirbhísi Poist agus Teileachumarsáide, 1983	Alt 37.
Uimh. 9 de 1986	An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1986	Ailt 42 agus 43.
Uimh. 31 de 1986	An tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986	Alt 22.
Uimh. 6 de 1987	An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987	Alt 16(4).
Uimh. 15 de 1987	An tAcht um Áiseanna Saothair, 1987	Alt 13.
Uimh. 18 de 1988	An tAcht Talmhaíochta (Taighde, Oilíúint agus Comhairle), 1988	Alt 14.
Uimh. 26 de 1988	An tAcht Foraoiseachta, 1988	Alt 33.
Uimh. 18 de 1990	An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990	Alt 14.
Uimh. 19 de 1990	An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990	Alt 25(6).
Uimh. 25 de 1990	Acht na bPinsean, 1990	Alt 24.
Uimh. 25 de 1990	Acht na bPinsean, 1990	Alt 145 (a cuireadh isteach le hAcht na bPinsean (Leasú), 2002).
Uimh. 2 de 1991	An tAcht um Fhoras na Mara, 1991	Alt 15.
Uimh. 9 de 1991	An tAcht um Chosaint Raideolaíoch, 1991	Alt 36(1)(d).
Uimh. 7 de 1992	An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992	Alt 39.
Uimh. 14 de 1993	Acht na mBóithre, 1993	Alt 38.
Uimh. 19 de 1993	An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 1993	Mír 4 den Dara Sceideal.
Uimh. 29 de 1993	An tAcht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993	Alt 35.
Uimh. 16 de 1994	An tAcht Árachais Sláinte, 1994	Alt 34(1).

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)
Uimh. 18 de 1994	An tAcht um Thionscal Rásaíochta Capall na hÉireann, 1994	Alt 17.
Uimh. 22 de 1994	An tAcht um an mBord Bia, 1994	Alt 26.
Uimh. 25 de 1994	Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994	Alt 16(1).
Uimh. 29 de 1995	An tAcht um Bord Leigheasra na hÉireann, 1995	Alt 23.
Uimh. 4 de 1996	An tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú), 1996	Alt 8.
Uimh. 11 de 1996	An tAcht Cuanta, 1996	Alt 33.
Uimh. 39 de 1997	An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997	Alt 857.
Uimh. 24 de 1998	An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Leasú), 1998	Alt 36.
Uimh. 29 de 1998	An tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998	Alt 43(1).
Uimh. 42 de 1998	An tAcht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998	Alt 18.
Uimh. 23 de 1999	An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999	Alt 13.
Uimh. 1 de 2000	An tAcht um Chomhairle, 2000	Alt 18.
Uimh. 1 de 2001	An tAcht um Rialáil Eitlíochta, 2001	Alt 19.
Uimh. 43 de 2001	An tAcht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2001	Alt 23.
Uimh. 54 de 2001	An tAcht fán nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001	Alt 21.
Uimh. 55 de 2001	An tAcht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001	Alt 30.
Uimh. 9 de 2002	Acht na dTithe (Forálacha Ighnéitheacha), 2002	Alt 13.
Uimh. 10 de 2002	An tAcht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002	Alt 19.
Uimh. 20 de 2002	An tAcht um Rialáil Cumarsáide, 2002	Alt 24.
Uimh. 10 de 2003	An tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003	Alt 22.
Uimh. 23 de 2003	An tAcht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003	Alt 27.
Uimh. 24 de 2003	An tAcht Ealaíon, 2003	Alt 20.
Uimh. 42 de 2004	An tAcht Sláinte, 2004	Alt 26.
Uimh. 22 de 2005	An tAcht um Chleachtadh Tréidliachta, 2005	Alt 25.
Uimh. 10 de 2005	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Alt 73.
Uimh. 31 de 2005	An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid, 2005	Alt 21(1).
Uimh. 8 de 2006	An tAcht Iascaigh Mhara agus Dlíne Muirí, 2006	Alt 58.

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	An Fhoráil (3)
Uimh. 14 de 2006	An tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006	Alt 26.
Uimh. 17 de 2006	An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006	Alt 12(4).
Uimh. 19 de 2006	An tAcht um Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt, 2006	Alt 17.
Uimh. 21 de 2006	An tAcht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006	Alt 23.
Uimh. 23 de 2007	An tAcht Sláinte, 2007	Alt 84.
Uimh. 19 de 2007	An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007	Alt 32.
Uimh. 7 de 2007	An tAcht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, 2007	Alt 24.
Uimh. 15 de 2008	An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008	Alt 38.
Uimh. 10 de 2010	An tAcht um Iascach Intíre, 2010	Alt 36.
Uimh. 41 de 2011	Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011	Alt 17.
Uimh. 28 de 2012	An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oilíúint), 2012	Mír 13 de Sceideal 1.

Cuid 2

IONSTRAIMÍ REACHTÚLA

Ainm agus Bliain (1)	Teideal na hIonstraime (2)	An Fhoráil (3)
Uimh. 105 de 1971	Na Rialacháin um Sheirbhísí Sláinte, 1971.	Airteagal 5.
Uimh. 187 de 1971	An tOrdú um Bord Ospidéal San Séam (Bunú), 1971.	Airteagal 29.
Uimh. 175 de 1983	An tOrdú um Chomhairle na Seirbhísí Dóiteáin (Bunú), 1983.	Airteagal 13.
Uimh. 222 de 1983	Rialacháin na dTithe (An Binse Cíosa), 1983.	Airteagal 14(3).
Uimh. 279 de 1986	An tOrdú um Bord Taighde Sláinte (Bunú), 1986.	Airteagal 23.
Uimh. 252 de 1994	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feistí Liachta), 1994.	Airteagail 24(A) agus 26(1)(c).
Uimh. 253 de 1994	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feistí Liachta Inionphlandaithe Gníomhacha), 1994.	Airteagal 20(1)(c).
Uimh. 376 de 1999	An tOrdú fán gComhairle Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnáimhseachais (Bunú), 1999.	Airteagal 25.
Uimh. 109 de 2000	An tOrdú fán gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (Bunú), 2000.	Airteagal 35.

Ainm agus Bliain (1)	Teideal na hIonstraime (2)	An Fhoráil (3)
Uimh. 304 de 2001	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feistí Liachta Diagnóiseacha In Vitro), 2001.	Airteagail 17(4)(c) agus 20.
Uimh. 179 de 2004	An tOrdú fá Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú), 2004.	Airteagal 16.
Uimh. 451 de 2004	An tOrdú um an gComhairle Náisiúnta Haemaifilia (Bunú), 2004.	Airteagal 23.

[2014.]

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

[Uimh. 30.]

Alt 5

SCEIDEAL 4

AISGHAIM

Cuid 1

REACTANNA

Lua (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
Uimh. 13 de 1997	An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997	An tAcht iomlán.
Uimh. 9 de 2003	An tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003	An tAcht iomlán.
Uimh. 23 de 2004	An tAcht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004	Alt 40.
Uimh. 25 de 2007	Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007	Alt 14(4) agus (5) agus alt 95(3).
Uimh. 23 de 2011	An tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011	Alt 48.
Uimh. 41 de 2011	Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011	Alt 19(4) agus (5) agus alt 91(3).
Uimh. 44 de 2012	An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012	Alt 22.

Cuid 2

IONSTRAIMÍ REACTÚLA

Lua (1)	Gearrtheideal (1)	Méid na hAisghairme (3)
I.R. Uimh. 128 de 2001	Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Comhlachtaí Forordaithe) (Uimh. 3), 2001.	An ionstraim iomlán.

Alt 54

SCEIDEAL 5

IONSTRAIMÍ REACTÚLA A LEANANN I BHFEIDHM

Uimhir agus Bliain (1)	Teideal na hIonstraime (2)
Uimh. 139 de 1998	Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Alt 47(3)), 1998.
Uimh. 520 de 1998	Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Alt 25(6)), 1998.
Uimh. 46 de 1999	Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Alt 6(4)(b)), 1999.
Uimh. 329 de 1999	Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Comhlachtaí Forordaithe), 1999.
Uimh. 115 de 2000	Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Comhlachtaí Forordaithe) (Uimh. 2), 2000.
Uimh. 127 de 2001	Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Comhlachtaí Forordaithe) (Uimh. 2), 2001.
Uimh. 368 de 2001	Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Aicmí de Ghairmithe Sláinte), 2001.
Uimh. 264 de 2003	Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Táilí), 2003.
Uimh. 385 de 2009	Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Alt 17(6)), 2009.
Uimh. 386 de 2009	Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Alt 18(5A)), 2009.
Uimh. 387 de 2009	Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Alt 28(6)), 2009.